2025/906

22.5.2025

CINNEADH (AE) 2025/906 ÓN gCOIMISIÚN

an 22 Samhain 2024

maidir le Státchabhair SA.48580 (2017/C) arna cur chun feidhme ag an nGearmáin le haghaidh WestSpiel

(tugadh fógra faoi leis an doiciméad C(2024) 8105)

(Is é an téacs Gearmáinise amháin atá barántúil)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe an chéad fhomhír d'Airteagal 108(2) de,

Ag féachaint don Chomhaontú ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch, agus go háirithe Airteagal 62(1)(a) de,

Tar éis a iarraidh ar pháirtithe leasmhara a mbarúlacha a chur isteach ([1]) agus ag féachaint dá gcuid barúlacha,

De bharr an mhéid seo a leanas:

1. NÓS IMEACHTA

(1) I litir dar dáta an 20 Meitheamh 2017, fuair an Coimisiún dhá ghearán a rinne an comhlacht hallaí cearrbhachais (*Fachverband Spielhallen e.V.*, 'FSH') agus gearánach eile (ar a dtugtar 'na gearánaigh' le chéile) a bhaineann leis an státchabhair líomhnaithe arna tabhairt do Westdeutsche Spielbanken GmbH & Co. KG ('WestSpiel') ag *Land* na Réine Thuaidh-Viostfáile (*Nordrhein-Westfalen*, 'NRW').

(2) Cláraíodh na gearáin ar leithligh faoi chásanna SA.48580 agus SA.48842. An 16 Aibreán 2018, rinne an Coimisiún an dá chomhad a chumasc faoi chás SA.48580.

(3) An 2 Lúnasa 2018, chuir an Coimisiún an leagan neamhrúnda de na gearáin ar aghaidh chuig an nGearmáin agus d'iarr sé faisnéis bhreise. Tar éis síneadh leis an sprioc-am chun freagra a thabhairt a iarraidh agus a fháil, chuir an Ghearmáin a barúlacha maidir leis na gearáin isteach agus thug freagra ar an iarraidh ar fhaisnéis i litir dar dáta an 2 Deireadh Fómhair 2018.

(4) An 6 Feabhra 2019, d'iarr an Coimisiún doiciméid bhreise ón nGearmáin, agus sholáthair an Ghearmáin na doiciméid sin an 22 Feabhra 2019. An 12 Meitheamh 2019, chuir an Coimisiún an leagan neamhrúnda d'aighneacht na Gearmáine an 2 Deireadh Fómhair 2018 ar aghaidh chuig na gearánaigh, agus d'iarr sé orthu a dtuairimí a chur in iúl maidir leis na hargóintí a rinne an Ghearmáin. An 8 Lúnasa 2019, chuir na gearánaigh isteach a dtuairimí maidir le hargóintí na Gearmáine, agus choinnigh siad a ngearáin ar bun.

(5) An 8 Deireadh Fómhair 2019, d'iarr an Coimisiún doiciméid bhreise ón nGearmáin, agus soláthraíodh na doiciméid sin an 24 Deireadh Fómhair 2019.

(6) I litir dar dáta an 9 Deireadh Fómhair 2019, d'iarr na gearánaigh go foirmiúil ar an gCoimisiún cinneadh a ghlacadh maidir leis an ábhar, de bhun Airteagal 265(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh ('CFAE').

(7) I litir dar dáta an 9 Nollaig 2019, chuir an Coimisiún an Ghearmáin ar an eolas gur chinn sé an nós imeachta imscrúdaithe foirmiúil a leagtar síos in Airteagal 108(2) CFAE a thionscnamh ('an cinneadh tosaigh'). I ríomhphost dar dáta an 15 Eanáir 2020, dheimhnigh an Ghearmáin nach raibh aon fhaisnéis rúnda sa chinneadh tosaigh.

([1]) IO C 59, 21.2.2020, lch. 14.

(8) Foilsíodh cinneadh an Choimisiúin an nós imeachta a thionscnamh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* ([2]). D'iarr an Coimisiún ar pháirtithe leasmhara a mbarúlacha maidir leis an gcabhair/leis an mbeart líomhnaithe a chur isteach.

(9) An 27 Eanáir 2020, chuir an Coimisiún aighneacht na ngearánach an 8 Lúnasa 2019 ar aghaidh chuig an nGearmáin.

(10) An 2 Márta 2020, chuir an Ghearmáin isteach barúlacha maidir leis an gcinneadh tosaigh agus ar aighneacht na ngearánach an 8 Lúnasa 2019. Tar éis comhdháil ghutháin idir an Coimisiún agus an Ghearmáin an 3 Meitheamh 2020, rinne an Ghearmáin barúlacha breise i scríbhinn a chur isteach an 17 Meitheamh 2020 inar thug sí bunús lena seasamh. Níor cuireadh isteach aon bharúil ó thríú páirtí faoin sprioc-am a leagadh síos sa chinneadh tosaigh.

(11) Chuir na gearánaigh barúlacha isteach an 6 Lúnasa 2020, agus sholáthair an Ghearmáin barúlacha orthu sin an 1 Deireadh Fómhair 2020.

(12) An 18 Nollaig 2020, rinne an Ghearmáin nuashonruithe maidir le príobháidiú WestSpiel a chur faoi bhráid an Choimisiúin. Rinne an Ghearmáin nuashonruithe breise maidir leis an bpróiseas príobháidithe céanna a chur isteach an 2 Feabhra 2021. An 10 Feabhra 2021, rinne an Ghearmáin amlíne tháscach a chur faoi bhráid an Choimisiúin inar léirigh sí na bearta a bhí beartaithe aici chun próiseas príobháidithe WestSpiel a thabhairt chun críche.

(13) An 11 Feabhra 2021, sheol an Coimisiún iarraidh ar fhaisnéis ar thug an Ghearmáin freagra uirthi an 25 agus an 26 Feabhra 2021.

(14) An 16 Márta 2021, rinne WestSpiel barúlacha maidir leis an gcás agus nuashonruithe ar an bpróiseas maidir le díol WestSpiel a chur isteach. An 24 Márta 2021, reáchtáil an Coimisiún glaoch gutháin leis an nGearmáin.

(15) Sholáthair an Ghearmáin faisnéis bhreise don Choimisiún an 20 Iúil agus an 8 Meán Fómhair 2021.

(16) An 14 Márta 2022, sheol an Coimisiún iarraidh bhreise ar fhaisnéis ar thug an Ghearmáin freagra uirthi an 4 Aibreán 2022. Sheol an Coimisiún iarraidh eile ar fhaisnéis an 11 Iúil 2022 ar thug an Ghearmáin freagra uirthi an 18 Iúil 2022.

(17) An 12 Bealtaine 2023, sheol an Coimisiún iarraidh bhreise ar fhaisnéis ar thug an Ghearmáin freagra uirthi an 14 Iúil 2023.

2. TUAIRISC MHIONSONRAITHE AR AN gCABHAIR

2.1. An comhthéacs dlíthiúil tráth a deonaíodh na bearta líomhnaithe

(18) Is é is ábhar don chás seo an tacaíocht airgeadais a fuair WestSpiel ón Stát sa tréimhse idir 2009 agus 2015 trí na bearta a dtugtar tuairisc orthu thíos i roinn 2.3.

(19) Tráth a deonaíodh na bearta líomhnaithe, i.e. sa tréimhse idir 2009 agus 2015 i gcás an chumhdaigh caillteanais bhliantúil agus in 2015 i gcás an insteallta caipitil, rinne córas dlí na Gearmáine idirdhealú idir dhá chineál cluiche áidh.

(20) Ar thaobh amháin, d'fhéadfadh hallaí cearrbhachais speisialaithe nó bialanna meaisíní cearrbhachais áirithe a oibriú gan srian, ar choinníoll gur comhlíonadh rialacha an rialacháin maidir le cluichí (*Spielverordnung*). I gcomhréir leis na rialacháin réigiúnacha maidir le hallaí cearrbhachais (*Spielhallengesetze der Bundesländer*), bhí gá le ceadúnas chun hallaí cearrbhachais (príobháideacha) tráchtála (*gewerbliche Spielhallen*) a oibriú.

([2]) Cinneadh ón gCoimisiún an 9 Nollaig 2019 maidir le státchabhair SA.48580 (2017/FC) – Cabhair líomhnaithe do WestSpiel (IO C 59C59, 21.2.2020, lch. 14).

(21) Ar an taobh eile, cearrbhachas beo nó cluichí casaíne (blackjack, rúiléid, etc.) (i.e. '*großes Spiel*' mar a thugtar orthu) agus cluichí meaisín cearrbhachais eile, measadh go raibh riosca rómhór ag baint leo; dá bhrí sin, bhí cosc i bprionsabal ar chluichí den sórt sin a thairiscint. De mhaolú ar an riail sin, bhí *Länder* na Gearmáine inniúil chun cead a thabhairt d'oibreoirí áirithe (oibreoirí poiblí den chuid is mó) (*Spielbankunternehmen*) cluichí den sórt sin a thairiscint, trí cheadúnais a dheonaítear ar leibhéal réigiúnach, ar bhonn na gcoinníollacha a leagtar síos le dlíthe na n-achtanna faoi seach maidir le cearrbhachas (*Spielbankgesetze*).

(22) Leagadh síos cuspóirí SpielbG NRW ([3]) in Airteagal 1 SpielbG NRW. Go háirithe, ba é an cuspóir rialála cosc a chur ar an andúil i gcluichí áidh agus sa ghealltóireacht, chun instinn chearrbhachais nádúrtha an daonra a threorú de réir conairí ordaithe faoi fhaireachán, chun cosaint imreoirí agus na hóige a áirithiú, agus chun iompar cuí oibreoirí agus oibriú ordúil trédhearcach cluichí áidh a áirithiú.

(23) I gcomhréir le hAirteagal 2(2) SpielbG NRW, d'fhéadfaí suas le cúig chasaíne phoiblí a údarú in NRW. I gcodarsnacht leis an gcás in *Länder* eile, ní dhearnadh foráil in SpielbG NRW go bhféadfaí ceadúnais a dheonú freisin d'oibreoirí príobháideacha sular díoladh WestSpiel. I bhfianaise na gceanglas a leagtar amach in Airteagail 2(1) agus 3(1) SpielbG NRW, bhí WestSpiel ar an aon cheadúnaí casaíní in NRW *de facto*, agus in 2019 bhí ceithre chasaíne á n-oibriú aige in Aachen, Bad Oeynhausen, Dortmund (Hohensyburg) agus Duisberg. Bhí 'creat-cheadúnas' mar a thugtar air ag WestSpiel ó bhí 1975 ann.

2.2. **An tairbhí**

(24) Oibreoir casaíní ab ea WestSpiel a bhí gníomhach in NRW. Roimh chumasc WestSpiel le Westdeutsche Spielbanken GmbH ('WestSpiel GmbH') ar cuideachta theoranta é ([4]) an 13 Eanáir 2021 (féach aithris (29)), ba é NRW.BANK comhpháirtí teoranta aonair *(Kommanditistin)* WestSpiel agus ba é WestSpiel GmbH comhpháirtí faoi dhliteanas pearsanta nó comhpháirtí ginearálta (*Komplementärin*) WestSpiel.

(25) An 26 Samhain 2015, rinne NRW agus NRW.BANK comhaontú iontaobhaí ('an comhaontú iontaobhaí') ar dá réir:

— a ghabh NRW air féin, tar éis tabhairt i gcrích comhaontaithe comhpháirtíochta díomhaoine idir NRW.BANK agus WestSpiel, suim EUR 64,8 milliún a sholáthar do NRW.BANK; agus

— a ghabh NRW.BANK air féin glacadh leis na cistí iontaobhais sin, iad a úsáid go heisiach chun comhpháirtíocht dhíomhaoin a bhunú, ina ainm féin ach thar ceann NRW, le WestSpiel de bhun Airteagail 230 et seq. de Chód Tráchtála na Gearmáine (*Handelsgesetzbuch, HGB*) i gcomhréir leis an gcomhaontú comhpháirtíochta díomhaoine, agus sa chomhthéacs sin ranníocaíocht EUR 64,8 milliún ('ranníocaíocht dhíomhaoin') a dhéanamh le WestSpiel.


(26) An 1 Nollaig 2015, rinneadh comhaontú comhpháirtíochta díomhaoine idir NRW.BANK agus WestSpiel. Sa chomhaontú sin, bhí oibleagáid NRW.BANK an ranníocaíocht dhíomhaoin EUR 64,8 milliún a chur ar fáil do WestSpiel tar éis insreabhadh na gcistí isteach go NRW.BANK mar iontaobhaí. Tar éis thabhairt i gcrích an chomhaontaithe comhpháirtíochta díomhaoine idir NRW.BANK agus WestSpiel agus tar éis do NRW.BANK na cistí a fháil, ranníoc NRW.BANK na cistí ar mhéid EUR 64,8 milliún le WestSpiel. An ranníocaíocht dhíomhaoin EUR 64,8 milliún sin (a bhí le clárú i gcuntas ranníocaíochta díomhaoine ar leith), léiríodh í i gcothromas WestSpiel taobh le ranníocaíocht NRW.BANK mar chomhpháirtí teoranta WestSpiel.

([3]) In NRW, gníomhaíochtaí cearrbhachais a thairgtear i gcasaíní, tá siad faoi réir acht cearrbhachais NRW (Gesetz über die Zulassung öffentlicher Spielbanken im Land Nordrhein-Westfalen, *Spielbankgesetz NRW*, 'SpielbG NRW'). Tar éis na bearta a dheonú, leasaíodh SpielbG NRW le hAirteagal 35, roinn 2, de dhlí an 29 Bealtaine 2020; GV. NRW. Ausgabe 2020 Nr. 19 vom 2.6.2020 Seite 357 bis 380 | RECHT.NRW.DE.

([4]) Ní dhearna WestSpiel GmbH aon ranníocaíocht le caipiteal WestSpiel agus, dá bhrí sin, ní raibh aon sciar den chaipiteal á shealbhú aige. Mar chomhpháirtí ginearálta (gan ranníocaíocht chaipitil), bhí WestSpiel GmbH freagrach as bainistiú gnó WestSpiel. Thairis sin, ba é WestSpiel GmbH comhpháirtí ginearálta Casino Duisburg GmbH & Co. KG, an iar-fhochuideachta 100 % de WestSpiel, gan aon sciar den chaipiteal, agus dá bhrí sin bhí sé freagrach freisin as bainistiú gnó Casino Duisburg GmbH & Co. KG. Níor ghabh WestSpiel GmbH d'aon ghnó oibriúcháin.

(27) An 4 Eanáir 2021, rinne NRW.BANK, WestSpiel agus – i bhfianaise an chumaisc idir WestSpiel agus WestSpiel GmbH – WestSpiel GmbH comhaontú díscaoilte ar dá bhun a díscaoileadh an chomhpháirtíocht dhíomhaoin idir NRW.BANK agus WestSpiel le héifeacht ón 8 Eanáir 2021 agus ar foirceannadh í tar a éis sin. An ranníocaíocht dhíomhaoin a bhí fágtha dar luach (tar éis rannpháirtíocht chaillteanais) thart ar EUR 46,5 milliún (EUR 46 516 909,42 go baileach), aisíocadh le NRW í.

(28) Choimeád WestSpiel foirm dhlíthiúil comhpháirtíochta teoranta (*Kommanditgesellschaft*) go dtí an 13 Eanáir 2021. Ba é NRW.BANK comhpháirtí teoranta aonair WestSpiel agus ba é WestSpiel GmbH an comhpháirtí faoi dhliteanas pearsanta nó an comhpháirtí ginearálta, mar a shonraítear thuas. Is le NRW amháin NRW.BANK, agus bhí sé ar scairshealbhóir aonair WestSpiel GmbH freisin. Tar éis an 13 Eanáir 2021, le sciar EUR 35,5 milliún den chaipiteal, a chomhfhreagair don ranníocaíocht faoi dhliteanas (*Hafteinlage*), bhí 100 % de na scaireanna in WestSpiel ag NRW.BANK (Airteagal 3 d'airteagail chomhlachais WestSpiel an 1 Nollaig 2007, sa leagan is úire).



(29) I gcomhthéacs atheagrú níos leithne ghrúpa WestSpiel, a rinneadh go háirithe chun tacú le díol (beartaithe) an ghrúpa agus chun an díol sin a éascú, rinne WestSpiel GmbH agus WestSpiel comhaontú cumaisc nótaireachta an 22 Nollaig 2020 ar dá bhun – bunaithe ar ráitis airgeadais WestSpiel ón 31 Nollaig 2019 – a d'aistrigh WestSpiel iomlán a shócmhainní go WestSpiel GmbH, le héifeacht ón 1 Eanáir 2020, i gcomhréir le dlí na gcuideachtaí sa Ghearmáin. Tugadh éifeacht dlí don chumasc sin nuair a cláraíodh an cumasc leis an gclár tráchtála inniúil an 13 Eanáir 2021, agus tháinig WestSpiel GmbH chun bheith ina chomharba dlíthiúil WestSpiel mar thoradh air sin.

(30) I mí Mheán Fómhair 2021, tar éis nós imeachta tairisceana ([5]), díoladh WestSpiel le Gauselmann Group ([6]) ([7]). De réir faisnéis atá ar fáil go poiblí ([8]), tar éis an díola, bíonn gníomhaíochtaí WestSpiel sna ceithre chasaíne in Aachen, Bad Oeynhausen, Dortmund (Hohensyburg) agus Duisberg á n-oibriú anois faoi ainm 'Merkur Spielbanken NRW GmbH' ([9]).

([5]) https://igamingbusiness.com/nordrhein-westfalen-launches-westspiel-privatisation-tender/.
([6]) De réir aighneacht na Gearmáine an 4 Aibreán 2022, margadh scaireanna seachas margadh sócmhainní a bhí i ndíol WestSpiel. Díoladh scaireanna WestSpiel le Gauselmann Group ar phraghas EUR 141,8 milliún. Shoiléirigh an Ghearmáin freisin go bhfuil foráil sa Chomhaontú Ceannaithe Scaireanna do laghdú féideartha ar an bpraghas ceannaigh (amach anseo) maidir le méid aon státchabhair a ghnóthaítear, suas le huasmhéid EUR 30 milliún, a íocfar le WestSpiel i gcás gnóthú státchabhrach atá ceangailteach ó thaobh dlí; fógraíodh na coinníollacha sin roimh ré agus tairgeadh iad go cothrom do gach tairgeoir a chuir spéis i gceannach scaireanna WestSpiel.
([7]) An téarma 'WestSpiel' a shainmhínítear in aithris (1) thuas, tagraíonn sé freisin don eintiteas a cumascadh, agus a díoladh tar a éis sin.
([8]) https://www.waz.de/wirtschaft/gauselmann-gruppe-uebernimmt-westspiel-casinos-in-nrw-id232845809.html.
([9]) Féach sonraí an eintitis sa chlár tráchtála inniúil (Registerportal | Homepage).

(31) Ina freagra an 4 Aibreán 2022, mhínigh an Ghearmáin nár tháinig athrú ar phearsantacht dhlítheanach WestSpiel tar éis a dhíola: leanfaí de ghníomhaíochtaí na cuideachta ar a cuntas féin san eintiteas dlítheanach céanna. Níor athraíodh ach ainm na cuideachta go 'Merkur Spielbanken NRW GmbH', agus níor tháinig aon athrú ar an uimhir sa chlár tráchtála (Duisburg HRB 19356).

(32) Comhthéacs staid fhioscach agus rialála WestSpiel – tráth a deonaíodh na bearta líomhnaithe – tá sé an-ábhartha le haghaidh an cháis seo ([10]). Bhí WestSpiel faoi réir ghnáthchóras cánach na Gearmáine (cáin chorparáide, cáin ghnó) maidir leis an ioncam arna ghiniúint ó ghníomhaíochtaí nach mbaineann le cearrbhachas (e.g. bialanna). A mhéid a bhaineann le gníomhaíochtaí cearrbhachais, bhí WestSpiel faoi réir córas cánach sonrach (Airteagail 12 agus 13 SpielbG NRW (seanleagan)) ([11]). Ar an ollioncam ó chearrbhachas, seachas ar bhrabús, a toibhíodh cánacha den chuid ba mhó. Bhí WestSpiel faoi réir chánachas 30 % ar ollioncam a gcasaíní ó chearrbhachas (arna mhéadú le 10 bpointe céatadáin eile i gcásanna inar mhó an t-ollioncam bliantúil ó chearrbhachas ná EUR 15 mhilliún in aghaidh an chasaíne) de bhun Airteagal 12 SpielbG NRW (seanleagan). Bhí WestSpiel faoi réir chánachas 15 % eile ar an ollioncam ó chearrbhachas, dá ngairtear 'fáltais bhreise' (*Zusätzliche Leistungen*) orthu, de bhun Airteagal 13 SpielbG NRW (seanleagan). I gcomhréir le hAirteagal 12 SpielbG NRW (seanleagan), ba é ab aidhm don cháin a toibhíodh gníomhaíochtaí ar mhaithe leis an leas ginearálta a mhaoiniú.

(33) Anuas ar na cánacha sin ar an ollioncam ó chearrbhachas, ceanglaíodh le hAirteagal 14 SpielbG NRW (seanleagan) ar WestSpiel 75 % (agus níos mó i gcásanna áirithe) dá bhrabús a aistriú chuig NRW trí bhíthin sásra scimeála brabúis. Murab ionann agus an cánachas ar an ollioncam ó chearrbhachas faoi Airteagail 12 agus 13 SpielbG NRW (seanleagan), bhí feidhm ag an sásra scimeála brabúis maidir le gníomhaíochtaí foriomlána na cuideachta (i.e. ní raibh sé teoranta don bhrabús a gineadh trí ghníomhaíochtaí cearrbhachais). Go háirithe, bhí feidhm leis maidir le díol na saothar ealaíne in 2014.

2.3. **Na bearta líomhnaithe**

(34) De réir na ngearánach, bheadh státchabhair neamhdhleathach agus neamh-chomhoiriúnach faighte ag WestSpiel faoi na trí bheart seo a leanas:

(a) cumhdach caillteanais bhliantúil líomhnaithe ag a scairshealbhóir NRW.BANK ó bhí 2009 ann;

(b) deonú líomhnaithe ceadúnais chun an cúigiú casaíne a oibriú in Köln;

(c) instealladh caipitil líomhnaithe EUR 64,8 milliún in 2015.

(35) Níor thionscain an Coimisiún an nós imeachta foirmiúil ach maidir le bearta (a) agus (c) thuas sa chinneadh tosaigh. Ghlac sé cinneadh gan agóid maidir le beart (b) thuas ar an bhforas nár chabhair a bhí sa deonú líomhnaithe ceadúnais do WestSpiel chun an cúigiú casaíne a oibriú in Köln (féach aithris 97 agus an chonclúid leis an gcinneadh tosaigh). Dá bhrí sin, ní thagann an beart sin faoi raon feidhme an Chinnidh seo, agus ní dhéileálfar ann ach le bearta (a) agus (c) thuas.

2.3.1. *Cumhdach caillteanais bhliantúil*

(36) Líomhnaíonn na gearánaigh go mbeadh cumhdach caillteanais bhliantúil faighte ag WestSpiel ó NRW.BANK, a chomhpháirtí teoranta aonair, ó 2009 go 2015.

([10]) An cheist maidir le cibé acu a bhaineann nó nach mbaineann státchabhair neamhdhleathach le cóireáil cánach dhifreáilte WestSpiel, tá sí ina hábhar de Chinneadh C(2019) 8819 final ón gCoimisiún an 9 Nollaig 2019 maidir le státchabhair SA.44944 2019/C) (ex 2019/FC) agus SA.53552 (2019/C) (ex 2019/FC) — Cóireáil cánach oibreoirí casaíní poiblí sa Ghearmáin agus ráthaíocht líomhnaithe le haghaidh oibreoirí casaíní poiblí sa Ghearmáin (IO C 187, 5.6.2020, lch. 80). Rinneadh achomharc in aghaidh an Chinnidh i gcás T-510/20; dhiúltaigh an Chúirt Ghinearálta don achomharc ina hordú an 22 Deireadh Fómhair 2021, *Fachverband Spielhallen agus LM v an Coimisiún*, T-510/20, ECLI:EU:T:2021:745. Rinneadh achomharc in aghaidh ordú na Cúirte Ginearálta i gcás C-831/21 P.

([11]) Ba é sin leagan SpielbG NRW an 13 Samhain 2012 (GV. NRW. S. 524, 530; SpielbG NRW 2012,NW - Spielbankgesetz NRW - Gesetze des Bundes und der Länder (lexsoft.de)) sular leasaíodh é le hAirteagal 35, roinn 2, de dhlí an 29 Bealtaine 2020.

(37) Cé gur éirigh le WestSpiel brabús a ghiniúint fós idir 2005 agus 2008, níor éirigh leis an gcuideachta leanúint de bhrabús a ghiniúint sna blianta ina dhiaidh sin. Ar an iomlán, idir 2009 agus 2015, ghin WestSpiel ollioncam bliantúil ó chearrbhachas dar luach tuairim is EUR 79,6 milliún go EUR 101,1 milliún. De thoradh an chánachais ar an ollioncam ó chearrbhachas faoi Airteagail 12 agus 13 SpielbG NRW (seanleagan), ghin WestSpiel caillteanais fhoriomlána idir tuairim is EUR 3,5 milliún agus EUR 9 milliún idir 2009 agus 2013 agus in 2015 ([12]). Os a choinne sin, fuarthas ioncam urghnách tuairim is EUR 114,4 milliún in 2014 toisc gur dhíol WestSpiel dhá shaothar ealaíne, agus is mar gheall air sin a ghin WestSpiel brabús foriomlán tuairim is EUR 86,4 milliún an bhliain sin.

(38) Torthaí bliantúla WestSpiel (i.e. an brabús a bhí fágtha tar éis chur i bhfeidhm an tsásra scimeála brabúis in 2014 agus na caillteanais i ngach bliain eile idir 2009 agus 2015), cuireadh iad do shochar/dhochar i gcuntas caipitil NRW.BANK. Mar thoradh air sin, measadh go raibh luach tuairim is EUR 27,6 milliún ar chuntas caipitil NRW.BANK le haghaidh a chomhpháirtíochta teoranta aonair in WestSpiel in 2009, ach measadh nach raibh ach luach EUR 12,5 milliún air in 2015 ([13]).

(39) Measann na gearánaigh go mbeadh cumhdach caillteanais dar luach tuairim is EUR 63,6 milliún faighte ag WestSpiel idir 2009 agus 2015, mar is léir óna thuarascálacha bliantúla.

(40) Ina n-aighneacht an 8 Lúnasa 2019, tá na gearánaigh den tuairim, i ngeall ar struchtúr corparáideach WestSpiel, go mbeadh tuairim is EUR 24,8 milliún de na caillteanais á iompar ag NRW.BANK (mar chomhpháirtí teoranta aonair WestSpiel) idir 2009 agus 2017, agus go mbeadh tuairim is EUR 9,1 milliún de na caillteanais á iompar ag NRW (ina ról mar shocraitheoir taobh thiar de chomhpháirtíocht dhíomhaoin NRW.BANK in WestSpiel, tar éis an chomhaontaithe iontaobhaí agus an chomhaontaithe comhpháirtíochta díomhaoine a rinneadh in 2015, ar a dtugtar breis mionsonraí i roinn 2.3.2 thíos) le linn na tréimhse céanna. Sa chomhthéacs sin, léiríonn na gearánaigh gur ghnóthas poiblí é WestSpiel de réir Threoir 2006/111/CE ón gCoimisiún ([14]) agus gurbh acmhainní Stáit a bheadh in úsáid na n-acmhainní a cuireadh ar fáil dó (i.e. a chaipiteal) ach a bhí faoi rialú buan ag an Stát.

(41) Ina theannta sin, tá na gearánaigh den tuairim gur dóichí nach mbeadh sé ar a chumas ag WestSpiel a chaillteanais féin a iompar sna blianta seo a chuaigh thart gan an t-instealladh caipitil EUR 64,8 milliún, agus sa chás sin nach leanfadh infheisteoir príobháideach stuama de na caillteanais bhliantúla arna nginiúint ag WestSpiel a iompar (mar a dhéanfadh NRW agus NRW.BANK). Ar deireadh, áitíonn na gearánaigh gur mícheart áiteamh na Gearmáine go mbeadh torthaí bliantúla diúltacha WestSpiel inchurtha i leith a mhuirir aird cánach go príomha. Go háirithe, measann na gearánaigh gur tháinig laghdú seasta ar mhuirear cánach WestSpiel in gcaitheamh na mblianta, agus gur tháinig méadú ar na cóimheasa costais roimh cháin sa tréimhse faoi athbhreithniú ó 2005 go 2015. De réir na ngearánach, leanfadh sé nár de thoradh agus nach de thoradh an mhuirir aird cánach caillteanais WestSpiel agus gur inchurtha i leith cóimheasa costais an-ard iad. Ar deireadh, na méideanna a cumhdaíodh le leachtú (páirteach) an chiste riosca (féach fonóta 12), níorbh fhéidir iad a asbhaint ó chaillteanais WestSpiel (mar a áitíonn an Ghearmáin) ós rud é nár shoiléir cé na rioscaí a bhí in ainm is a bheith cumhdaithe ag an gciste sin.

(42) De réir na ngearánach, chisteofaí an cumhdach caillteanais bhliantúil ó NRW.BANK le hacmhainní Stáit agus bheadh sé inchurtha i leith an Stáit ós rud é go mbeadh NRW.BANK faoi úinéireacht aonair NRW agus go mbeadh comhaltaí den rialtas ina gcomhaltaí dá bhoird agus go mbeadh baint acu i gcinntí maidir le cumhdach caillteanais bhliantúil a dheonú. Tá na gearánaigh den tuairim, de réir an chásdlí, nár ghá a shuí gur aistríodh acmhainní stáit i ngach cás. Ba leordhóthanach é go gcuirtear acmhainní ar fáil do ghnóthas poiblí le go dtiocfadh an beart i gceist faoi raon feidhme Airteagal 107(1) CFAE.

([12]) Ní chuirtear san áireamh leis na figiúirí cúiteamh ar chaillteanais a baineadh amach trí leachtú (páirteach) ciste riosca le haghaidh WestSpiel a cruthaíodh chun rioscaí cearrbhachais ginearálta agus speisialta neamh-inárachais a chumhdach. Bunaítear cruthú an chiste ar an gcreatcheadúnas ó Aireacht Gnóthaí Baile agus Gnóthaí Bardasacha NRW chun na casaíní in NRW a oibriú agus ar airteagail chomhlachais WestSpiel. Faoi na hairteagail chomhlachais, b'éigean do WestSpiel an ciste riosca a chruthú é féin. Ar an gclár comhardaithe, is mír speisialta atá sa chiste riosca ar thaobh na dliteanas idir cothromas agus cúlchistí.

([13]) Cuirtear san áireamh leis na figiúirí cúiteamh ar chaillteanais a baineadh amach trí leachtú (páirteach) an chiste riosca, chomh maith le cur do dhochar caillteanas ar rannpháirtíocht dhíomhaoin NRW.BANK in 2015.

([14]) Treoir 2006/111/CE ón gCoimisiún an 16 Samhain 2006 maidir le trédhearcacht caidrimh airgeadais idir na Ballstáit agus gnóthais phoiblí agus chomh maith leis sin maidir le trédhearcacht airgeadais laistigh de ghnóthais áirithe (IO L 318, 17.11.2006, lch. 17, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2006/111/oj).

(43) Ó tharla gur chaillteanais WestSpiel amháin seachas caillteanais gnóthas eile a chumhdaigh NRW.BANK, measann na gearánaigh go dtabharfaí buntáiste roghnaitheach do WestSpiel leis an gcumhdach caillteanais bhliantúil. Maidir le 2014, measann na gearánaigh gur gá neamhaird a thabhairt ar an ioncam urghnách a gineadh trí dhíol na saothar ealaíne, toisc go nginfeadh WestSpiel caillteanas oibriúcháin tuairim is EUR 21 mhilliún an bhliain sin mura ndíolfaí na saothair sin. Ar an iomlán, measann na gearánaigh, i bhfianaise an chóimheasa costais roimh cháin, nach bhféadfaí muirear ard cánach líomhnaithe a bheith ina údar le staid chasta airgeadais WestSpiel. I bhfianaise an mhéid sin, ní bheadh an cumhdach caillteanais bhliantúil ó NRW.BANK ag teacht le hiompraíocht infheisteora hipitéisigh sa mhargadh príobháideach. Lena chois sin, measann na gearánaigh, i bhfianaise na hiomaíochta idir casaíní poiblí agus oibreoirí príobháideacha hallaí cearrbhachais, go saobhfaí an iomaíocht nó go mbagrófaí saobhadh ar an iomaíocht leis an mbeart agus go ndéanfaí difear don trádáil idir na Ballstáit freisin.

(44) Ar deireadh, de réir na ngearánach, ní bheadh an beart comhoiriúnach don mhargadh inmheánach. Go háirithe, cháileodh WestSpiel mar ghnóthas i gcruachás de réir bhrí Threoirlínte an Choimisiúin maidir le státchabhair chun teacht i gcabhair ar ghnóthais neamhairgeadais atá i gcruachás agus athstruchtúrú a dhéanamh orthu ('Treoirlínte R&R') ([15]), agus ní bheadh an beart i gcomhréir le ceanglais na dTreoirlínte sin.

2.3.2. *Instealladh caipitil líomhnaithe in 2015*

(45) Líomhnaíonn na gearánaigh freisin go mbeadh instealladh caipitil EUR 64,8 milliún faighte ag WestSpiel ó NRW.BANK in 2015.

(46) De réir na ngearánach, cé go nginfeadh WestSpiel caillteanais sna blianta roimh 2014 agus ina dhiaidh, ghinfeadh an chuideachta brabús tuairim is EUR 86,4 milliún in 2014. Ní thiocfadh an brabús sin ó ghnó oibriúcháin WestSpiel, áfach, ach ó dhíol dhá shaothar ealaíne. Mar thoradh air sin, bheadh ina toradh ar an sásra scimeála brabúis in Airteagal 14 SpielbG NRW (seanleagan) íocaíocht amach brabúis dar luach tuairim is EUR 82 mhilliún le NRW in 2014.

(47) In 2015, dhéanfaí cuid den bhrabús scimeáilte, i.e. EUR 64,8 milliún, a 'ath-instealladh' in WestSpiel mar a leanas: rinne NRW agus NRW.BANK an comhaontú iontaobhaí trínar tháinig NRW.BANK chun bheith ina iontaobhaí de ranníocaíocht dhíomhaoin a rinne NRW le caipiteal comhpháirtíochta WestSpiel. An ranníocaíocht dhíomhaoin sin de mhéid EUR 64,8 milliún, cuireadh í leis an gcaipiteal comhpháirtíochta a ranníoc NRW.BANK.

(48) Rinneadh an comhaontú iontaobhaí idir NRW agus NRW.BANK an 26 Samhain 2015 agus sa chomhaontú bhí ceanglas NRW méid ainmniúil EUR 64,8 milliún a sholáthar do NRW.BANK tráth nach déanaí ná deich (10) lá baincéireachta tar éis shíniú an chomhaontaithe iontaobhaí ach gan é a sholáthar roimh shíniú comhaontaithe comhpháirtíochta díomhaoine idir NRW.BANK agus WestSpiel. Dheimhnigh an Ghearmáin go bhfuair NRW.BANK an íocaíocht an 10 Nollaig 2015.

(49) Rinneadh an comhaontú comhpháirtíochta díomhaoine idir NRW.BANK agus WestSpiel an 1 Nollaig 2015 agus sa chomhaontú sin bhí oibleagáid NRW.BANK an ranníocaíocht EUR 64,8 milliún a dhéanamh tráth nach déanaí ná cúig (5) lá baincéireachta tar éis insreabhadh na ranníocaíochta isteach go NRW.BANK mar iontaobhaí. Dheimhnigh an Ghearmáin go bhfuair WestSpiel an íocaíocht an 15 Nollaig 2015.

([15]) Teachtaireacht ón gCoimisiún – Treoirlínte maidir le státchabhair chun teacht i gcabhair ar ghnóthais neamhairgeadais atá i gcruachás agus athstruchtúrú a dhéanamh orthu (IO C 249, 31.7.2014, lch. 1).

(50) Tá na gearánaigh den tuairim gur státchabhair de réir bhrí Airteagal 107(1) CFAE a bheadh san instealladh caipitil a rinneadh in 2015. Go háirithe, áitíonn na gearánaigh go gcuirfí caipiteal nua ar fáil do WestSpiel leis an instealladh EUR 64,8 milliún, rud nach ndéanfadh infheisteoir sa mhargadh príobháideach. Go háirithe, d'eascródh sé sin as tuarascáil bhliantúil WestSpiel in 2015 ina dtagraítear do 'Athbhreithniú Neamhspleách ar Ghnó' an 29 Aibreán 2015 a rinne [cuideachta iomráiteach iniúchóireachta] (*) ['Tuarascáil [IBR]') inar sonraíodh nár neamhréalaíoch an plean gnó do WestSpiel ach go raibh codanna de '*dúshlánach nó uaillmhianach*' agus nach cás neamhréalaíoch é an cás bainistíochta ach gur '*cás an-rioscúil ar an iomlán*' é ([16]). De réir na ngearánach, dhéanfaí an t-instealladh caipitil gan anailís roimh ré ar cibé acu a bheadh nó nach mbeadh toradh na hinfheistíochta sin i gcomhréir leis an meántoradh ar chearrbhachas meaisínbhunaithe idir 10 % agus 39 %, ar fiú 24 % é ar an meán.

(51) Ina theannta sin, bíodh is go mbeadh sé beartaithe an caipiteal breise insteallta a úsáid chun an cúigiú casaíne a bhunú in Köln, líomhnaíonn na gearánaigh nach mbeadh aon anailís chuí déanta ag NRW ar na torthaí ionchais a ghinfí leis an gcúigiú casaíne. Ar na cúiseanna sin, is léir nach mbeadh an t-instealladh caipitil i gcomhréir le prionsabal an infheisteora phríobháidigh i ngeilleagar an mhargaidh ('MEIP') agus go dtabharfaí buntáiste roghnaitheach do WestSpiel leis.

(52) Maidir leis an '*gcoincheap foriomlán chun todhchaí WestSpiel a dhaingniú*' mar a mhaíonn an Ghearmáin, lena gcuimsítear díol na saothar ealaíne agus instealladh an bhrabúis a gineadh leis an díol ach a scimeáladh ón gcuideachta tríd an sásra scimeála brabúis, tá na gearánaigh den tuairim, maidir le cáiliú na Gearmáine den sásra scimeála brabúis bunaithe ar Airteagal 14 SpielbG NRW, go mbeadh an cáiliú sin ag teacht salach ar sheasamh na Gearmáine i gcás SA.44944 ([17]). De réir na ngearánach, cé gur chuir an Ghearmáin scimeáil brabúis i láthair sa chás seo mar ghnáthleithreasú brabúis faoi fhorálacha HGB, i gcás SA.44944 d'áitigh an Ghearmáin gur cháin í an scimeáil brabúis i gcomhréir le hAirteagal 14 SpielbG NRW de réir bhrí Airteagal 3(1) de Chód Fioscach na Gearmáine (*Abgabenordnung*).

(53) De réir na ngearánach, ní bheadh instealladh caipitil 2015 i gcomhréir leis an tástáil MEIP i gcás ar bith, ó thaobh peirspictíocht ghearrthéarmach ná ó thaobh peirspictíocht fhadtéarmach de. Ó thaobh peirspictíocht ghearrthéarmach de, líomhnaíonn na gearánaigh nach mbeadh aon mheasúnú *ex ante* déanta ag an nGearmáin ar bhrabúsacht an insteallta caipitil, mar a cheanglaítear leis an gcásdlí is infheidhme. Go háirithe, de réir na ngearánach, bheadh ar an nGearmáin comparáid a dhéanamh idir staid airgeadais thuartha WestSpiel leis an instealladh caipitil agus dá uireasa. Ó thaobh peirspictíocht fhadtéarmach de, trí ioncam fioscach an Stáit ina dhiaidh sin a ghinfear leis na cánacha arna dtobhach faoi Airteagail 12, 13 agus 14 SpielbG NRW (seanleagan) a chur san áireamh, ní bheadh idirdhealú déanta ag an nGearmáin idir inniúlacht an Stáit mar údarás cánach agus a inniúlacht mar oibreoir eacnamaíoch (i.e. mar chomhpháirtí in WestSpiel).

2.4. **An foras chun an nós imeachta a thionscnamh**

(54) An 9 Nollaig 2019, chinn an Coimisiún an nós imeachta imscrúdaithe foirmiúil a thionscnamh maidir leis an gcumhdach caillteanais bhliantúil líomhnaithe ó 2009 go 2015 agus maidir leis an instealladh caipitil líomhnaithe in 2015.

2.4.1. *Cumhdach caillteanais bhliantúil líomhnaithe*

(55) In aithrisí 62 agus 63 den chinneadh tosaigh, shonraigh an Coimisiún nach bhféadfaí buntáiste a chur as an áireamh, mar níor léir cé acu a d'iompair scairshealbhóirí WestSpiel, mar atá NRW.BANK agus NRW, caillteanais WestSpiel (nó cuid díobh) iarbhír nó a chinn siad cé acu a chuirfí nó nach gcuirfí ar fáil an caipiteal ba ghá chun na caillteanais a chumhdach, nó an dá rud.

(*) Faisnéis rúnda.

([16]) Féach leathanach 10 de Thuarascáil [IBR].

([17]) Féach Cinneadh C(2019) 8819 final, https://ec.europa.eu/competition/state_aid/cases1/202023/283549_2161703_113_2.pdf.

(56) Ina theannta sin, shonraigh an Coimisiún in aithris 64 den chinneadh tosaigh gur díreach de bharr gur ghlac NRW.BANK le caillteanais bhreise WestSpiel d'ainneoin na gcaillteanas leanúnach sna blianta roimhe sin gan measúnú *ex ante* a dhéanamh ar cé acu a dhéanfaidh sé a scairsheilbh in WestSpiel a choinneáil ar bun nó a leachtú chun cuid den chaipiteal nár cailleadh go fóill a choimeád, go bhféadfadh sé gur bhuntáiste míchuí é sin ann féin, ó tharla go bhféadfaí glacadh leis nárbh ar an gcaoi sin a ghníomhódh infheisteoir príobháideach in imthosca inchomparáide.

(57) I bhfianaise an mhéid sin, mheas an Coimisiún in aithris 65 den chinneadh tosaigh gur ghá soiléiriú breise a thabhairt ar shocrú dlíthiúil agus ar struchtúr corparáideach WestSpiel, agus ar na hionstraimí dlí éagsúla trínar sholáthair scairshealbhóirí cothromas chun measúnú a dhéanamh ar impleachtaí na n-oibríochtaí sin ó thaobh státchabhrach de.

2.4.2. *Instealladh caipitil líomhnaithe in 2015*

(58) In aithrisí 79 go 84 den chinneadh tosaigh, ba é tuairim an Choimisiúin gur dhealraigh sé gur cáin speisialta ar ioncam oibreoir casaíní poiblí NRW, i.e. WestSpiel, a bhí sa sásra scimeála brabúis.

(59) Shonraigh an Coimisiún nach bhféadfadh an Ghearmáin a mhaíomh i gcás SA.44944 (go bhféadfadh sé) go mbeadh casaíní poiblí faoi chóras cánach míbhuntáisteach (gan aon bhuntáiste fioscach do WestSpiel dá bhrí sin) agus a mhaíomh sa chás seo SA.48580 gur dáileadh brabúis do scairshealbhóirí a bheadh sa sásra scimeála brabúis (gan aon chánachas dá bhrí sin) nach ndearna ach cuid den bhrabús dáilte a instealladh in WestSpiel.

(60) Chinn an Coimisiún in aithris 83 den chinneadh tosaigh, i bhfianaise an mhéid sin, maidir leis an sásra scimeála brabúis de bhun Airteagal 14 SpielbG NRW (seanleagan), nár dhealraigh sé gur dáileadh brabúis uathoibríoch amháin ó WestSpiel ar a scairshealbhóir a bhí ann, a bhféadfadh NRW.BANK diúltú dó. Bhí instealladh caipitil 2015 de chineál éagsúil leis an sásra scimeála brabúis. Mar bheart neamhspleách agus bunaithe ar MEIP, dhealraigh sé gur tugadh buntáiste do WestSpiel leis.

3. BARÚLACHA Ó PHÁIRTITHE LEASMHARA

(61) Ní bhfuair an Coimisiún aon bharúil ó pháirtithe leasmhara faoin sprioc-am a leagadh síos sa chinneadh tosaigh.

4. BARÚLACHA ÓN nGEARMÁIN

(62) De réir na Gearmáine, ní bheadh státchabhair i gceist le haon cheann de na bearta cabhrach líomhnaithe de réir bhrí Airteagal 107(1) CFAE.

4.1. Cumhdach caillteanais bhliantúil líomhnaithe

(63) Maidir leis an gcumhdach caillteanais bhliantúil líomhnaithe, go bunúsach, áitíonn an Ghearmáin nach mbeadh cúiteamh díreach nó indíreach ar a chaillteanais faighte ag WestSpiel ó NRW.BANK riamh, agus nach ndéanfadh sé ach a chaipiteal cothromais dílis (a ranníocadh in 1978 agus 2002) a ídiú chun a chaillteanais charntha a chúiteamh. Áitíonn an Ghearmáin nach mbeadh aon íocaíocht ó NRW.BANK i gceist leis an mbeart líomhnaithe, agus nach mbeadh státchabhair i gceist leis an mbeart sin dá bhrí sin.

(64) Míníonn an Ghearmáin go mbeadh ar scairshealbhóirí, de réir dhlí na gcuideachtaí sa Ghearmáin, caipiteal laghdaithe a léiriú ar an gclár comhardaithe i gcás ina dtabhaítear caillteanais sa chuideachta ina bhfuil scaireanna acu. Ar an dóigh sin, shonrófaí sna rialacha caighdeánacha cuntasaíochta faoi dhlí na gcuideachtaí sa Ghearmáin is infheidhme maidir le comhpháirtíochtaí teoranta ([18]) gur ídíodh an caipiteal go huathoibríoch sa chás seo, i.e. chuirfí méid na gcaillteanas do dhochar chuntas caipitil na comhpháirtíochta go huathoibríoch gan aon chinneadh le déanamh ag an scairshealbhóir.

([18]) Féach Airteagal 167 HGB i gcomhar le hAirteagal 120 HGB (leagan de HGB roimh leasú an 1 Eanáir 2024 le roinn 34(4) de dhlí an 22 Nollaig 2023, BGBl. 2023 I Nr. 411) ('seanleagan').

(65) Ina theannta sin, tugann an Ghearmáin le fios nach bhféadfadh NRW.BANK '*cinneadh a dhéanamh maidir le cé acu a chuirtear nó nach gcuirtear an caipiteal is gá chun na caillteanais a chumhdach ar fáil [do WestSpiel]*' (aithris 62 den chinneadh tosaigh). Ar an dóigh sin, bunaithe ar dhiúscairtí dlíthiúla an dlí Ghearmánaigh, míníonn an Ghearmáin an méid seo a leanas:

(a) Ar aon dul le haon chuideachta trádála, ní mór do WestSpiel cuntais bhliantúla a dhéanamh le haghaidh dheireadh gach bliana airgeadais (Airteagal 242 et seq. HGB). Is é atá sna cuntais bhliantúla clár comhardaithe agus cuntas brabúis agus caillteanais speisialta (Airteagal 242(3) HGB). Tá an chuideachta faoi cheangal dlí i dtaca leis sin. Dá mba rud é nach léireofaí an méid ceart sna cuntais bhliantúla le haghaidh staid airgeadais na cuideachta, agus go háirithe ídiú an chothromais, d'fhéadfadh sé go ndlífí na daoine lena mbaineann as cuntasaíocht chalaoiseach (Airteagal 331 HGB).

(b) Contrártha le maímh na ngearánach, ní fhéadfadh comhpháirtí dá bhrí sin (maidir leis an gcaipiteal a ranníocadh leis an gcuideachta cheana féin) '*cinneadh a dhéanamh maidir le cé acu a chuirtear nó nach gcuirtear an caipiteal is gá chun na caillteanais a chumhdach ar fáil*' ([19]). Bhainfí an cinneadh sin de scairshealbhóirí, mar bunaítear laghdú cothromais trí bhíthin fritháireamh le gnáthscair an chomhpháirtí ar Airteagal 161(2) HGB i gcomhar le hAirteagal 120 HGB (seanleagan). Sonraítear san fhoráil deiridh sin:

— (An chéad mhír) '*Ag deireadh gach bliana airgeadais, cinnfear an brabús agus na caillteanais don bhliain ar bhonn an chláir comhardaithe, agus ríomhfar sciar gach chomhpháirtí den bhrabús agus de na caillteanais sin.*'

— (An dara mír) '*An brabús atá dlite do chomhpháirtí, cuirfear é le sciar an chomhpháirtí den chothromas; na caillteanais a leithdháiltear ar chomhpháirtí, chomh maith le haon airgead a aistarraingíodh ón sciar den chaipiteal le linn na bliana airgeadais, asbhainfear den chothromas sin iad.*'

(c) Dá n-ídeofaí cothromas, ní chiallódh sé sin go ranníocfadh an comhpháirtí teoranta cistí nua (nó go ndéanfadh sé cinneadh maidir le húsáid na gcistí a ranníocadh cheana féin). Ní chiallódh sé ach, i ngeall ar na caillteanais agus ar an ídiú cothromais, go dtiocfadh laghdú ar bhun an chomhpháirtí. I gcuntas brabúis agus caillteanais an ghrúpa, ba ghá, dá bhrí sin, '*an glanchaillteanas don bhliain a mhuirearú (…) ar chuntas caipitil NRW.BANK (comhpháirtí teoranta)*'. Mar sin féin, ba nós imeachta cuntasaíochta teicniúil amháin é sin, i.e. mír ar an gclár comhardaithe (an cuntas caipitil) a chur do dhochar. Ní hé gur '*nós imeachta cur do dhochar (…) chun cistí a aistriú ó chuntas de chuid NRW.BANK go WestSpiel*' ([20]) a bheadh ann, ach ba é a bheadh ann gur tháinig laghdú ar an gcothromas a deonaíodh don chuideachta i mblianta roimhe sin, rud a thaifeadfaí i gcomhréir le rialacha cuntasaíochta.

(d) An riail sin, a bhféadfaí i bprionsabal teacht uirthi i ngach cuideachta i mbun trádála san Aontas agus a mbeadh codanna móra di comhchuibhithe agus curtha i dtéarmaí coincréiteacha le reachtaíocht thánaisteach an Aontais, d'fhónfadh sí do chreidiúnaithe a chosaint. Aon chaillteanas arna thabhú, níor mhór é a iompar leis an gcothromas dá bhrí sin.

(e) Ní bheadh sé ar a chumas ag comhpháirtí éalú ón sásra sin. Dá bhrí sin, níor faoi na comhpháirtithe a bheadh sé a chinneadh cé acu a ídítear nó nach n-ídítear an cothromas. I bhfianaise an mhéid sin, bheadh an tuiscint a léirigh na gearánaigh ar an dlí ([21]) mícheart, de réir na Gearmáine, agus ba chion coiriúil é gan an t-ídiú caipitil comhpháirtíochta a léiriú sna cuntais bhliantúla.

(66) A mhéid a bhaineann le hairteagail chomhlachais 2007 WestSpiel, sa tréimhse roimh an rannpháirtíocht dhíomhaoin (i.e. 2009-2014), deimhníonn an Ghearmáin nach raibh aon chlásal conarthach iontu as ar eascair sásra eile seachas an t-ídiú uathoibríoch caipitil comhpháirtíochta a dtugtar tuairisc air in aithris 63 den chinneadh tosaigh. Ba shoiléiriú amháin iad na hairteagail chomhlachais sin ó 2007 inar athshonraíodh an dlí Gearmánach ab infheidhme ([22]).

([19]) Féach aithris 62 den chinneadh tosaigh.
([20]) Féach aithris 63 den chinneadh tosaigh.
([21]) Féach aithris 62 den chinneadh tosaigh.
([22]) Rinneadh airteagail chomhlachais (2007) WestSpiel a athdhréachtú agus tháinig siad i bhfeidhm an 26 Eanáir 2016. Soláthraíonn an Ghearmáin gnéithe breise lena ndeimhnítear nár aistrigh an comhpháirtí teoranta aon acmhainn airgeadais ná leachtacht nuair a leithdháileadh caillteanais sna blianta roimh an leasú ar na hairteagail chomhlachais in 2016 ná ina dhiaidh sin. Maidir leis na céimeanna arbh éigean iad a chomhlíonadh chun na caillteanais bhliantúla a leithdháileadh, níorbh ann d'aon difríocht idir airteagail chomhlachais 2007 agus airteagail chomhlachais 2016. Leithdháileadh iad i gcomhréir leis an sciar den chaipiteal (ar le NRW tríd an rannpháirtíocht dhíomhaoin agus le NRW.BANK í). Thairis sin, bhí foráil sa chomhaontú rannpháirtíochta díomhaoine nach bhféadfadh aon cheann amháin de na páirtithe é a dhíscaoileadh go haontaobhach. I gcás ar bith, mar a mhínítear in aithris 66 den chinneadh tosaigh, cinneann an Coimisiún go bhfuil feidhm ag na breithnithe céanna maidir le caillteanais a ghintear sna blianta ina dhiaidh sin (i.e. tar éis 2015, faoi airteagail chomhlachais 2016) agus a chuirtear do dhochar (glactar leis) chuntais chaipitil NRW.BANK agus NRW (ina ról mar shocraitheoir taobh thiar de chomhpháirtíocht dhíomhaoin NRW.BANK in WestSpiel).

(67) Deimhníonn an Ghearmáin freisin nach ndearna NRW.BANK agus NRW aon oibleagáid bhreise i bhfabhar WestSpiel (ráthaíochtaí, gealltanais, etc.) go conarthach.

(68) In aithris 64 den chinneadh tosaigh, chuir an Coimisiún ábhair amhrais in iúl freisin maidir leis an mbearta líomhnaithe mar níorbh fhéidir leis a chur as an áireamh gur tugadh buntáiste do WestSpiel toisc gur choinnigh NRW.BANK a scairsheilbh in WestSpiel ar bun d'ainneoin a chaillteanas leanúnach, '*ó tharla nach féidir glacadh leis gurbh ar an gcaoi sin a ghníomhódh infheisteoir príobháideach in imthosca inchomparáide*'. Tá an Ghearmáin den tuairim nach mbeadh údar leis an amhras sin. Chun a mhíniú gurbh ar an gcaoi sin a ghníomhódh infheisteoir príobháideach go deimhin, tugann an Ghearmáin tuairisc ar dhá chás éagsúla gnímh ó NRW.BANK (leachtú agus díol WestSpiel).

— *An chéad chás: leachtú WestSpiel*

(69) De réir na Gearmáine, le linn na tréimhse i gceist (2009 go 2015), níorbh fhéidir le NRW.BANK an ranníocaíocht chaipitil bhunaidh EUR 35,5 milliún a choimeád trí WestSpiel a leachtú. Ar chúiseanna a bhaineann le cosaint creidiúnaithe, bheadh leachtú WestSpiel nó aistarraingt comhpháirtí faoi réir teorainneacha an-chúng faoi dhlí na gcuideachtaí sa Ghearmáin. Cé go n-admhaíonn an Ghearmáin gur féidir díscaoileadh a dhéanamh le rún ó na páirtithe (Airteagal 131 HGB (seanleagan)) ([23]), sonraíonn sé freisin, tar éis an díscaoilte, go gcuirtear tús leis an bhfoirceannadh nó leis an leachtú mar shocrú de bhun Airteagal 145 et seq. HGB (seanleagan) ([24]) agus Airteagal 730 et seq. de Chód Sibhialta na Gearmáine (*Bürgerliches Gesetzbuch, BGB*). Míníonn an Ghearmáin gur phróiseas fada casta a bheadh sa leachtú sin, ar lena linn is gá do na leachtaitheoirí gnó leanúnach na cuideachta a fhoirceannadh, infháltais a bhailiú, na sócmhainní atá fágtha a thiontú go hairgead tirim agus na creidiúnaithe a shásamh (Airteagal 149(1) HGB) ([25]). Ní mór do na leachtaitheoirí na sócmhainní comhpháirtíochta atá fágtha a dháileadh ar na comhpháirtithe eile i gcomhréir lena sciartha faoi seach den chaipiteal (Airteagal 155(1) HGB) ([26]).

(70) Thairis sin, áitíonn an Ghearmáin go mbeadh ar NRW.BANK, laistigh den phróiseas leachtaithe sin, mar a thugtar tuairisc air in aithris (69), líon mór dliteanas i leith tríú páirtithe a chomhlíonadh, lena n-áirítear dliteanais phinsin mhóra. Ina theannta sin, níor mhór costais foirceanta conartha (e.g. conarthaí fostaíochta agus cíosa) a chur san áireamh. Chomh maith leis sin, is dócha go mbeadh laghduithe móra ar luachanna de réir na leabhar de dhroim leachtú míreanna sócmhainne seasta agus reatha. Ba ghá go ndéanfaí difear freisin do ranníocaíocht NRW.BANK mar chomhpháirtí teoranta aonair WestSpiel sa mhéid nárbh ann do luach ranníocaíochta le haghaidh NRW.BANK ach amháin i gcás iarmhéid dearfach (féach Airteagal 171(1) HGB i gcomhar le hAirteagal 167(3) ([27]), Airteagal 149, an chéad abairt, Airteagal 161(2) HGB). Dá bhrí sin, ba léir gur luach diúltach é luach leachtaithe WestSpiel, de réir meastacháin gharbha a rinneadh cheana féin.

(71) Uaidh sin, is conclúid na Gearmáine nach mbeadh ina thoradh ar phróiseas leachtaithe go bhféadfadh NRW.BANK, le linn na tréimhse i gceist, an ranníocaíocht chaipitil bhunaidh a choimeád trí WestSpiel a dhíscaoileadh. Ina leith sin, áitíonn an Ghearmáin freisin gur cheart a chur san áireamh go mbeadh méid mór caipitil (EUR 35,5 milliún den ranníocaíocht bhunaidh) infheistithe ag NRW.BANK in WestSpiel an tráth sin. De réir na Gearmáine, infheisteoir príobháideach a rinne infheistíocht i ngnóthas cheana féin, dhéanfadh sé riosca infheistíochta breise a mheas ar bhealach éagsúil le hinfheisteoir nach mbeadh bun aige cheana féin. Sa chomhthéacs sin, aithnítear, i gcás rannpháirtíocht tromlaigh, go bhféadfadh breithnithe straitéiseacha fadtéarmacha údar a thabhairt le toradh is ísle ná an meántoradh margaidh ('éifeacht úinéara').

— *An dara cás: díol WestSpiel*

(72) Dá bhrí sin, má chuirtear an chéad chás as an áireamh, áitíonn an Ghearmáin nárbh fhéidir le NRW.BANK an t-ualach a tharlódh de dheasca chaillteanais WestSpiel a sheachaint ach trína dhíol. Go heacnamaíoch, áfach, sa tréimhse i gceist (2009 go 2015), ní bheadh cuma rótharraingteach ar WestSpiel le haghaidh ceannaitheora, agus dá bhrí sin is dócha nárbh fhéidir praghas ceannaigh sásúil a fháil.

([23]) Airteagal 140 HGB atá in Airteagal 131 HGB anois tar éis leasú an 1 Eanáir 2024.
([24]) Airteagal 143 HGB atá in Airteagal 145 HGB anois tar éis leasú an 1 Eanáir 2024.
([25]) Airteagal 148(2) agus Airteagal 148(5), an chéad abairt, HGB atá in Airteagal 149, an chéad abairt, HGB tar éis leasú an 1 Eanáir 2024.
([26]) Airteagal 148(8) HGB atá in Airteagal 155(1) HGB anois tar éis leasú an 1 Eanáir 2024.
([27]) Tá Airteagal 167(3) HGB teoranta d'Airteagal 167 HGB anois tar éis leasú an 1 Eanáir 2024.

(73) De réir na Gearmáine, choimisiúnaigh NRW Tuarascáil [IBR] (2015), lenar áiríodh táscairí iomadúla agus a bheadh ní ba chuimsithí, dá bhrí sin, ná gnáth-thástáil infheisteora phríobháidigh.

(74) Go háirithe, luann an Ghearmáin leathanach 101 ina sonraítear sa tuarascáil maidir le hiarmhéid íocaíochta WestSpiel, fiú dá gcuirfí san áireamh an t-instealladh caipitil i bhfoirm na rannpháirtíochta díomhaoine a bhí beartaithe an tráth sin, nach mbeadh an t-iarmhéid sin dearfach go dtí na blianta 2021 go 2023. Léirítear é sin freisin sa líne leathdheireanach sa ghraf thíos as Tuarascáil [IBR].

[…]

4.2. **Instealladh caipitil líomhnaithe in 2015**

(75) In aithris 77 den chinneadh tosaigh, shainaithin an Coimisiún dhá bhonn réasúnaíochta a chuir an Ghearmáin isteach maidir le hinstealladh caipitil 2015. Ar an gcéad dul síos, ní bheadh san instealladh ach 'ath-instealladh' (páirteach) den bhrabús a scimeáladh ó WestSpiel. Ar an dara dul síos, i gcás ar bith, bheadh an t-instealladh i gcomhréir le MEIP ó tharla, tríd an gcaipiteal a instealladh trína ranníocaíocht dhíomhaoin, go ngníomhódh NRW mar infheisteoir príobháideach in imthosca inchomparáide. Ina barúlacha ar an gcinneadh tosaigh, téann an Ghearmáin i ngleic leis an dá bhonn réasúnaíochta sin agus soláthraíonn sraith argóintí malartacha.

(76) Ar an gcéad dul síos, maidir leis an 'ath-instealladh' (páirteach), áitíonn an Ghearmáin, go bunúsach, gur ghá féachaint ar an dá oibríocht (an scimeáil brabúis agus an t-instealladh caipitil) mar aon oibríocht aonair amháin (coincheap foriomlán a dtagraíonn an Ghearmáin dó mar 'idirghabháil aonair' nó 'aon bheart casta amháin') agus nach bhféadfaí iad a bhreithniú ar leithligh.

(77) De réir na Gearmáine, ní fhéadfaí féachaint ar an 'ath-instealladh' (páirteach) ar leithligh ó dhíol an dá shaothar ealaíne agus go háirithe ar leithligh ón scimeáil brabúis i bhfabhar NRW mar: (a) glacadh an dá bheart go gairid i ndiaidh a chéile, agus (b) bhí díol na saothar ealaíne ag brath ar an dearbhú ó na húdaráis lena mbaineann go ndéanfaí an brabús arna scimeáil a aisíoc (go páirteach) i bhfoirm an insteallta caipitil. Bhí 'ath-instealladh' (páirteach) na gcistí ina chuid de choincheap foriomlán a cinneadh roimh dhíol na saothar ealaíne. Ba léir é sin ó dhoiciméid inmheánacha agus ó dhoiciméid phoiblí ([28]). Dá bhrí sin, faoin 'measúnú domhanda' sin, níor cheart féachaint ar an instealladh caipitil ar leithligh ach ba cheart féachaint air mar fhobheart d'aon bheart foriomlán amháin arb é atá ann cur i bhfeidhm an chreata fhioscaigh maidir le WestSpiel (go háirithe Airteagal 14 SpielbG NRW (seanleagan), i.e. an scimeáil brabús a cuireadh i bhfeidhm maidir leis an mbrabús ó dhíol na saothar ealaíne ([29]).

(78) Ar an dara dul síos, maidir le MEIP, mar a mhínítear in aithrisí 85 go 89 den chinneadh tosaigh, tá an Ghearmáin den tuairim go gcomhfhreagródh an t-instealladh caipitil a rinne NRW in 2015 d'iompraíocht infheisteora phríobháidigh in imthosca inchomparáide. Bunaíonn an Ghearmáin a réasúnaíocht ar 'thuairim ghearrthéarmach' agus ar 'thuairim fhadtéarmach'. De réir na 'tuairime gearrthéarmaí', dhéanfaí an t-instealladh caipitil EUR 64,8 milliún in WestSpiel in 2015 mar bheart neamhspleách i gcomhréir le dálaí an mhargaidh ([30]). Maidir leis an 'tuairim fhadtéarmach', braitheann an Ghearmáin ar chásdlí *EDF* ([31]) chun a áitiú go bhféadfadh sí ioncaim níos airde ó cháin amach anseo a chur san áireamh sa mheasúnú. Ina theannta sin, áitíonn an Ghearmáin go mbeadh gá leis an instealladh caipitil chun brabúsacht WestSpiel a athbhunú agus, dá bhrí sin, chun an caipiteal a

([28]) Mar shampla, ag Cruinniú Ráthóirí NRW.BANK an 13 Márta 2014, cumadh forchoimeádas sainráite inar sonraíodh nach dtoilítear do dhíol na saothar ealaíne ach amháin i gcás inar féidir le WestSpiel na cistí is gá a úsáid, i.e. tá siad ar fáil dó ar bhonn buan.

([29]) D'fhéadfadh sé go mbeadh Airteagail 12 agus 13 SpielbG NRW (seanleagan) i gceist freisin, i.e. na cánacha ar ollioncam WestSpiel ó chearrbhachas, dá mba rud é gur cuireadh 'peirspictíocht níos leithne' i bhfeidhm (inar féachadh ar an gcreat fioscach foriomlán).

([30]) Míníonn an Ghearmáin gur eascair brabús foriomlán EUR 17,2 milliún don Stát as an instealladh caipitil, i dteannta na scimeála brabúis, ar mó é ná brabús EUR 0 sa chás frithfhíorasach, is é sin gan instealladh caipitil. I bhfocail eile, trí EUR 82 mhilliún a fháil ó WestSpiel in 2014 (faoi Airteagal 14 SpielbG NRW (seanleagan)) agus gan ach EUR 64,8 milliún a instealladh ann in 2015, choinnigh an Stát EUR 17,2 milliún ar an iomlán, ar mó é ná 0 sa chás frithfhíorasach. De réir na Gearmáine, maidir le breithnithe an Choimisiúin i míreanna 78 et seq. agus 88 et seq. den chinneadh tosaigh gur dho-ghlactha 'glanríomh' den sórt sin, ó tharla go raibh an scimeáil brabúis faoi Airteagal 14 SpielbG NRW (seanleagan) ina 'cuid bhunúsach de chóras sonrach fioscach agus rialála SpielbG NRW a chuir an Stát i bhfeidhm maidir le WestSpiel go heisiach', ní raibh na breithnithe sin i gcomhréir leis an gcásdlí. Díreach toisc go bhfuil oibleagáid íocaíochta ina cuid 'de chóras sonrach fioscach agus rialála', míníonn an Ghearmáin freisin nach féidir leis sin a bheith ina chúis le breithniú na hoibleagáide íocaíochta sin ar leithligh ó iomlán eacnamaíoch an díola saothar ealaíne, na scimeála brabúis agus an ath-insteallta. Tacaíodh leis an tuairim sin le breithiúnas ón gCúirt Ghinearálta an 26 Feabhra 2019, T-865/16, ECLI:EU:T:2019:113.

([31]) Breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 5 Meitheamh 2012, *An Coimisiún v EDF*, C-124/10 P, ECLI:EU:C:2012:318.

infheistíodh sa chuideachta cheana féin a choimeád. Go háirithe, míníonn an Ghearmáin nárbh ann d'aon rogha eile ar an tsamhail lenar bhain díol na saothar ealaíne/scimeáil brabúis/instealladh caipitil. An t-aon rogha fhéideartha eile a bheadh ann ná gan na bearta a chur chun feidhme agus dá bhrí sin luach iomlán an sciar in WestSpiel agus ioncaim eile a d'fhéadfadh a bheith ann ina dhiaidh sin a chailleadh. De réir na Gearmáine, ní bheadh leachtú na cuideachta, go háirithe, ina *'réiteach insamhlaithe go heacnamaíoch'*. Chun míniú a thabhairt ar na cúiseanna ba chúis le tuairim sin na Gearmáine, athshonraíonn an Ghearmáin na hargóintí céanna a chuir sí i láthair cheana féin chun tuairisc a thabhairt ar a seasamh maidir leis na cásanna frithfhíorasacha a bhaineann leis an gcumhdach caillteanais bhliantúil maidir leis an iarracht, leis an gcostas agus leis an am a bhaineann leis an bpróiseas leachtaithe agus chomh maith leis sin maidir leis na dliteanais éagsúla as a n-eascródh luach diúltach leachtaithe WestSpiel (féach aithrisí (69) go (71)).

(79) Ar an tríú dul síos, míníonn an Ghearmáin nach dtabharfaí aon bhuntáiste do WestSpiel leis an instealladh caipitil i bhfianaise mhíbhuntáiste struchtúrach WestSpiel (go háirithe i ngeall ar an scimeáil brabúis a cuireadh i bhfeidhm ar an mbrabús ó dhíol na saothar ealaíne). Ba é a bheadh sa mhíbhuntáiste struchtúrach do WestSpiel a oibleagáid muirear cánach i bhfad ní b'airde a iompar faoi Airteagail 12 go 14 SpielbG NRW (seanleagan). De réir na Gearmáine, i gcomhréir leis an gcásdlí, níorbh ann do bhuntáiste de réir bhrí Airteagal 107(1) CFAE dá ndeonófaí cúiteamh i leith míbhuntáiste struchtúrach amháin ([32]). Sonraíonn an Ghearmáin freisin go leanfadh sé ón gcásdlí nach státchabhair é cúiteamh as muirir bhreise a eascraíonn as scéim is maolú nach bhfuil feidhm aici maidir le hiomaitheoirí más ann do nasc dofhuascailte idir an beart cúiteach i gceist agus a chuspóir chun na costais bhreise a chúiteamh ar costais iad a eascraíonn as na fadhbanna struchtúracha ar leith ([33]). B'iarmhairt é sin ar an bprionsabal nach buntáiste eacnamaíoch de réir bhrí Airteagal 107(1) CFAE é tacaíocht ón Stát ach amháin i gcás ina mbaintear den ghnóthas costais a bhíonn le hiompar ag gnóthais 'de ghnáth' ([34]). Is le faoiseamh ó na costais sin, agus leis sin amháin, a d'fhéadfadh sé go mbeadh an gnóthas is faighteoir i staid iomaíoch níos fabhraí ná a iomaitheoirí. I gcás WestSpiel, ba é ab aidhm d'idirghabháil an Stáit costais WestSpiel a choimeád ar an leibhéal céanna lena iomaitheoirí. Dá réir sin, ba é cuspóir aonair an insteallta caipitil a oibríodh trí bhíthin na rannpháirtíochta díomhaoine (mar a shonraítear in aithris (47)) míbhuntáiste struchtúrach WestSpiel a chúiteamh.

(80) Ar an gceathrú dul síos, líomhnaíonn an Ghearmáin freisin go bhféadfaí an toradh céanna a baineadh amach leis an instealladh caipitil a bhaint amach iarbhír ach an reachtaíocht náisiúnta, i.e. na forálacha cánach is infheidhme, a athrú. Sa chás seo, bheadh an rogha ag an reachtóir soiléiriú a chur ar áireamh in Airteagal 14 SpielbG NRW (seanleagan) ar dá réir nach raibh feidhm ag an bhforáil sin ach maidir le brabús a d'eascair as gnáthoibríochtaí cearrbhachais an oibreora casaíne, i.e. WestSpiel, ach nach raibh feidhm aici maidir le haon ioncam urghnách. Chuige sin, ba leordhóthanach, mar shampla, mír 4 nua a chur leis ina sonraítear *'Ní tharlóidh scimeáil brabúis de bhun na forála seo ach amháin a mhéid atá an glanbhrabús bliantúil inchurtha i leith oibríochtaí casaíne iarbhír. Beidh brabús eile faoi réir cánachas caighdeánach.'* Sa chás seo, ní bheadh gá le haon 'ath-instealladh' (páirteach) mar ní bheadh na fáltais ó dhíol na saothar ealaíne faoi réir an tsásra scimeála brabúis.

([32]) Breithiúnas ón gCúirt Ghinearálta an 14 Iúil 2016, *An Ghearmáin v an Coimisiún,* Cás T-143/12, ECLI:EU:T:2016:406, mír 143 et seq.; breithiúnas ón gCúirt Ghinearálta an 16 Márta 2004, *Danske Busvognmænd v an Coimisiún,* Cás T-157/01, ECLI:EU:T:2004:76, mír 57; breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 23 Márta 2006, *Enirisorse* v *Sotacarbo,* Cás C-237/04, ECLI:EU:C:2006:197, míreanna 42 go 48.

([33]) Breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 8 Nollaig 2011, *France Télécom* v *an Coimisiún,* Cás C-81/10 P, ECLI:EU:C:2011:811, mír 42 et seq.; breithiúnas ón gCúirt Ghinearálta an 30 Samhain 2009, *France Télécom agus eile v an Coimisiún,* Cásanna Uamtha T-427/04 agus T-17/05, ECLI:EU:T:2009:474, mír 207 et seq; breithiúnas ón gCúirt Ghinearálta an 28 Samhain 2008, *Hotel Cipriani agus eile v an Coimisiún,* Cásanna Uamtha T-254/00, T-270/00 agus T-277/00, ECLI:EU:T:2008:537, míreanna 185, 187 agus 189; breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 9 Meitheamh 2011, *Hotel Cipriani agus eile v an Coimisiún,* Cásanna Uamtha C-71/09 P, C-73/09 P agus C-76/09 P, ECLI:EU:C:2011:368, míreanna 89, 97 agus 100.

([34]) Breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 23 Feabhra 1961, *De Gezamenlijke Steenkolenmijnen in Limburg* v *an tArd-Údarás,* Cás 30-59, ECLI:EU:C:1961:2, míreanna 3 agus 43; breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 15 Márta 1994, *Banco Exterior de España v Ayuntamiento de Valencia,* Cás C-387/92, ECLI:EU:C:1994:100, míreanna 12 agus 13; breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 1 Nollaig 1998, *Ecotrade v Altiforni e Fernere di Servóla,* Cás C-200/97, ECLI:EU:C:1998:579, mír 34; breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 8 Samhain 2001, *Adria-Wien Pipeline* v *Finanzlandesdirektion für Kärnten,* C-143/99, ECLI:EU:C:2001:598, mír 3; breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 3 Márta 2005, *Wolfgang Heiser* v *Finanzamt Innsbruck,* Cás C-172/03, ECLI:EU:C:2005:130, mír 36; breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 30 Meitheamh 2016, *An Bheilg v an Coimisiún,* Cás C-270/15, ECLI:EU:C:2016:489, míreanna 34 go 36.

(81) Ar an gcúigiú dul síos, míníonn an Ghearmáin freisin gur cinneadh ag Cruinniú Ráthóirí NRW agus NRW.BANK ina dhiaidh sin an 8 Bealtaine 2018 rannpháirtíocht iomlán 100 % NRW.BANK in WestSpiel a dhiúscairt. Tar éis an díola, b'éigean rannpháirtíocht dhíomhaoin NRW.BANK, a shealbhaigh é sin ar iontaobhas le haghaidh NRW, a thabhairt ar ais agus a fhoirceannadh dá bhrí sin; i bhfocail eile, tar éis an díola, bhí luach rannpháirtíocht dhíomhaoin NRW de réir na leabhar le haisíoc le NRW ([35]). Dar leis an nGearmáin, bheadh tabhairt ar ais na comhpháirtíochta díomhaoine ó WestSpiel coibhéiseach le haisíocaíocht leathan den státchabhair (líomhnaithe). Ar an dóigh sin, léireofaí le díol WestSpiel gur chomhfhreagair an t-instealladh caipitil in 2015 d'iompraíocht infheisteora phríobháidigh agus (ar an gcúis sin freisin) nach státchabhair a bhí ann. Bheadh ciall eacnamaíoch leis an gcinneadh i bhfabhar an insteallta caipitil in 2015, mar ní hamháin go mbeadh coinne ag NRW le luach a rannpháirtíochta díomhaoine de réir na leabhar a aisghabháil trí dhíol WestSpiel, ach bheadh coinne aige freisin le brabús a dhéanamh ó dhiúscairt rannpháirtíocht NRW.BANK in WestSpiel. Sa chomhthéacs sin, i litir dar dáta an 8 Meán Fómhair 2021, chuir an Ghearmáin an Coimisiún ar an eolas go ndearna WestSpiel (óna chistí leachtacha dílse) an dara haisíocaíocht pháirteach den rannpháirtíocht dhíomhaoin dar luach EUR 11 516 909, arbh í an aisíocaíocht deiridh í, (féach aithris (90) maidir leis an gcéad aisíocaíocht pháirteach) an 26 Iúil 2021 ([36]).

(82) Ar deireadh, de réir mar a bhaineann le hacmhainní stáit a bheith ann, maíonn an Ghearmáin nach mbeadh aon acmhainn stáit i gceist leis an instealladh caipitil, ós rud é gur as díol shaothair ealaíne dhílse WestSpiel a d'eascair na cistí. Míníonn an Ghearmáin nach ndéanfadh aon oibreoir eacnamaíoch díol den sórt sin dá mba rud é nach bhféadfadh sé agus nár ceadaíodh dó glacadh leis go n-aistreofaí ar ais chuige fáltais an díola nó cuid mhór de na fáltais sin ar a laghad. I bhfianaise an mhéid sin, maidir leis an mbreithniú foirmiúil amháin, ar dá réir a mheastar gur acmhainní stáit iad na cistí ó dhíol na saothar ealaíne ar an gcúis gur fhabhraigh chun an Stáit iad ar feadh 'soicind dlí' agus ar an gcúis sin amháin, dhealródh sé gur shaorga agus gur mhíchuí an breithniú sin. De réir na Gearmáine, na cistí le haghaidh 'ath-instealladh' (páirteach) an chaipitil i bhfoirm rannpháirtíocht dhíomhaoin, d'eascródh na cistí sin ó na fáltais ó dhíol an dá shaothar ealaíne ar le WestSpiel iad agus ní bheadh fáil ar na cistí sin dá mba rud é gur chinn WestSpiel gan an dá shaothar ealaíne a dhíol. An tráth céanna, ní chinnfeadh WestSpiel an dá shaothar ealaíne a dhíol murar bhraith sé ar dhearbhú na n-údarás lena mbaineann go ndéanfaí an brabús a scimeálfaí ón díol a 'athinfheistiú' (go páirteach) in WestSpiel.

4.3. **Argóintí breise**

(83) Maidir leis an gcumhdach caillteanais bhliantúil agus leis an instealladh caipitil araon, tá an Ghearmáin den tuairim nach bhféadfadh na bearta sin an iomaíocht a shaobhadh agus difear a dhéanamh don trádáil idir na Ballstáit, i bhfianaise staid mhonaplachta WestSpiel in NRW. Go háirithe, measann an Ghearmáin go mbeadh margadh na gcasaíní dúnta don iomaíocht de bhun Airteagail 1 agus 3 SpielbG NRW (seanleagan) sa tréimhse ábhartha (2009

([35]) Mar a mhínítear in aithris (30), díoladh WestSpiel idir an dá linn i mí Mheán Fómhair 2021.

([36]) Ina freagra an 4 Aibreán 2022, mhínigh an Ghearmáin conas a cinneadh méid an dá aisíocaíocht sin. Mhínigh siad é seo a leanas.
- Díscaoileadh an rannpháirtíocht dhíomhaoin ón 8 Eanáir 2021 nuair a síníodh an comhaontú díscaoilte an 4 Eanáir 2021.
- De bhun Airteagail 12.1 go 12.3 den chomhaontú comhpháirtíochta díomhaoine, bhí an comhpháirtí díomhaoin i dteideal íocaíocht chúitimh mar thoradh ar dhíscaoileadh frithpháirteach na comhpháirtíochta díomhaoine nó mar thoradh ar aon fhoirceannadh den chomhpháirtíocht dhíomhaoin ag an gcomhpháirtí díomhaoin.
- De bhun Airteagal 12.2, an chéad abairt agus an dara habairt, agus Airteagal 12.3, an chéad abairt, den chomhaontú comhpháirtíochta díomhaoine, chomhfhreagraigh méid iomlán na híocaíochta cúitimh do luach na comhpháirtíochta díomhaoine de réir na leabhar an 31 Nollaig 2020. I gcomhréir leis an gcomhaontú, ríomhadh an luach de réir na leabhar an 31 Nollaig 2020 mar an t-iarmhéid de chuntas ranníocaíochta, de chuntas iasachta agus de chuntas caillteanais na comhpháirtíochta díomhaoine mar a léirítear i ráitis airgeadais bhliantúla iniúchta agus dheimhnithe na cuideachta an 31 Nollaig 2020. Dá réir sin, bhí an chomhpháirtíocht dhíomhaoin rannpháirteach i dtoradh bliantúil 2020 i gcónaí.
- Ós rud é nach raibh fáil go fóill ar na ráitis airgeadais bhliantúla iniúchta do bhliain airgeadais 2020 tráth a síníodh an comhaontú díscaoilte i mí Eanáir 2021 agus dá bhrí sin nárbh fhéidir cinneadh ceangailteach críochnaitheach slán a dhéanamh go fóill maidir le méid an chúitimh, thoiligh an dá pháirtí sa chomhaontú díscaoilte d'aisíocaíocht in dhá thráthchuid.
- Socraíodh an chéad tráthchuid ag méid EUR 35 mhilliún sa chaoi is go ndéanfaí, ar bhonn an réamh-mheastacháin ar an toradh bliantúil do bhliain airgeadais 2020, a raibh éiginnteachtaí ag baint leis i gcónaí de réir na Gearmáine, ró-íocaíocht a sheachaint le dóchúlacht ar gheall le cinnteacht í.
- Socraíodh an dara tráthchuid, arbh í an tráthchuid deiridh í, ag méid na difríochta idir luach na comhpháirtíochta díomhaoine de réir na leabhar de réir na ráiteas airgeadais bliantúil an 31 Nollaig 2020, a ndearnadh iniúchadh orthu faoi dheireadh an 20 Aibreán 2021, agus méid na chéad tráthchoda de EUR 35 mhilliún. Ba é EUR 46 516 909 luach na comhpháirtíochta díomhaoine de réir na leabhar sna ráitis airgeadais iniúchta an 31 Nollaig 2020 ar deireadh. Dá bhrí sin, EUR 11 516 909 a bhí sa dara tráthchuid.

go 2015). Dar leis an nGearmáin, d'ainneoin na ráiteas i dtuarascáil bhliantúil 2014 WestSpiel (aithris 57 den chinneadh tosaigh) ([37]), ní fhéadfaí a áitiú go n-oibríonn WestSpiel ar an margadh céanna de réir bhrí dhlí na hiomaíochta san Aontas leis na soláthraithe seirbhíse ar líne atá ag obair go neamhdhleathach sa Ghearmáin go dtí seo. I gcás ar bith, míníonn an Ghearmáin, ó thaobh an nós imeachta de, d'fhéadfaí an ghné maidir le cé acu atá nó nach bhfuil státchabhair i gceist leis na bearta a fhágáil gan fhreagra, bunaithe ar chleachtas cinnteoireachta an Choimisiúin ([38]).

(84) D'fhéadfadh Airteagal 107(3), pointe (c) CFAE a bheith ar an gcéad bhonn comhoiriúnachta féideartha i bhfianaise léirscaoileadh an mhargaidh cearrbhachais. Míníonn an Ghearmáin go measfadh an Coimisiún gur chuspóir leasa choitinn ([39]) iad príobháidithe agus go mbeadh Airteagal 107(3), pointe (c) CFAE á chomhlíonadh i gcásanna inar ghá na bearta le haghaidh phríobháidiú na cuideachta faoi úinéireacht stáit agus nár cumhdaíodh leis na bearta ach míbhuntáiste iomaíoch na cuideachta faoi úinéireacht stáit i gcomparáid lena hiomaitheoirí ([40]). Dar leis an nGearmáin, chomhlíonfaí na ceanglais a bunaíodh le cleachtas cinnteoireachta an Choimisiúin sa chás atá idir lámha. Ar an dóigh sin, (a) ba é oscailt margaidh na hearnála an cuspóir leasa choitinn ([41]), (b) ba ghá na bearta chun an cuspóir sin a bhaint amach ([42]) agus (c) bheadh na bearta comhréireach freisin ([43]).

(85) Mar rogha air sin, measann an Ghearmáin go bhféadfaí Treoirlínte R&R a úsáid mar bhonn comhoiriúnachta ábhartha. Ar an dóigh sin, maíonn an Ghearmáin, cé nach raibh WestSpiel ina ghnóthas i gcruachás tráth deonaithe na mbeart líomhnaithe, bheadh sé ina ghnóthas den sórt sin dá n-ordódh an Coimisiún gnóthú na cabhrach agus cháileodh sé le haghaidh cúnamh tarrthála agus athstruchtúrúcháin ([44]).

5. BARÚLACHA Ó WESTSPIEL AGUS Ó NA GEARÁNAIGH

(86) Fuair an Coimisiún barúlacha ó WestSpiel agus ó na gearánaigh tar éis dhul in éag an sprioc-ama le haghaidh barúlacha ar an gcinneadh tosaigh. Ar mhaithe le hiomláine, tugtar achoimre ar na barúlacha sin anseo thíos.

([37]) '*… Mar a léirigh na gearánaigh, dealraíonn sé ó na ráitis i dtuarascáil bhliantúil 2014 WestSpiel gur mheas WestSpiel féin an iomaíocht le hoibreoirí cearrbhachais tráchtála agus leis an gcearrbhachas ar líne mar phríomhchúis leis na caillteanais a ghin WestSpiel an bhliain sin …'.[…].*

([38]) Féach e.g. aithrisí 487 agus 583 agus Airteagal 2(2) de Chinneadh C(2014) 6849 final ón gCoimisiún an 1 Deireadh Fómhair 2014 i gcás SA.14093 – bearta a chuir an Bheilg chun feidhme i bhfabhar Aerfort Charleroi na Bruiséile Theas agus Ryanair (IO L 325, 30.11.2016, lch. 63); aithrisí 190, 191 agus 257 agus Airteagal 2(2) de Chinneadh C(2014) 5084 final ón gCoimisiún an 23 Iúil 2014 i gcásanna SA.19880 agus SA.32576 – Flughafen Weeze/Niederrhein und Flughafen Niederrhein GmbH (IO L 269, 15.10.2015, lch. 1); aithris 120 de Chinneadh 2009/613/CE ón gCoimisiún an 8 Aibreán 2009 maidir leis na bearta a chuir an Ríocht Aontaithe chun feidhme i bhfabhar Royal Mail (IO L 210, 14.8.2009, lch. 16); aithris 139 agus Airteagal 1 de Chinneadh C(2019) 6836 final ón gCoimisiún an 20 Meán Fómhair 2019 i gcás SA.34402 maidir leis an mbeart a chuir an Ghearmáin chun feidhme le haghaidh Hochschul-Informations-System GmbH (IO L 74, 11.3.2020, lch. 22); agus go háirithe i gcásanna príobháidithe aithris 102 de Chinneadh 2008/722/CE ón gCoimisiún an 10 Bealtaine 2007 maidir leis an státchabhair a bhfuil sé beartaithe ag an nGréig í a chur chun feidhme le haghaidh scéim OTE um luathscor deonach (IO L 243, 11.9.2008, lch. 7).

([39]) Féach aithris 307 de Chinneadh 2008/765/CE ón gCoimisiún an 11 Nollaig 2007 maidir le cabhair Uimh. C 7/06 (ex NN 83/05) a chuir an Fhionlainn chun feidhme le haghaidh Tieliikelaitos/Destia (IO L 270, 10.10.2008, lch. 1).

([40]) Féach aithris 157 de Chinneadh C(2012) 1834 final ón gCoimisiún an 21 Márta 2012 maidir leis an mbeart SA.31479 (2011/C) (ex 2011/N) a bhfuil sé beartaithe ag an Ríocht Aontaithe é a chur chun feidhme le haghaidh Royal Mail Group (IO L 279, 12.10.2012, lch. 40).

([41]) Rannchuidíonn na bearta le baint amach cuspóra leasa choitinn, mar atá príobháidiú agus, dá bhrí sin, oscailt margaidh na hearnála casaíní in NRW.

([42]) Na bearta a rinneadh sa chás seo, i.e. an t-insealladh caipitil chun an míbhuntáiste struchtúrach a chúiteamh, is céimeanna tábhachtacha iad chun an gnóthas a oiriúnú do léirscaoileadh de réir a chéile san earnáil casaíní sa Réin Thuaidh-Viostfáil. I ngeall ar na bearta, beidh claonadh ag infheisteoirí príobháideacha WestSpiel a shealbhú, rud a bheidh ina chúis lena phríobháidiú. Dá bhrí sin, tá gá leis na bearta chun príobháidiú WestSpiel a bhaint amach agus le haghaidh na hoscailte margaidh san earnáil casaíní.

([43]) Is é is aidhm do na bearta míbhuntáiste iomaíoch na cuideachta faoi úinéireacht stáit i gcomparáid lena hiomaitheoirí a chúiteamh, agus é sin amháin. Mhínigh an Ghearmáin go bhfuil difríocht mhór idir muirear cánach WestSpiel agus an creat cánach le haghaidh cuideachtaí príobháideacha atá gníomhach san earnáil cearrbhachais fhoriomlán, agus nach raibh na bearta i gceist ina gcúis le haon 'róchúiteamh'. Léirítear sa chomparáid idir na muirir chánach, sa tréimhse ábhartha ó bhí 2006 ann, go raibh muirear cánach WestSpiel cuid mhór ní b'airde in 13 bliana de na 14 bliana ná mar a bheadh sé faoi ghnáthchánachas cuideachta. Sa tréimhse idir 2009 agus 2013 agus sa tréimhse sin amháin, d'éirigh leis an Réin Thuaidh-Viostfáil EUR 253,2 milliún san iomlán a bhailiú ó na tobhaigh de bhun Airteagail 12 go 14 SpielbG NRW (seanleagan). In éagmais aon idirghabháil ón Stát, ní bheadh sé ar a cumas ag an gcuideachta dul san iomaíocht lena hiomaitheoirí ar bhonn a tuillteanas.

([44]) Míníonn an Ghearmáin gur fhormheas an Coimisiún cabhair i gcásanna comhchosúla, e.g. Cinneadh 2005/345/CE ón gCoimisiún an 24 Feabhra 2004 maidir le cabhair athstruchtúrúcháin a chuir an Ghearmáin chun feidhme le haghaidh Bankgesellschaft Berlin AG (IO L 116, 4.5.2005, lch. 1).

5.1. **Barúlacha ó WestSpiel**

5.1.1. *Cumhdach caillteanais bhliantúil líomhnaithe*

(87) A mhéid a bhaineann leis an gcumhdach caillteanais bhliantúil líomhnaithe, míníonn WestSpiel nár mhó an cúiteamh líomhnaithe ar chaillteanais a d'íoc NRW.BANK le WestSpiel ná an gnáthsciar caillteanas a d'iompródh comhpháirtí teoranta i gcomhpháirtíocht theoranta ag oibriú ar chaillteanas. Go háirithe, ní dhéanfaí aon instealladh gaolmhar caipitil nua. Ní bheadh aon bheart inchurtha i leith an Stáit ach an oiread, mar b'uathoibríoch an t-ídiú caipitil i gcás caillteanais ag an gcomhpháirtíocht theoranta, i.e. bheadh sé neamhspleách ar aon chinneadh ón gcomhpháirtí teoranta.

5.1.2. *Instealladh caipitil líomhnaithe in 2015*

(88) A mhéid a bhaineann leis an instealladh caipitil in 2015, sonraíonn WestSpiel nach mbeadh aon chaipiteal úr faighte aige óna scairshealbhóir. Ina ionad sin, i gcomhaontú lena scairshealbhóir, dhíol sé cuid dá shócmhainní dílse (i.e. dhá shaothar ealaíne le Andy Warhol) chun leachtacht leordhóthanach a dhaingniú le haghaidh an athstruchtúraithe is gá.

(89) Áitíonn WestSpiel nár bheart neamhspleách a bheadh ann sin, cé gurbh fhíor gur ghá na fáltais ó dhíol an dá shaothar ealaíne a aistriú go NRW ar dtús mar thoradh ar an scimeáil brabúis 75 % dá bhforáiltear in Airteagal 14(1) SpielbG NRW (seanleagan). Go deimhin, ní bheadh san aistriú sin ach céim idirmheánach in idirbheart ilchéimneach, arbh é fáltais an díola a thabhairt ar ais do WestSpiel dearadh agus aidhm an idirbhirt ón tús. Bheadh gá leis na cistí sin le haghaidh athstruchtúrú WestSpiel trí rannpháirtíocht dhíomhaoin NRW.BANK ina chaipiteal comhpháirtíochta. Gan bheith cinnte go ndéanfaí na fáltais a 'ath-instealladh' (go páirteach) in WestSpiel, ní thoileodh bainistíocht WestSpiel riamh do dhíol na saothar, mar dhéanfaí dochar mór don chuideachta mar thoradh ar an díol sin.

(90) Míníonn WestSpiel freisin, i gcomhthéacs an athstruchtúrúcháin inghrúpa an 13 Eanáir 2021 (féach aithris (29)), gur díscaoileadh an rannpháirtíocht dhíomhaoin in WestSpiel. Rinne WestSpiel an chéad tráthchuid de EUR 35 mhilliún a aisíoc (óna chistí leachtacha dílse) an 19 Eanáir 2021. Aisíocadh an méid a bhí fágtha sa dara ráithe de 2021 tar éis fhormheasadh chuntais bhliantúla WestSpiel agus ba é sin an dara tráthchuid, agus an tráthchuid deiridh (féach aithris (81), an séú habairt).

5.2. **Barúlacha ó na gearánaigh**

5.2.1. *Cumhdach caillteanais bhliantúil líomhnaithe*

(91) A mhéid a bhaineann leis an gcumhdach caillteanais bhliantúil líomhnaithe, ní dhéanann na gearánaigh aon bharúil agus ní iarrann siad ach go gcuirfí de cheangal ar an nGearmáin a áirithiú go n-aisíocann WestSpiel NRW as an gcumhdach caillteanais bhliantúil a líomhnaítear a deonaíodh ó bhí 2009 ann.

5.2.2. *Instealladh caipitil líomhnaithe in 2015*

(92) Maidir leis an instealladh caipitil líomhnaithe in 2015, áitíonn na gearánaigh i gcónaí agus tugann siad tuilleadh sonraí ar a seasamh, mar a áitíodh freisin i gcásanna SA.44944 agus SA.53552, maidir leis an scimeáil brabúis dá bhforáiltear in Airteagal 14 SpielbG NRW (seanleagan), nach cáin a bheadh sa scimeáil brabúis sin go teicniúil ach ba dháileadh brabúis ar NRW é ina ról mar shocraitheoir taobh thiar de chomhpháirtíocht dhíomhaoin NRW.BANK in WestSpiel.

(93) Míníonn na gearánaigh, contrártha le conclúidí an Choimisiúin in aithrisí 83 agus 84 den chinneadh tosaigh, gurbh é dlí an Bhallstáit ábhartha, agus an dlí sin amháin, a bheadh cinntitheach i ngach cás chun tobhach a aicmiú mar cháin i ndáil le cur i bhfeidhm dhlí an Aontais maidir le státchabhair. I bhfocail eile, de réir na ngearánach, maidir le beart a bhfuil imscrúdú á dhéanamh air faoi dhlí an Aontais maidir le státchabhair, níor cháin a bheadh ann ach amháin dá n-aicmeofaí mar cháin é de réir an dlí náisiúnta. Sonraíonn na gearánaigh freisin nár ghá, mar sin féin, an sásra scimeála brabúis faoi Airteagal 14 SpielbG NRW (seanleagan) a cháiliú mar cháin chun teacht ar an gconclúid gur státchabhair neamhdhleathach atá san instealladh caipitil is ábhar don ghearán seo. B'amhlaidh a bheadh mar, fiú más rud é go bhféachtar ar an scimeáil brabúis mar dháileadh brabúis ar an gcomhpháirtí (indíreach) seachas mar cháin, d'eascródh cineál státchabhrach an insteallta caipitil as neamhchomhlíonadh na réamhriachtanas den tástáil MEIP, ar na cúiseanna a thug an Coimisiún in aithrisí 90 go 93 den chinneadh tosaigh.

6. MEASÚNÚ

6.1. Státchabhair a bheith ann

(94) De réir Airteagal 107(1) CFAE, 'aon chabhair a thabharfaidh Ballstát nó a thabharfar trí bhíthin acmhainní stáit i bhfoirm ar bith, agus a bhéarfaidh nó is baolach a bhéarfadh saobhadh ar iomaíocht trí thaobhú le gnóthais áirithe nó le táirgeadh earraí áirithe, ní luífidh sí leis an margadh inmheánach sa mhéid go dtéann sí i gcion ar an trádáil idir Ballstáit'.

(95) Cáilíonn beart mar státchabhair má chomhlíontar na coinníollacha carnacha seo a leanas: (a) tá an beart inchurtha i leith an Bhallstáit agus deonaítear é trí acmhainní stáit, (b) tugtar leis buntáiste eacnamaíoch roghnaitheach do ghnóthais áirithe nó do tháirgeadh earraí áirithe, (c) déantar an iomaíocht a shaobhadh nó saobhadh a bhagairt leis an mbuntáiste, agus (d) déanann an beart difear don trádáil laistigh den Aontas.

(96) Sna ranna seo a leanas, déanfaidh an Coimisiún measúnú ar chritéir an tsainmhínithe ar státchabhair in Airteagal 107(1) CFAE le haghaidh gach ceann den dá bheart a ndearnadh gearán fúthu.

6.1.1. *Cumhdach caillteanais bhliantúil líomhnaithe ó 2009 go 2015*

(97) A mhéid a bhaineann le beart an chumhdaigh caillteanais bhliantúil, is é an cheist is tábhachtaí cé acu a tugadh nó nár tugadh buntáiste do WestSpiel leis an mbeart. Measann an Coimisiún nach dtabharfaí buntáiste do WestSpiel leis an gcumhdach caillteanais bhliantúil agus dá bhrí sin, i ngeall ar chineál carnach na gcritéar faoi Airteagal 107(1) CFAE, gur féidir a chur as an áireamh gur ann do státchabhair gan é a bheith riachtanach measúnú a dhéanamh ar na critéir eile.

(98) Is é is buntáiste ann, de réir bhrí Airteagal 107(1) CFAE, aon tairbhe eacnamaíoch nach bhféadfadh gnóthas a fháil faoi ghnáthdhálaí an mhargaidh, is é sin in éagmais idirghabháil Stáit ([45]). Ní ábhartha ach éifeacht an bhirt ar an ngnóthas, seachas cúis ná cuspóir na hidirghabhála Stáit ([46]). Is ann do bhuntáiste aon uair a dhéantar staid airgeadais ghnóthais a fheabhsú mar thoradh ar idirghabháil Stáit ([47]) ar théarmaí atá éagsúil le gnáthdhálaí margaidh. Chun measúnú a dhéanamh ar an toisc sin, ba cheart staid airgeadais an ghnóthais tar éis an bhirt a chur i gcomparáid lena staid airgeadais dá mba rud é nach ndearnadh an beart ([48]). Toisc nach ábhartha ach éifeacht an bhirt ar an ngnóthas, is neamhábhartha é cé acu atá nó nach bhfuil an buntáiste éigeantach don ghnóthas sa chiall nach féidir leis é a sheachaint ná diúltú dó ([49]).

(99) Tá an Coimisiún den tuairim nach dtugtar buntáiste do WestSpiel leis an gcumhdach caillteanais bhliantúil i ngeall ar dhá bhonn réasúnaíochta, toisc nár ídigh WestSpiel ach a chaipiteal dílis nuair a bhí sé ag comhlíonadh an cheanglais a bhí air faoi dhlí na gcuideachtaí sa Ghearmáin (féach roinn 6.1.1.1) agus toisc go ngníomhódh infheisteoir príobháideach inchomparáide ar an gcaoi chéanna agus dá bhrí sin deonaíodh an bearta faoi ghnáthdhálaí margaidh (féach roinn 6.1.1.2).

6.1.1.1. Ídiú uathoibríoch an chaipitil

(100) Ar an gcéad dul síos, in aithris 62 den chinneadh tosaigh, níorbh fhéidir leis an gCoimisiún teacht ar chonclúid agus cinneadh críochnaitheach a dhéanamh maidir le cé acu a d'iompair nó nár iompair NRW.BANK agus NRW caillteanais WestSpiel (nó cuid díobh) iarbhír nó a chinn siad cé acu a chuirfí nó nach gcuirfí ar fáil an caipiteal ba ghá chun na caillteanais a chumhdach, nó an dá rud. Bhí an Coimisiún, ag an réamhchéim sin (féach aithrisí 63 go 65 den chinneadh tosaigh), den tuairim go gcuirfí caillteanais WestSpiel do dhochar chuntas caipitil NRW.BANK, sa chaoi is go n-aistreofaí cistí ó chuntas de chuid NRW.BANK go WestSpiel agus go raibh buntáiste de réir bhrí Airteagal 107(1) CFAE ag baint leis an mbeart *prima facie*. Mar sin féin, d'iarr sé ar an nGearmáin soiléiriú breise a thabhairt chun measúnú a dhéanamh ar impleachtaí na hoibríochta ó thaobh státchabhrach de.

([45]) Breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 11 Iúil 1996, *SFEI agus Eile*, Cás C-39/94, ECLI:EU:C:1996:285, mír 60; breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 29 Aibreán 1999, *An Spáinn v An Coimisiún*, Cás C-342/96, ECLI:EU:C:1999:210, mír 41.

([46]) Breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 2 Iúil 1974, *An Iodáil v an Coimisiún*, Cás C-173/73, ECLI:EU:C:1974:71, mír 13.

([47]) Ní thagraíonn an téarma 'idirghabhálacha Stáit' do ghníomhaíochtaí dearfacha a dhéanann an Stát agus dóibh sin amháin ach cumhdaítear leis freisin nach ndéanann na húdaráis bearta in imthosca áirithe, mar shampla chun fiacha a fhorfheidhmiú. Féach, mar shampla, breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 12 Deireadh Fómhair 2000, *An Spáinn v an Coimisiún*, C-480/98, ECLI:EU:C:2000:559, míreanna 19 agus 20.

([48]) Breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 2 Iúil 1974, *An Iodáil v an Coimisiún*, Cás C-173/73, ECLI:EU:C:1974:71, mír 13.

([49]) Féach aithris 69 de Chinneadh 2004/339/CE ón gCoimisiún an 15 Deireadh Fómhair 2003 maidir leis na bearta a chuir an Iodáil chun feidhme le haghaidh RAI SpA (IO L 119, 23.4.2004, lch. 1); tuairim an Abhcóide Ghinearálta Fennelly an 26 Samhain 1998, *An Fhrainc v an Coimisiún*, C-251/97, ECLI:EU:C:1998:572, mír 26.

(101) Mar a shonraítear in aithrisí (63) go (67), míníonn an Ghearmáin ina barúlacha maidir leis an gcinneadh tosaigh nach mbeadh cúiteamh díreach ar a chaillteanais faighte riamh ag WestSpiel ó NRW.BANK mar a chomhpháirtí teoranta aonair agus nach ndearna sé le fírinne ach a chaipiteal cothromais (a ranníocadh in 1978 agus 2002) a ídiú chun a chaillteanais charntha a chúiteamh; i.e. níorbh ann d'aon íocaíocht dhíreach ó NRW.BANK. Ina ionad sin, tagraíonn an Ghearmáin don sásra fritháirithe caillteanais trí asbhaint uathoibríoch ó chuntas caipitil na comhpháirtíochta faoi dhlí na gcuideachtaí sa Ghearmáin.

(102) Ar bhonn na seasamh sin agus ar na cúiseanna seo a leanas, tá an Coimisiún den tuairim nár tugadh buntáiste do WestSpiel leis an gcumhdach caillteanais bhliantúil, mar níor cuimsíodh leis aon aistriú cistí ó lasmuigh den chuideachta agus b'uathoibriú iomlán dlíthiúil é chun caillteanais WestSpiel laistigh dá chuntas féin a fhritháireamh de réir oibleagáid faoi dhlí na gcuideachtaí sa Ghearmáin.

(103) Go deimhin, ní raibh sa chumhdach caillteanais bhliantúil ach iarmhairt den oibleagáid faoi Airteagal 161(2) HGB i gcomhar le hAirteagal 120 HGB (seanleagan) faoina ndéantar, i gcás ina gcláraítear caillteanais bhliantúla ar chlár comhardaithe comhpháirtíochta teoranta, na caillteanais a leithdháiltear ar chomhpháirtí a asbhaint go huathoibríoch ón sciar den chaipiteal. Dá bhrí sin, an sciar de chaillteanais bhliantúla NRW.BANK mar chomhpháirtí teoranta aonair WestSpiel, asbhaineadh é ón gcaipiteal cothromais a bhí ann cheana den chuideachta agus ní raibh gá le haon ranníocaíocht caipitil nua ó lasmuigh den chuideachta. I ngeall ar an uathoibriú iomlán dlíthiúil sin, ní raibh baint ar bith ag an Stát leis an bpróiseas ach an oiread agus ní dhearnadh cinneadh gníomhach maidir le cumhdach caillteanais bhliantúil.

(104) Dá bhrí sin, contrártha le conclúidí an Choimisiúin in aithris 63 den chinneadh tosaigh, níor tharla aon aistriú cistí ó chuntas caipitil NRW.BANK go WestSpiel; go deimhin, de réir an tsásra cúitimh dá ndéantar foráil in HGB, fritháiríodh caillteanais WestSpiel láithreach ag deireadh gach bliana laistigh de chaipiteal cothromais na cuideachta (a chuir NRW.BANK ar fáil tráth mar chomhpháirtí teoranta aonair WestSpiel) agus dá bhrí sin níor tharla an sásra ach laistigh de chuntais dhílse WestSpiel amháin. Dá réir sin, ní bhfuair WestSpiel aon íocaíocht ó lasmuigh den chuideachta agus dá bhrí sin níor cuireadh feabhas ar a staid eacnamaíoch tríd an sásra cumhdaigh caillteanais.

6.1.1.2. Iompraíocht infheisteora phríobháidigh inchomparáide

(105) Ar an dara dul síos, athraíonn an Coimisiún a sheasamh a chuirtear i láthair in aithris 64 den chinneadh tosaigh gur díreach de bharr gur ghlac NRW.BANK le caillteanais bhreise WestSpiel d'ainneoin na gcaillteanas leanúnach sna blianta roimhe sin, gan measúnú *ex ante* a dhéanamh ar cé acu a dhéanfaidh sé a scairsheilbh in WestSpiel a choinneáil ar bun nó a leachtú chun cuid den chaipiteal nár cailleadh go fóill a choimeád, go bhféadfadh sé gur bhuntáiste míchuí é sin ann féin, ó tharla nach bhféadfaí glacadh leis gurbh ar an gcaoi sin a ghníomhódh infheisteoir príobháideach in imthosca inchomparáide. Mar a mhínítear in aithris (68), tá an Ghearmáin den tuairim nach mbeadh údar leis an amhras sin. Chun a mhíniú gurbh ar an gcaoi sin a ghníomhódh infheisteoir príobháideach go deimhin, tugann an Ghearmáin tuairisc ar dhá chás éagsúla gnímh ó NRW.BANK (leachtú agus díol WestSpiel).

(106) Ar bhonn na faisnéise breise a sholáthair an Ghearmáin agus i bhfianaise an mheasúnaithe seo a leanas, tá an Coimisiún den tuairim maidir le hinfheisteoir príobháideach in imthosca inchomparáide nach roghnódh sé ceann de na cásanna malartacha, mar atá leachtú nó díol WestSpiel (cásanna frithfhíorasacha), de rogha ar dheonú an chumhdaigh caillteanais bhliantúil (cás fíorasach), mar is é an rogha dheiridh sin an cás is réasúnaí. Gheobhadh WestSpiel an tairbhe eacnamaíoch céanna faoi ghnáthdhálaí an mhargaidh agus (anuas ar na cúiseanna a chuirtear i láthair i roinn 6.1.1.1) níor tugadh buntáiste do WestSpiel leis an gcumhdach caillteanais bhliantúil.

— *Measúnú ar na cásanna frithfhíorasacha (leachtú agus díol)*

— *Cás 1: leachtú WestSpiel*

(107) Ina barúlacha ar an gcinneadh tosaigh, míníonn an Ghearmáin nárbh fhéidir le NRW.BANK, le linn na tréimhse lena mbaineann ó 2009 go 2015, a ranníocaíocht chaipitil bhunaidh in WestSpiel a choimeád trí leachtú na cuideachta (féach aithrisí (69) go (71)), mar ba léir go mbeadh luach leachtaithe WestSpiel diúltach tar éis an phróisis foirceanta/leachtaithe ar bhonn Airteagal 143 et seq. HGB agus Airteagal 730 et seq. BGB.

(108) Aontaíonn an Coimisiún leis an nGearmáin a mhéid a mhíníonn sí nach mbeadh leachtú WestSpiel ina rogha mhalartach a bheadh réasúnta go heacnamaíoch ar an gcumhdach caillteanais bhliantúil, mar léirítear go deimhin leis na breithnithe seo a leanas gur dhiúltach a bheadh luach leachtaithe WestSpiel.

— *Luach leachtaithe de réir thuairisc na Gearmáine ar an bpróiseas*

(109) Trí thuairisc a thabhairt ar chóras agus ar phróiseas teoiriciúil leachtú WestSpiel, míníonn an Ghearmáin ar bhealach mionsonraithe sothuigthe, maidir leis an gcaipiteal ba ghá chun na creidiúnaithe a shásamh de réir Airteagal 148(5), an chéad abairt, HGB, an fáth ar mhó an caipiteal sin ná caipiteal WestSpiel atá ar fáil. Tuigeann an Coimisiún ón tuairisc sin gur ghá an cúiteamh as líon mór dliteanas i leith tríú páirtithe, lena n-áirítear dliteanais phinsin mhóra, costais foirceanta conartha (e.g. conarthaí fostaíochta agus cíosa) agus leachtú míreanna sócmhainne seasta agus reatha a chur san áireamh agus go mbeadh laghduithe móra ar luach WestSpiel de réir na leabhar ina dtoradh air sin.

(110) Thairis sin, deimhníonn an Coimisiún freisin argóint na Gearmáine gur ghá go ndéanfaí difear freisin do ranníocaíocht NRW.BANK sa mhéid nárbh ann do luach ranníocaíochta le haghaidh NRW.BANK ach amháin i gcás iarmhéid dearfach (féach Airteagal 171(1) HGB i gcomhar le hAirteagal 167(3), Airteagal 149, an chéad abairt, Airteagal 161(2) HGB) (féach aithris (70)). Soiléiríonn an Coimisiún go sonraítear in Airteagal 171(1) HGB i gcomhar le hAirteagal 167(3) HGB (seanleagan) go bhfuil an comhpháirtí teoranta faoi dhliteanas díreach i leith chreidiúnaithe ach go bhfuil an dliteanas sin teoranta don infheistíocht chaipitil/don ranníocaíocht chaipitil atá fágtha (‘*Haftsumme*’) den chomhpháirtí. Sa chomhthéacs sin, sonraíonn an Coimisiún go bhfuil feidhm ag an dliteanas teoranta sin maidir leis an bpróiseas leachtaithe freisin. An chuid atá fágtha de ranníocaíocht chaipitil an chomhpháirtí theoranta, ar luach EUR 35,5 milliún a ranníoc NRW.BANK i dtosach (féach aithris (28)), bheadh sé ina chuid den chaipiteal sin a d’úsáidfí chun dliteanais na cuideachta a chúiteamh.

(111) Sonraíonn an Coimisiún gur sholáthair an Ghearmáin anailís mhionsonraithe ar an gcás leachtaithe le haghaidh WestSpiel ach nár sholáthair sí aon fhianaise chruthaithe ar an líomhain go raibh an luach leachtaithe diúltach, mar shampla trí údar a thabhairt le dliteanais aonair WestSpiel i leith tríú páirtithe le huimhreacha sonracha. Ní dhéanann an Ghearmáin ach ‘*ríomhanna measta*’ a lua go fánach, agus ní thugtar údar ar bith leo.

— *Luach leachtaithe de réir chuntais bhliantúla WestSpiel*

(112) An argóint a dhéanann an Ghearmáin *(‘bheadh luach leachtaithe WestSpiel diúltach’)* chun diúltú don chás leachtaithe, deimhnítear é i gcás ar bith leis na torthaí sna cuntais bhliantúla agus i gcuntais chomhdhlúite bhliantúla/tuarascálacha bainistíochta grúpa WestSpiel a rinne [cuideachta iomráiteach iniúchóireachta eile] (‘Tuarascálacha [XY]’).

(113) Go háirithe, an caidreamh idir dliteanais agus caipiteal le linn na tréimhse ó 2009 go 2015 a léirítear sna doiciméid sin, bheadh luach leachtaithe diúltach WestSpiel ina thoradh air: De réir an chuntais bhliantúil le haghaidh bhliain ghnó 2009, ba é EUR 25,3 milliún luach iomlán dhliteanais WestSpiel agus ba é EUR 27,9 milliún caipiteal na cuideachta. Ansin, ó bhliain ghnó 2010 ar aghaidh, ba mhó méid na ndliteanas (ar luach EUR 22,7 milliún) ná caipiteal WestSpiel (ar luach EUR 22,1 milliún) agus níor tháinig athrú ar an staid sin sna blianta go dtí 2015. Dá bhrí sin, an tráth sin, tar éis a chreidiúnaithe a shásamh ar bhonn Airteagal 148(5), an chéad abairt, HGB trí dhliteanais a chúiteamh le caipiteal, ba léir go mbeadh luach leachtaithe diúltach ag WestSpiel, mar a líomhnaíonn an Ghearmáin.

(114) Ón measúnú roimhe seo agus ar bhonn na staide ar thug an Ghearmáin tuairisc uirthi mar a léirítear in aithrisí (69) go (71), tá an Coimisiún den tuairim nach mbeadh leachtú WestSpiel ina rogha mhalartach a bheadh réasúnta go heacnamaíoch ar an gcumhdach caillteanais bhliantúil tráth deonaithe an cumhdach caillteanais bhliantúil.

— *Cás 2: díol WestSpiel*

(115) Ina barúlacha ar an gcinneadh tosaigh, míníonn an Ghearmáin gur trí dhíol amháin a d'fhéadfadh NRW.BANK an t-ualach de dheasca chaillteanais WestSpiel a sheachaint (féach aithrisí (72) go (74)). De réir na Gearmáine, dá ndíolfaí WestSpiel roimh 2015, ní bhfaighidh an Ghearmáin aon phraghas sásúil agus thabhódh sí caillteanais charntha dá bhrí sin. Soláthraíonn an Ghearmáin fianaise i bhfoirm tagairt do leathanach 101 de Thuarascáil [IBR], ina sonraítear maidir le hiarmhéid íocaíochta WestSpiel, fiú dá gcuirfí san áireamh an t-instealladh caipitil a bhí beartaithe an tráth sin i bhfoirm na rannpháirtíochta díomhaoine, nach mbeadh an t-iarmhéid sin dearfach go dtí na blianta ó 2021 go 2023. Go deimhin, mar a mhínítear in aithris (30), díoladh WestSpiel le Gauselmann Group faoi dheireadh i mí Mheán Fómhair 2021 ar phraghas ceannaigh EUR 141,8 milliún.

(116) Ar na cúiseanna seo a leanas, tá an Coimisiún den tuairim freisin nach gcuimhneodh infheisteoir príobháideach inchomparáide ar dhíol WestSpiel le linn na tréimhse inar chinn NRW.BANK leanúint de chaillteanais WestSpiel a chumhdach.

— *Measúnú ar staid airgeadais ghinearálta WestSpiel ó 2009 go 2015*

(117) Amhail an chéad chás (féach aithrisí (112) go (114)), rinne an Coimisiún scrúdú arís ar an bhfianaise a sholáthair an Ghearmáin ar bhonn chuntais bhliantúla WestSpiel agus Thuarascálacha [XY] le haghaidh na mblianta 2009 go 2015 agus sonraíonn go ndeimhnítear leis na figiúirí gnó iontu sin easpa réasúnachta le haghaidh dhíol WestSpiel le linn na tréimhse sin.

(118) Le haghaidh an chéad cháis (an leachtú), theorannaigh an Coimisiún a mheasúnú ar na cuntais bhliantúla agus ar Thuarascálacha [XY] don ghaol idir caipiteal WestSpiel agus a dhliteanais chláraithe i leith tríú páirtithe. Maidir leis an dara cás (an díol), measann an Coimisiún gur gá féachaint freisin ar staid eacnamaíoch ghinearálta WestSpiel sna blianta éagsúla agus ar an meastachán a rinne sainchomhairleoirí [XY] maidir leis an bhforbairt ar bhrabúsacht WestSpiel sa todhchaí chun meastóireacht a dhéanamh ar réasúnaíocht díola.

(119) Tuigeann an Coimisiún an méid seo a leanas ó na cuntais bhliantúla agus ó Thuarascálacha [XY] atá ar fáil maidir le cás WestSpiel sna blianta ó 2009 go 2015:

— De réir Thuarascálacha [XY], tháinig laghdú ar ollioncam WestSpiel ó chearrbhachas cheana féin in 2009 arbh fhéidir é a rianú siar go hathruithe sa reachtaíocht náisiúnta maidir leis an mbeartas in NRW faoina gcuirtear cosc ar thobac atá i bhfeidhm ó bhí 2007 ann agus rialuithe níos déine maidir le cead isteach go casaíní, chomh maith le forbairt cluichí tráchtála/cearrbhachais neamhdhleathaigh ar líne agus an córas cánach nua le haghaidh casaíní in NRW atá i bhfeidhm ón 1 Eanáir 2008. Le haghaidh 2009, chláraigh WestSpiel glanchaillteanais deiridh dar luach EUR 7,9 milliún. Faoin tráth sin, bhí WestSpiel faoi réir cháin 50 % ar ollioncam a chasaíní ó chearrbhachais i gcónaí ([50]). Léirítear i dTuarascáil [XY] go raibh bainistíocht WestSpiel, agus dá bhrí sin NRW.BANK freisin mar a chomhpháirtí teoranta aonair, ar an eolas faoin gcás sin agus faoi na rioscaí a chuir leanúint leis an gcuideachta i mbaol. Dá bhrí sin, rinne bainistíocht WestSpiel roinnt bearta coisctheacha amhail próiseas athstruchtúrúcháin a thionscnamh agus iarrataí a dhéanamh ar laghdú ar an gcáin ar chasaíní le haghaidh suíomhanna casaíne sonracha.

— In 2010, tháinig forbairt ar an gcás ar an mbealach céanna le 2009 agus rinneadh bearta breise chun costais a laghdú amhail oiriúnú táirgí agus tairiscintí. Réamh-mheasadh glanchaillteanais deiridh EUR 12 mhilliún le haghaidh 2012 (beagnach dhá oiread ghlanchaillteanais deiridh EUR 5,8 milliún in 2010).

([50]) Féach Airteagal 12 SpielbG NRW, a tugadh isteach le Gesetz des Landes Nordrhein-Westfalen zum Staatsvertrag zum Glücksspielwesen in Deutschland an 30 Deireadh Fómhair 2007; GV. NRW. Ausgabe 2007 Nr. 24 vom 14.11.2007 Seite 441 bis 460 | RECHT.NRW.DE.

— In 2011, measadh i dTuarascáil [XY] go raibh feabhas beag tagtha ar chás WestSpiel le glanchaillteanais is ísle EUR 3,5 milliún.

— Tháinig méadú ar na glanchaillteanais go EUR 10,3 milliún in 2012 agus bhí meath leanúnach ar ollioncam WestSpiel ó chearrbhachas. Mar sin féin, sonraítear cuntais chomhardaithe nach mór le haghaidh na bliana sin i dTuarascáil [XY] mar thoradh ar thorthaí bhliantúla dhearfacha ag suíomh an chasaíne in Duisberg. Mar sin féin, bhí coinne ag an mbainistíocht le hualach ollmhór ar leachtacht WestSpiel in 2013.

— Ó 2012 ar aghaidh, bhí feidhm ag an tsamhail nua cánach ar chasaíní lenar bhain ollioncam is ísle ó chearrbhachas de 30 %, mar a shonraítear in aithrisí (31) agus (33) ([51]). Chláraigh WestSpiel glanchaillteanais dar luach EUR 8,96 milliún in 2013 i gcónaí, rud a thug ar an mbainistíocht athstruchtúrú breise a fhorbairt chun leachtacht a áirithiú go dtí 2022, lenar bhain díol na saothar ealaíne agus an t-instealladh caipitil tar éis na scimeála brabúis, mar a shonraítear in aithrisí (46) agus (47). Réamh-mheastar i dTuarascáil [XY] glanbhrabús deiridh EUR 4,4 milliún le haghaidh 2014 tar éis an athstruchtúrúcháin.

— De réir Thuarascáil [XY] le haghaidh 2014, mar iarmhairt ar chur chun feidhme na mbeart athstruchtúrúcháin, bhain WestSpiel toradh dearfach amach i bhfoirm glanbhrabús dar luach EUR 3,3 milliún, mar aon le glanchaillteanais is ísle ná EUR 1 mhilliún ina dhiaidh sin in 2015.

(120) Dá bhrí sin, deimhnítear leis na doiciméid a bhí ar fáil don Choimisiún an líomhain a rinne an Ghearmáin nach mbeadh WestSpiel ina infheistíocht tharraingteach do cheannaitheoir teoiriciúil tráth ar bith idir 2009 agus 2015 i ngeall ar a ghlanchaillteanais leanúnacha agus na deacrachtaí a bhí aige le dúshláin ó thaobh reachtaíochta de ar an leibhéal náisiúnta.

(121) A mhéid a thagraíonn an Ghearmáin don réamh-mheastachán maidir le leachtacht WestSpiel ar leathanach 101 de Thuarascáil [IBR] (ar bhonn na gcuntas bliantúil/Thuarascálacha [XY] de 2013 agus 2014), sonraíonn an Coimisiún, contrártha le tuairisc na Gearmáine, nach n-áirítear leis an anailís an cás lena mbaineann an t-instealladh caipitil mar chuid den athstruchtúrú ach go n-áirítear forbairt leachtacht WestSpiel gan an t-instealladh caipitil a bhí beartaithe (tar éis dhíol na saothar ealaíne agus na scimeála brabúis). Mar sin féin, maidir le léirmhíniú mícheart sin na Gearmáine ar Thuarascáil [IBR], ní athraíonn sé tuairim an Choimisiúin agus deimhníonn sé tuilleadh é, mar léirítear sa chairt in aithris (74) go mbeadh iarmhéid íocaíochta WestSpiel diúltach i gcónaí go dtí 2021 gan an t-instealladh caipitil. Dá bhrí sin, dar leis an gCoimisiún, níl sé réalaíoch, maidir leis na caillteanais a tabhaíodh sa chaipiteal a soláthraíodh do WestSpiel, go bhféadfadh NRW.BANK na caillteanais sin a chúiteamh leis an bpraghas ceannaigh a gheobhadh sé ó dhíol an tráth sin.

(122) Thairis sin, bíonn próiseas dlíthiúil casta agus fada ag baint le díol gnólachta, ar an mbealach céanna le leachtú. Anuas ar na rialacha ginearálta a leagtar síos sa dlí tráchtála agus i ndlí na gcuideachtaí, is ann do cheanglais freisin faoin dlí saothair e.g. maidir le haistriú pearsanra de réir Airteagal 613a BGB agus dearadh pleananna sóisialta de réir bhrí Airteagal 112 d'Acht na Gearmáine um Eagrú na hOibre (*Betriebsverfassungsgesetz, BetrVG*) agus faoin dlí cánach (amhail an oibleagáid cáin ioncaim, cáin ghnó agus cáin chorparáide, agus cáin bhreisluacha a íoc) agus faoi dhlí na hiomaíochta (maidir le cumasc féideartha a bheith faoi réir rialacha an Aontais um rialú cumasc).

(123) Ón méid thuas, tá an Coimisiún den tuairim nach mbeadh díol WestSpiel ina rogha réasúnta don Ghearmáin tráth deonaithe an chumhdaigh caillteanais bhliantúil.

— *Measúnú ar an gcás fíorasach (cumhdach caillteanais bhliantúil)*

([51]) Féach Airteagal 12 SpielbG NRW, arna leasú le hAirteagal 3 de Gesetz zum Ersten Staatsvertrag zur Änderung des Staatsvertrages zum Glücksspielwesen in Deutschland (Erster Glücksspieländerungsstaatsvertrag - Erster GlüÄndStV); GV. NRW. Ausgabe 2012 Nr. 29 vom 22.11.2012 Seite 523 bis 546 | RECHT.NRW.DE.

(124) Tá an Coimisiún den tuairim go bhfuil an cás fíorasach a roghnaigh NRW.BANK ar an gcur chuige is réasúnta ó scairshealbhóir.

(125) Go ginearálta, tá cumhdach caillteanais bhliantúil ag scairshealbhóirí ina chleachtas comónta i gcuideachtaí, go minic ar bhonn comhaontuithe aistrithe brabúis agus caillteanais laistigh de struchtúir chorparáideacha a dhéantar idir an mháthairchuideachta agus a fochuideachtaí ([52]). Thairis sin, is féidir féachaint ar an gcumhdach caillteanais bhliantúil sin mar iompraíocht éighníomhach infheisteora, mar bíonn oibleagáid ar scairshealbhóirí caillteanais a fhritháireamh i gcuntais bhliantúla cuideachta lena ngnáthscair faoi dhlí na gcuideachtaí sa Ghearmáin, mar a mhínítear in aithrisí (103) agus (104), agus dá bhrí sin is sásra iomlán uathoibríoch a bhíonn sa chumhdach caillteanais bhliantúil nach gá cinneadh ar leith ó scairshealbhóir lena aghaidh.

(126) Dá bhrí sin, tá an Coimisiún den tuairim go roghnódh infheisteoir príobháideach an tríú cás as na trí chás (díol láithreach/leachtú/'gan gníomh ar bith'), fiú gan tuarascáil ó shaineolaí ná doiciméid tacaíochta eile.

(127) Ar an dóigh sin, ní féidir a rá go gcloítear le MEIP i gcónaí i gcás díol gnólachta go díreach tar éis dó caillteanas a thabhú nó infheistiú caipitil úir chun gnólacht (a thabhaíonn caillteanas) a choinneáil i mbun gnó. Ina ionad sin, is amhlaidh gur gá measúnú a dhéanamh ar aon chinneadh (cibé acu dífheistiú, an *status quo* a choinneáil ar bun, nó caipiteal úr a chur isteach) ar bhonn a thuillteanas, ar bhonn cás ar chás, agus is gá meastóireacht a dhéanamh ar an gcinneadh in aghaidh iompraíocht infheisteora stuama sa mhargadh.

— *Conclúid maidir leis an mbuntáiste*

(128) Dá bhrí sin, i bhfianaise an mhéid thuas, cinneann an Coimisiún nár tugadh buntáiste eacnamaíoch do WestSpiel leis an gcumhdach caillteanais bhliantúil líomhnaithe, toisc nár ídíodh ach caipiteal dílis WestSpiel leis na híocaíochtaí sin (féach aithrisí (100) go (104)) agus toisc gur iompair NRW.BANK ar bhealach a bhí réasúnta go heacnamaíoch agus cinneadh á dhéanamh aige a ranníocaíocht chaipitil in WestSpiel a choinneáil ar bun, sa mhéid go raibh ciall eacnamaíoch le cinneadh gan díol faoina luach agus fanacht ar laethanta níos fearr (fiú más rud é gurb é an toradh air sin – nó an toradh a d'fhéadfadh a bheith air sin – leanúint de chaillteanais a thabhú, i.e. go dtiocfadh laghdú ba mhó arís ar chaipiteal WestSpiel) nuair a d'fhéadfadh sé an t-ídiú caipitil sin a chúiteamh trí WestSpiel a dhíol ar bhrabús.

6.1.2. *Instealladh caipitil líomhnaithe in 2015*

6.1.2.1. An gaol idir an sásra scimeála brabúis agus an t-instealladh caipitil

(129) Chun a chinneadh cé acu a cháileofar nó nach gcáileofar an t-instealladh caipitil líomhnaithe mar státchabhair, ní mór don Choimisiún measúnú a dhéanamh ar dtús ar cé acu an gá féachaint ar an scimeáil brabúis in 2014 ([53]) agus ar an instealladh caipitil dar luach EUR 64,8 milliún a rinne NRW in WestSpiel in 2015 mar dhá bheart éagsúla nó mar aon oibríocht aonair amháin.

(130) Ar bhonn na faisnéise a sholáthair an Ghearmáin faoi chóras an insteallta caipitil (féach aithrisí (48) agus (49)), tháinig oibleagáid NRW.BANK caipiteal comhpháirtíochta breise a ranníoc le WestSpiel chun bheith ceangailteach ó thaobh dlí de dá réir sin an 1 Nollaig 2015 i gcomhréir leis an gcomhaontú iontaobhaithe agus ar chomhlíonadh an choinníll íocaíochta a bhí fós le comhlíonadh (*'… gan [bheith] roimh shíniú an chomhaontaithe comhpháirtíochta*

([52]) Féach, mar shampla, Cinneadh C(2011) 632 leagan deireanach ón gCoimisiún an 23 Feabhra 2011 maidir le státchabhair SA.20255 C 58/06 (ex NN 98/05) a chuir an Ghearmáin chun feidhme le haghaidh Bahnen der Stadt Monheim (BSM) agus Rheinische Bahngesellschaft (RBG) in Verkehrsverbund Rhein-Ruhr (IO L 210, 17.8.2011, lch. 1); Cinneadh C(2011) 3899 ón gCoimisiún an 15 Meitheamh 2011 maidir le státchabhair SA.31296 (N 322/2010) – An Ghearmáin – Kommunale Wasserwerke Leipzig GmbH (IO C 1, 4.1.2013, lch. 2); Cinneadh C(2024) 2781 final ón gCoimisiún an 13 Meitheamh 2024 maidir le státchabhair SA.55744 (2024/C) (ex 2019/FC) – Cabhair líomhnaithe do WestVerkehr (IO C, C/2024/4762, 30.7.2024, lch. 1); Cinneadh C(2022) 639 final ón gCoimisiún an 31 Eanáir 2022 maidir le státchabhair SA.50952 2022/C) (ex 2018/FC) – Bearta státchabhrach líomhnaithe i bhfabhar DB Cargo (IO C 316, 18.8.2022, lch. 20). Tacaíonn Airteagal 302(1) AktG leis an gcleachtas sin freisin, agus déantar foráil go sainráite ann go bhféadfadh an páirtí eile i gcomhaontú rialála nó aistrithe brabúis cumhdach caillteanais bhliantúil a sholáthar.

([53]) Ar bhonn Airteagal 14 SpielbG NRW (seanleagan) (féach aithris (32)), inar ceanglaíodh ar WestSpiel 75 % dá bhrabús bliantúil foriomlán, méid tuairim is EUR 82 mhilliún tar éis dhíol an dá shaothar ealaíne dá bhrí sin, a aistriú go NRW.

díomhaoine …', mar a mhínítear in aithris (26)). Dá bhrí sin, tá an Coimisiún den tuairim gurbh é an 1 Nollaig 2015 dáta deonaithe iarbhír an bhirt. Ní thagann athrú ar sheasamh an Choimisiúin ach an oiread mar níor aistríodh na cistí ranníocaíochta ó NRW go NRW.BANK mar iontaobhaí ach an 10 Nollaig 2015 agus tharla aistriú deiridh na gcistí sin ó NRW.BANK go WestSpiel an 15 Nollaig 2015, mar níorbh ann sin ach tabhairt i gcrích an phróisis.

(131) Measann an Ghearmáin gur ghá féachaint ar an sásra scimeála brabúis agus ar an instealladh caipitil mar aon oibríocht aonair amháin, agus go bhféadfadh NRW Airteagal 14 SpielbG NRW (seanleagan) a mhodhnú freisin seachas caipiteal a instealladh in WestSpiel.

(132) De réir na Gearmáine, nuair a dhéantar measúnú air ina iomláine, bheadh ina thoradh ar an scimeáil brabúis in 2014 dar luach tuairim is EUR 82 mhilliún, i gcomhar le 'hath-instealladh' EUR 64,8 milliún in WestSpiel in 2015, glansreabhadh airgeadais dar luach tuairim is EUR 17,2 milliún ó WestSpiel go dtí an Stát. Bunaithe ar an tuairim sin, áitíonn an Ghearmáin gur mhíbhuntáiste seachas buntáiste a thabharfaí do WestSpiel leis an mbeart. Ní aontaíonn an Coimisiún leis an argóint sin, áfach. Go deimhin, ní fobhearta iad an scimeáil brabúis agus an t-instealladh caipitil d'aon bheart casta amháin. Is dhá bheart éagsúla iad, agus tá a loighic féin ag baint le gach ceann díobh. Sa chás idir lámha, ní féidir féachaint ar an instealladh caipitil mar fhobheart d'aon bheart foriomlán amháin. An t-airgead a d'íoc WestSpiel sa chéad chéim, laistigh den sásra scimeála brabúis bunaithe ar Airteagal 14 SpielbG NRW (seanleagan), bhí an t-airgead sin dlite mar cháin agus ghlac an Stát leis ina cháil mar údarás den Stát.

(133) Is beart ar leith é an t-instealladh caipitil, mar is léir go n-eascraíonn sé as a chineál agus a ábhar, a chomhthéacs, an cuspóir atá leis, agus na rialacha a bhfuil sé faoina réir: Contrártha leis an sásra scimeála brabúis, ní beart cánach é an t-instealladh caipitil, mar ní dhéanann an Stát é ina cháil mar údarás fioscach ach eascraíonn sé as cinneadh a rinne an Stát ina ról mar scairshealbhóir agus dá bhrí sin mar infheisteoir. Thairis sin, níor glacadh na bearta faoi na rialacha céanna ná leis na módúlachtaí oibriúcháin céanna. Go deimhin, glacadh an córas scimeála brabúis cheana féin in 2008, agus deonaíodh an t-instealladh caipitil an 1 Nollaig 2015, mar a mhínítear in aithris (130). An 'cur chuige dhá chéim' (i.e. an scimeáil brabúis in 2014 agus an 't-ath-instealladh' caipitil in 2015) a dtagraíonn an Ghearmáin dó, tharla sé san ord sin mar thoradh ar an gcóras cánach, agus air sin amháin, a cruthaíodh 7 mbliana roimhe sin agus a coinníodh ar bun tar éis an insteallta caipitil. Ní féidir a líomhnú ach an oiread gurbh fhéidir an t-instealladh caipitil sin a thuar tráth cruthaithe an chórais scimeála brabúis.

(134) Ina theannta sin, níor leasaigh NRW an SpielbG NRW chun an 'míbhuntáiste struchtúrach' mar thoradh ar an sásra scimeála brabúis a chúiteamh, agus is léiriú é sin gur mheas NRW gur thoisc sheachtrach é an sásra scimeála brabúis seachas mar chuid dá shocruithe scairshealbhóra le WestSpiel. Dá bhrí sin, ní féidir féachaint ar an sásra scimeála brabúis agus ar an instealladh caipitil mar aon oibríocht aonair amháin agus ní mór féachaint orthu mar dhá bheart éagsúla.

— *Conclúid maidir leis an ngaol idir an sásra scimeála brabúis agus an t-instealladh caipitil*

(135) Ar bhonn an mhéid thuas, cinneann an Ghearmáin nach féidir réasúnaíocht na Gearmáine maidir le haon oibríocht aonair amháin a bheith ann a úsáid chun a chur as an áireamh go bhfuil buntáiste ann, mar ní mór féachaint ar an scimeáil brabúis agus ar an instealladh caipitil mar dhá bheart neamhspleácha.

6.1.2.2. Measúnú ar an instealladh caipitil

(136) Ós rud é gur bearta neamhspleácha iad an scimeáil brabúis agus an t-instealladh caipitil (féach roinn 6.1.2.1), ní mór measúnú a dhéanamh ar an dá bheart ar leithligh. An sásra scimeála brabúis dá bhforáiltear le hAirteagal 14 SpielbG NRW (seanleagan), ní státchabhair é de réir bhrí Airteagal 107(1) CFAE. Eascraíonn sé cheana féin ó chineál an tsásra scimeála brabúis nach ann d'aon aistriú acmhainní stáit lenar féidir feabhas a chur ar chás eacnamaíoch gnóthais, mar imíonn an sreabhadh cistí ón gcasaíne poiblí go dtí an Stát seachas sa treo eile. Dá bhrí sin, ní dhíreofar ach ar an instealladh caipitil sa mheasúnú seo a leanas.

6.1.2.2.1. Gnóthas

(137) Ní bhíonn feidhm ag rialacha maidir le státchabhair ach amháin i gcás inar gnóthas é tairbhí birt. Tá gnóthais sainithe go comhsheasmhach ag an gCúirt Bhreithiúnais mar eintitis atá ag gabháil do ghníomhaíocht eacnamaíoch, beag beann ar a stádas dlíthiúil agus ar an gcaoi a maoinítear iad ([54]). Dá bhrí sin, braitheann aicmiú eintitis áirithe mar ghnóthas go hiomlán ar chineál a ghníomhaíochtaí ([55]).

(138) Mar chasaíne poiblí, tairgeann WestSpiel seirbhísí (go háirithe seirbhísí cearrbhachais ach seirbhísí lónadóireachta freisin) ar airgead (táillí iontrála, cion de na geallta, praghsanna ar sheirbhísí eile) ar mhargadh. Dá bhrí sin, déanann WestSpiel gníomhaíochtaí eacnamaíocha chun críoch státchabhrach agus dá bhrí sin is féidir é a cháiliú mar ghnóthas de réir bhrí Airteagal 107(1) CFAE.

6.1.2.2.2. Acmhainní stáit agus a mhéid atá siad inchurtha i leith an Stáit

(139) Níl ach buntáistí a dheonaítear go díreach nó go hindíreach trí acmhainní stáit ina státchabhair de réir bhrí Airteagal 107(1) CFAE ([56]). Cuimsítear le hacmhainní stáit acmhainní uile na hearnála poiblí ([57]), lena n-áirítear acmhainní eintiteas in-stáit (díláraithe, cónasctha, réigiúnach nó eile) ([58]) agus, in imthosca áirithe, acmhainní comhlachtaí príobháideacha. Ní bhaineann sé le hábhar cé acu atá nó nach bhfuil institiúid san earnáil phoiblí uathrialaitheach ([59]).

(140) Tá acmhainní gnóthas poiblí ina n-acmhainní stáit freisin de réir bhrí Airteagal 107(1) CFAE toisc go bhfuil ar chumas an Stáit úsáid na n-acmhainní sin a stiúradh ([60]). Chun críocha an dlí maidir le státchabhair, d'fhéadfadh aistrithe laistigh de ghrúpa gnóthas poiblí a bheith ina státchabhair freisin más rud é, mar shampla, go n-aistrítear acmhainní ón máthairchuideachta go dtí a fochuideachta (fiú más rud é gur gnóthas aonair iad ó thaobh eacnamaíoch de) ([61]). Ní hé aistriú iarbhír na n-acmhainní atá cinntitheach chun acmhainní airgeadais a cháiliú mar acmhainní stáit; is é atá cinntitheach go mbíonn na hacmhainní faoi rialú an Stáit agus go bhfuil na hacmhainní sin faoi smacht ag údaráis an Stáit ([62]).

(141) I gcásanna ina dtugann údarás poiblí buntáiste do thairbhí, tá an beart inchurtha i leith an Stáit de réir sainmhínithe. Níl a mhéid atá an buntáiste inchurtha i leith an Stáit chomh soiléir céanna, áfach, má dheonaítear an buntáiste trí ghnóthais phoiblí. I gcásanna den sórt sin, is gá a chinneadh cé acu is féidir nó nach féidir a mheas go raibh baint ag na húdaráis phoiblí, ar bhealach amháin nó ar bhealach eile, le glacadh an bhirt ([63]). Ní leor beart a bheith á dhéanamh ag gnóthas poiblí chun a mheas go bhfuil sé *per se* inchurtha i leith an Stáit ([64]). Dá bhrí sin, a mhéid atá beart arna dhéanamh ag gnóthas poiblí inchurtha i leith an Stáit, féadfar é sin a thuiscint ó thacar táscairí a eascraíonn as imthosca an cháis agus as an gcomhthéacs ina ndearnadh an beart ([65]).

([54]) Breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 12 Meán Fómhair 2000, *Pavlov agus Eile*, Cásanna Uamtha C-180/98 go C-184/98, ECLI:EU:C:2000:428, mír 74; breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 10 Eanáir 2006, *Cassa di Risparmio di Firenze agus Eile*, Cás C-222/04, ECLI:EU: C:2006:8, mír 107.

([55]) Féach aithrisí 6 agus 7 den Fhógra ón gCoimisiún maidir le coincheap na státchabhrach dá dtagraítear in Airteagal 107(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (IO C 262, 19.7.2016, lch. 1).

([56]) Breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 24 Eanáir 1978, Van Tiggele, Cás C-82/77, ECLI:EU:C:1978:10, míreanna 25 agus 26; breithiúnas ón gCúirt Ghinearálta an 12 Nollaig 1996, Air France v an Coimisiún, Cás T-358/94, ECLI:EU:T:1996:194, mír 63.

([57]) Breithiúnas ón gCúirt Ghinearálta an 12 Nollaig 1996, Air France v an Coimisiún, Cás T-358/94, ECLI:EU:T:1996:194, mír 56.

([58]) Breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 14 Deireadh Fómhair 1987, An Ghearmáin v an Coimisiún, Cás C-248/84, ECLI:EU:C:1987:437, mír 17; breithiúnas ón gCúirt Ghinearálta an 6 Márta 2002, Territorio Histórico de Álava agus Eile v an Coimisiún, Cásanna Uamtha T-92/00 agus 103/00, ECLI:EU:T:2002:61, mír 57.

([59]) Breithiúnas ón gCúirt Ghinearálta an 12 Nollaig 1996, Air France v an Coimisiún, Cás T-358/94, ECLI:EU:T:1996:194, míreanna 58 go 62.

([60]) Breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 16 Bealtaine 2002, *An Fhrainc v an Coimisiún (Stardust)*, Cás C-482/99, ECLI:EU:C:2002:294, mír 38; breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 29 Aibreán 2004, *An Ghréig v an Coimisiún*, Cás C-278/00, ECLI:EU:C:2004:239, míreanna 53 agus 54; breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 8 Bealtaine 2003, *An Iodáil agus SIM 2 Multimedia v an Coimisiún*, Cásanna Uamtha C-328/99 agus C-399/00, ECLI:EU:C:2003:252, míreanna 33 agus 34.

([61]) Breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 11 Iúil 1996, *SFEI agus Eile*, Cás C-39/94, ECLI:EU:C:1996:285, mír 62.

([62]) Breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 16 Bealtaine 2002, *An Fhrainc v an Coimisiún (Stardust)*, Cás C-482/99, ECLI:EU:C:2002:294, míreanna 36 agus 37.

([63]) Breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 16 Bealtaine 2002, *An Fhrainc v an Coimisiún (Stardust)*, Cás C-482/99, ECLI:EU:C:2002:294, mír 52.

([64]) Breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 16 Bealtaine 2002, *An Fhrainc v an Coimisiún (Stardust)*, Cás C-482/99, ECLI:EU:C:2002:294; breithiúnas ón gCúirt Ghinearálta an 26 Meitheamh 2008, *SIC v an Coimisiún*, Cás T-442/03, ECLI:EU:T:2008:228, míreanna 93 go 100.

([65]) Breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 16 Bealtaine 2002, *An Fhrainc v an Coimisiún (Stardust)*, Cás C-482/99, ECLI:EU:C:2002:294, mír 55.

(142) A mhéid a bhaineann le conclúid an Choimisiúin in aithris 94 den chinneadh tosaigh go ndeonaítear an t-instealladh caipitil ó acmhainní stáit, áitíonn an Ghearmáin (féach aithris (82)) nach mbeadh acmhainní stáit i gceist leis an instealladh caipitil, ós rud é gurbh ó dhíol dhá shaothar ealaíne de chuid WestSpiel agus dá bhrí sin ó phraghas EUR 114,4 milliún a d'íoc an ceannaitheoir as na saothair ealaíne a d'eascródh an caipiteal arna instealladh iarbhír.

(143) Maidir leis an gcritéar i ndáil le hacmhainní stáit, ní aontaíonn an Coimisiún le hargóint na Gearmáine, mar céim a tharla idir díol na saothar ealaíne agus an t-instealladh caipitil a bhí sa scimeáil brabúis de thart ar EUR 82 mhilliún. Tríd an scimeáil brabúis, aistríodh an méid sin ó WestSpiel go dtí an Stát agus, ón tráth sin, ní féidir a mheas go raibh na hacmhainní sin príobháideach, mar bhí smacht ag an Stát ar na hacmhainní sin.

(144) Maidir lena mhéid atá an beart inchurtha i leith an Stáit, sonraíonn an Coimisiún gurbh é NRW a ghlac an cinneadh caipiteal a instealladh mar a shonraítear in aithrisí (47) go (49) agus go bhfuil feidhm *mutatis mutandis* ag na breithnithe le haghaidh an chumhdaigh caillteanais in aithris 70 den chinneadh tosaigh (féach aithris 95 den chinneadh tosaigh). Mar a mhínítear ann, sonraíonn an Coimisiún an méid seo a leanas: (i) is é NRW.BANK banc NRW le haghaidh spreagadh, arb é a mhisean tacú lena úinéir – NRW – i dtabhairt chun críche a chúraimí beartais struchtúraigh agus eacnamaíoch, (ii) is é NRW ráthóir NRW.BANK, agus (iii) tá na comhlachtaí rialaithe, go háirithe an Bord Ráthóirí agus an comhlacht maoirseachta, comhdhéanta den chuid is mó de dhaoine ar sealbhóirí oifige poiblí iad.

(145) Shonraigh an Coimisiún freisin in aithris 70 den chinneadh tosaigh go mbeadh na breithnithe sin faoi réir soiléirithe breise, go háirithe a mhéid a bhaineann le struchtúr NRW.BANK, a phróisis chinnteoireachta agus an bhaint atá ag an Stát i gcinntí (féideartha). Sa chomhthéacs sin, sonraíonn an Coimisiún na nithe seo a leanas:

— De réir na Tuarascála ar Rialachas Poiblí laistigh de thuarascáil airgeadais NRW.BANK le haghaidh 2015 ([66]), is é NRW ráthóir agus scairshealbhóir aonair NRW.BANK. Sa chomhthéacs sin, sholáthair NRW ionstraimí dliteanais shonraigh do NRW.BANK, mar atá dliteanas institiúideach agus dliteanas ráthóra, agus sholáthair NRW ráthaíocht fhollasach athmhaoinithe.

— Tá Bord Ráthóirí ag NRW.BANK ina bhfeidhmíonn NRW a chearta de réir a chumhachta dlíthiúla agus mar úinéir NRW.BANK, agus feidhmíonn sé a chearta vótála trí bheirt ionadaithe. Ar na comhaltaí eile den Bhord Ráthóirí, tá aire gnóthaí eacnamaíocha NRW, aire airgeadais NRW, agus aire tithíochta NRW, chomh maith le comhaltaí *ex officio*.

— Maidir le Bord Riaracháin NRW.BANK, mínítear sa Tuarascáil ar Rialachas Poiblí gurb é an ról atá aige, mar chomhlacht maoirseachta NRW.BANK, faireachán a dhéanamh ar an mbainistíocht a dhéanann an Bord Feidhmiúcháin agus comhaltaí den Bhord Feidhmiúcháin a cheapadh agus a chur as oifig. 15 chomhalta san iomlán a bhí ar an mBord Riaracháin in 2015, agus ba é NRW ina cháil mar ráthóir NRW.BANK a roghnaigh 7 comhaltaí, arb é an tromlach é dá bhrí sin.

— Thairis sin, déanann an Stát, go sonrach aireacht gnóthaí baile NRW agus aireacht tithíochta NRW (maidir le cúrsaí tithíochta) maoirseacht ar NRW.BANK freisin.

(146) I bhfianaise na dtáscairí a chuirtear i láthair thuas, sonraíonn an Coimisiún gur trína ról mar ráthóir aonair NRW.BANK, trí chearta vótála a fheidhmiú trína airí ar an mBord Ráthóirí agus trí thromlach chomhaltaí an chomhlachta maoirseachta, a rialaíonn gníomhaíochtaí Bhord Feidhmiúcháin NRW.BANK, a roghnú, bhí tionchar cinntitheach ag NRW agus dá bhrí sin ag an Stát ar NRW.BANK agus ar na cinntí a rinneadh laistigh dá chomhlachtaí corparáideacha tráth a instealladh an caipiteal in WestSpiel in 2015. Dá bhrí sin, sonraíonn an Coimisiún gur féidir féachaint ar an instealladh caipitil freisin mar a bheith inchurtha i leith an Stáit.

(147) Dá bhrí sin, tá an Coimisiún den tuairim, a mhéid a bhaineann le hinstealladh caipitil 2015, go mbaineann aistriú acmhainní stáit le gníomhaíochtaí NRW.BANK agus go bhfuil siad inchurtha i leith an Stáit.

([66]) Féach tuarascáil airgeadais NRW.BANK 2015, leathanaigh 7-23.

6.1.2.2.3. Buntáiste

(148) Mar a shonraítear thuas, is é is buntáiste ann, de réir bhrí Airteagal 107(1) CFAE, aon tairbhe eacnamaíoch nach bhféadfadh gnóthas a fháil faoi ghnáthdhálaí an mhargaidh, is é sin in éagmais idirghabháil stáit. De réir chásdlí Chúirteanna an Aontais, chun measúnú a dhéanamh ar bhuntáiste a bheith ann, ba cheart staid airgeadais an ghnóthais tar éis an bhirt a chur i gcomparáid lena staid airgeadais dá mba rud é nach ndearnadh an beart ([67]).

(149) Mheas an Coimisiún in aithris 76 den chinneadh tosaigh gur tugadh buntáiste do WestSpiel leis an instealladh caipitil úir dar luach EUR 64,8 milliún ó NRW in 2015, i gcás ina meastar é ina aonar. I dtaca leis sin, shonraigh an Coimisiún go bhfuil an scimeáil brabúis, mar a aithníonn an Ghearmáin, ina cháin de réir bhrí Chód Fioscach na Gearmáine, ach gur de chineál eile an t-instealladh caipitil in 2015.

(150) Ina barúlacha ar an gcinneadh tosaigh, áitíonn an Ghearmáin nach dtabharfaí buntáiste do WestSpiel leis an instealladh caipitil sa chás seo, agus tugann sí cúig argóint. Ar an gcéad dul síos, ní bheadh san instealladh caipitil ach 'ath-instealladh' páirteach den bhrabús a scimeáladh ó WestSpiel. Ar an dara dul síos, bheadh an t-instealladh i gcomhréir le MEIP ó tharla, tríd an gcaipiteal a instealladh, gur ghníomhaigh NRW mar infheisteoir príobháideach in imthosca inchomparáide. Ar an tríú dul síos, míníonn an Ghearmáin nár státchabhair a bheadh san instealladh caipitil toisc nár cúitíodh WestSpiel ach as a mhíbhuntáiste struchtúrach (arb é a muirear ard cánach atá ann). Ar an gceathrú dul síos, maíonn an Ghearmáin go bhféadfaí an toradh eacnamaíoch céanna a bhaint amach i gcás ar bith trí bhíthin leasú reachtach (lena maolófaí muirear cánach WestSpiel). Ar an gcúigiú dul síos, de réir na Gearmáine, d'aisíocfaí go cuimsitheach aon chabhair theoiriciúil trí phraghas níos airde a fháil ar dhíol WestSpiel (féach roinn 4.2).

6.1.2.2.3.1. Measúnú ar argóint na Gearmáine go mbeadh an t-instealladh caipitil i gcomhréir leis an tástáil MEIP

(151) Mar a mhínítear in aithris (78), tá an Ghearmáin den tuairim gur chomhfhreagair an t-instealladh caipitil a rinne NRW.BANK in 2015 d'iompraíocht infheisteora phríobháidigh in imthosca inchomparáide agus dá bhrí sin bheadh sé i gcomhréir leis an tástáil MEIP. Áitíonn an Ghearmáin go raibh gá leis an instealladh caipitil chun brabúsacht WestSpiel a athbhunú agus, dá bhrí sin, chun an caipiteal a infheistíodh sa chuideachta cheana féin a choimeád. Bunaíonn an Ghearmáin a réasúnaíocht faoi MEIP ar 'thuairim ghearrthéarmach' ([68]) agus ar 'thuairim fhadtéarmach' ([69]).

— *Infheidhmeacht na tástála MEIP*

(152) Sonraíonn an Coimisiún, chun dul i muinín na tástála MEIP, nach mór don tástáil sin i gcás ar bith a bheith infheidhme sa chéad áit. Is é sin le rá, ní mór a bheith in ann comparáid a dhéanamh idir iompraíocht an Stáit agus iompraíocht infheisteora phríobháidigh nach dtairbhíonn de shainphribhléidí agus d'ioncaim údaráis cánach ina chaidreamh le fiontar. Chun an tástáil MEIP a chomhlíonadh, ní mór do na Ballstáit a shuí go soiléir agus ar bhonn fianaise oibiachtúil infhíoraithe maidir leis an mbeart a cuireadh chun feidhme go bhfuil an beart sin inchurtha i leith an Stáit ag gníomhú mar infheisteoir. Ní mór a léiriú go soiléir leis an bhfianaise sin go ndearna an Ballstát lena mbaineann, sular tugadh an buntáiste eacnamaíoch nó an tráth céanna, cinneadh bunaithe ar mheastóireachtaí eacnamaíocha inchomparáide leo siúd, sna himthosca céanna, a dhéanfadh infheisteoir príobháideach réasúnta roimh an infheistíocht a dhéanamh chun a brabúsacht amach anseo a chinneadh.

(153) Tá an Coimisiún den tuairim nár sholáthair an Ghearmáin an fhianaise a chomhlíonann na critéir sin agus dá bhrí sin ní infheidhme an tástáil MEIP le haghaidh an insteallta caipitil mar a mhínítear anseo thíos.

([67]) Breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 2 Iúil 1974, An Iodáil v an Coimisiún, Cás C-173/73, ECLI:EU:C:1974:71, mír 13.

([68]) Míníonn an Ghearmáin go raibh an t-instealladh caipitil i gcomhréir le MEIP mar bheart neamhspleách.

([69]) Áitíonn an Ghearmáin, ar bhonn chásdlí *EDF*, go bhféadfadh sí ioncaim níos airde ó cháin amach anseo a chur san áireamh sa mheasúnú. Ina theannta sin, áitíonn an Ghearmáin go mbeadh gá leis an instealladh caipitil chun brabúsacht WestSpiel a athbhunú agus, dá bhrí sin, chun an caipiteal a infheistíodh sa chuideachta cheana féin a choimeád.

(154) Líomhnaíonn an Ghearmáin go ndéanfaí measúnú *ex ante* le Tuarascáil [IBR]. Mar sin féin, ní chomhlíonann Tuarascáil [IBR] ná aon doiciméad eile a sholáthair an Ghearmáin na critéir a dtugtar tuairisc orthu in aithris (152). Ní dhearna an Ghearmáin aon mheasúnú *ex ante* ar chor ar bith ar bhrabúsacht an insteallta caipitil, murab ionann agus an méid a dhéanfadh infheisteoir i ngeilleagar an mhargaidh. Ní infheidhme an tástáil MEIP maidir le 'hath-instealladh', agus leis sin amháin, d'íocaíocht chánach i ngnóthas gan aon anailís *ex ante* ar an mbrabúsacht (féach, de réir analaí, breithiúnas ón gCúirt Ghinearálta i gcás T-747/15, *EDF v an Coimisiún*, agus ordú ón gCúirt i gcás C-221/18 P, *EDF v an Coimisiún*). Go háirithe, ní dhéantar measúnú i dTuarascáil [IBR] ar cé acu a bhí nó nach raibh instealladh caipitil 2015 ina infheistíocht réasúnta, ná ní dhéantar measúnú ar na cásanna frithfhíorasacha (leachtú, díol nó 'gan gníomh ar bith' in ionad instealladh caipitil).

(155) Mar a mhínítear in aithris 91 den chinneadh tosaigh, measann an Coimisiún nach raibh gnéithe ag an nGearmáin lena bhféadfaí a shuí go nginfeadh NRW mar thoradh ar an instealladh caipitil – ó pheirspictíocht *ex ante* – toradh breise ar chaipiteal nach nginfeadh sé in éagmais an insteallta.

(156) Níl anailís den sórt sin i dTuarascáil [IRB] ar na cásanna frithfhíorasacha, mar atá cás WestSpiel gan an t-instealladh caipitil, i gcomparáid leis an gcás fíorasach, mar atá cás WestSpiel lena mbaineann an t-instealladh caipitil. Maidir le tagairt na Gearmáine do leathanach 101 de Thuarascáil [IBR] (féach aithris (74)), mar a mhínítear in aithris (121), ní thugtar tuairisc sa réamh-mheastachán sin ar leachtacht WestSpiel le haghaidh na mblianta idir 2015 agus 2023 ach ar fhorbairt na cuideachta gan an t-instealladh caipitil beartaithe (tar éis dhíol na saothar ealaíne agus na scimeála brabúis) ach ní áirítear ann an cás lena mbaineann an t-instealladh caipitil.

(157) Tá réamh-mheastachán ar leathanach 106 de Thuarascáil [IBR] ar an bhforbairt leachtachta sna blianta idir 2014 go 2023 le haghaidh an cháis lena mbaineann an t-instealladh caipitil. Mar sin féin, tá an anailís ar an gcás sin teoranta do na ráitis go bhfuil '*acmhainní airgeadais dearfacha ag WestSpiel i rith iomlán na tréimhse pleanála mar thoradh ar an instealladh caipitil*' agus nach dtitfeadh an leachtacht faoi bhun '*leachtacht íosta EUR 5 mhilliún*' agus go mbeadh an leachtacht '*beagán níos mó ná an leachtacht íosta in R2 2020*'. Cé is moite de na meastacháin sin, ní ann d'aon anailís eile, go háirithe ní ann d'aon mhíniú ar an gcaoi a rachadh an t-instealladh caipitil i bhfeidhm go coincréiteach (ar bhealach dearfach) ar fheidhmíocht airgeadais WestSpiel ina dhiaidh sin ([70]).

(158) Thairis sin, maidir le leachtú nó díol féideartha WestSpiel mar chásanna frithfhíorasacha mar mhalairt ar an instealladh caipitil, níl aon tuairisc ná anailís i dTuarascáil [IBR] ar chur chun feidhme hipitéiseach aon cheann de na cásanna sin.

(159) Dá bhrí sin, níor sholáthair an Ghearmáin plean gnó mionsonraithe ná aon anailís eile ina ndéantar comparáid idir an cás ginearálta gan an t-instealladh caipitil, go háirithe cásanna frithfhíorasacha sonracha 'gan gníomh ar bith' agus leachtaithe nó díola, ina bhfuil meastacháin chruinne iomlána ar an mbrabúsacht ina dhiaidh sin agus anailísí mionsonraithe ar chostais agus ar bhrabús, agus an cás fíorasach lena mbaineann an t-instealladh caipitil.

— *Conclúid maidir le hinfheidhmeacht na tástála MEIP*

(160) Ar an bhforas sin, measann an Coimisiún nach infheidhme an tástáil MEIP i leith an insteallta caipitil.

— *Cur i bhfeidhm na tástála MEIP*

(161) Gan dochar don mheasúnú thuas, ina gcinneann an Coimisiún nach infheidhme an tástáil MEIP, measann an Coimisiún, trí bhíthin bonn cúnta réasúnaíochta, nach gcomhlíonfaí an tástáil MEIP fiú dá mba rud é gurbh infheidhme an tástáil MEIP.

(162) Déileálfaidh an Coimisiún anseo thíos leis an dá argóint (tuairim 'ghearrthéarmach' agus tuairim 'fhadtéarmach') a rinne an Ghearmáin, mar a mhínítear in aithris (78).

— *'Tuairim ghearrthéarmach' na Gearmáine*

([70]) Go háirithe, ní luaitear forbairt an ollioncaim ó chearrbhachas ar chor ar bith.

(163) Ar an gcéad dul síos, a mhéid a bhaineann le tuairim 'ghearrthéarmach' na Gearmáine, mar a mhínítear in aithris (78), agus comhlíontacht MEIP an insteallta caipitil in 2015 á breithniú mar bheart neamhspleách (i.e. gan na hioncaim chánach ón scimeáil brabúis a chur san áireamh), ní aontaíonn an Coimisiún nach mbeadh aon rogha eile ag infheisteoir príobháideach seachas an tsamhail ina raibh na trí chéim (díol na saothar ealaíne/scimeáil brabúis/instealladh caipitil) agus gurbh é an t-aon rogha fhéideartha eile a bheadh ann ná gan na bearta a chur chun feidhme agus dá bhrí sin luach iomlán sciar NRW.BANK in WestSpiel agus ioncaim eile a d'fhéadfadh a bheith ann ina dhiaidh sin a chailleadh.

(164) Tá an Coimisiún den tuairim, contrártha lena sheasamh maidir leis na cásanna frithfhíorasacha le haghaidh an chumhdaigh caillteanais bhliantúil, gur roghanna ní ba réasúnta ó thaobh eacnamaíoch de iad leachtú nó díol WestSpiel i gcomparáid leis an instealladh caipitil a rinne NRW.BANK in 2015. Maidir leis an instealladh caipitil sin, a rinneadh chun an gnólacht a choimeád i mbun gnó, ní chomhlíonann sé an tástáil MEIP i gcás inar féidir (bunaithe ar bhreithnithe *ex ante*) coinne a bheith le toradh atá níos fearr ná an dá rogha eile. I gcás ar bith, ní mór tástáil den sórt sin a dhéanamh *ex ante*.

(165) Rinne an Coimisiún measúnú ar na cásanna frithfhíorasacha (leachtú nó díol WestSpiel nó 'gan gníomh ar bith') i gcomparáid leis an gcás fíorasach (instealladh caipitil) a roghnaigh NRW.BANK chun a chinneadh cé acu a ghníomhódh nó nach ngníomhódh infheisteoir príobháideach ar an gcaoi chéanna in imthosca inchomparáide.

(166) Bunaítear an measúnú sin go príomha ar chuntais bhliantúla WestSpiel agus ar Thuarascálacha [XY] le haghaidh 2013 agus 2014, mar baineann na doiciméid sin leis an tréimhse go gairid sula ndearna NRW.BANK an cinneadh an t-instealladh caipitil a dheonú i mí na Nollag 2015 agus dá bhrí sin is iad na doiciméid sin is oiriúnaí chun léiriú a thabhairt ar chás WestSpiel tráth an insteallta caipitil ([71]). Rinne an Coimisiún iniúchadh freisin ar na réamh-mheastacháin agus ar an bpleanáil maidir le brabús agus caillteanais, iarmhéid agus sreabhadh airgid WestSpiel le haghaidh 2015 go 2023 mar a sholáthraítear i dTuarascáil [IBR].

— *Measúnú ar na cásanna frithfhíorasacha: leachtú agus díol*

(167) De réir chuntais bhliantúla WestSpiel agus Thuarascálacha [XY], mar a léirítear in aithris (113), ba mhó an méid dliteanas ná caipiteal WestSpiel sna blianta ó 2010 go 2015, agus dá bhrí sin in 2013 agus 2014 chomh maith. Go sonrach, léirítear i gcuntais WestSpiel dliteanais EUR 17,5 milliún agus caipiteal EUR 9,6 milliún in 2013 agus dliteanais EUR 17,6 milliún agus caipiteal thart ar EUR 14 mhilliún in 2014. Dá bhrí sin, ar an gcaoi chéanna, tá an Coimisiún den tuairim nach bhféadfaí WestSpiel a leachtú ach ar luach diúltach le linn na tréimhse roimh an instealladh caipitil i mí na Nollag 2015, i.e. ba mhó na dliteanais ná caipiteal WestSpiel (féach aithris (109)). Maidir le díol féideartha, ní bheadh an gnólacht an-tarraingteach an tráth sin ach an oiread.

(168) Mar sin féin, d'ainneoin na dóchúlachta airde nach bhféadfadh NRW.BANK a sciar in WestSpiel a choimeád le leachtú nó díol in 2013 nó 2014, b'fhearr leachtú nó díol an ghnólachta nó an fhéidearthacht gan gníomh ar bith a dhéanamh ná an t-instealladh caipitil. Go sonrach, ní mór meastóireacht a dhéanamh ar chuntais bhliantúla WestSpiel ó pheirspictíochtaí éagsúla le haghaidh an insteallta caipitil agus an chumhdaigh caillteanais bhliantúil, mar ní inchomparáide na cásanna:

— Ar an gcéad dul síos, ní infheisteodh infheisteoir príobháideach réasúnta caipiteal breise chun gnólacht a neartú dá mba rud é nár léiríodh aon toradh dearfach ar staid airgeadais an ghnólachta le hinfheistíochtaí móra roimhe sin (an cumhdach caillteanais bhliantúil ó bhí 2009 ann). Mar a shonraítear in aithris (119), níor tháinig feabhas ar chás WestSpiel i ngeall ar an gcumhdach caillteanais bhliantúil; os a choinne sin, bhí meath i gcónaí ar an ollioncam bliantúil ó chearrbhachas agus lean na glanchaillteanais bhliantúla de bheith ard go dtí gur díoladh na saothair ealaíne in 2014. Rinne WestSpiel glanbhrabús íseal in 2014. Tráth a rinneadh an cinneadh maidir leis an instealladh caipitil in 2014, d'fhéadfadh infheisteoir príobháideach meastóireacht a dhéanamh ar éifeachtaí an chumhdaigh caillteanais bhliantúil a tugadh do WestSpiel sna 5 bliana a chuaigh thart agus teacht ar an gconclúid go raibh meath i gcónaí ar chás an ghnólachta. Dá bhrí sin, ní dhéanfadh infheisteoir réasúnta caipiteal breise a instealladh agus dul sa seans caillteanais airgeadais ní b'airde arís a thabhú agus ina ionad sin leanfadh sé láithreach de leachtú nó de dhíol an ghnólachta.

([71]) Bunaítear Tuarascáil [IBR] ar fhaisnéis ghnó WestSpiel le haghaidh 2013 agus 2014 freisin, féach leathanach 114 de Thuarascáil [IBR].

— Ar an dara dul síos, iompraíocht iomlán éighníomhach de scairshealbhóir a bhí sa chumhdach caillteanais bhliantúil nár ghá aon ghníomh sonrach ná cinneadh gníomhach lena aghaidh, mar an próiseas faoina ndéanann scairshealbhóirí comhpháirtíochta teoranta caillteanais a fhritháireamh ón gcaipiteal cothromais, eascraíonn sé as oibleagáid faoi dhlí na gcuideachtaí sa Ghearmáin (féach aithrisí (103) agus (104)). Os a choinne sin, an cinneadh caipiteal nua a instealladh, is cinneadh gníomhach é agus ní mar gheall ar uathoibriú iomlán dlíthiúil a dhéantar é. Dá bhrí sin, is airde an tairseach d'infheisteoir sula ndéanann sé an cinneadh instealladh caipitil a dheonú agus, dá réir sin, ní mór féachaint níos géire ar an mbeart sin ná an cás 'gan gníomh ar bith' den chumhdach caillteanais bhliantúil.

— Ar an tríú dul síos, fiú más rud é go ndéanann an Coimisiún argóint ar son an chumhdaigh caillteanais gur féidir a thuiscint i gcás scairshealbhóir a rinne infheistíocht mhór (an ranníocaíocht chaipitil tosaigh) agus a ghlac le caillteanais i ngnólacht thar thréimhse fhada nach ndéanfadh an scairshealbhóir sin an chuideachta a leachtú ná a dhíol (féach aithrisí (107) go (125)), níl feidhm aige sin maidir leis an instealladh caipitil. Tá an Coimisiún den tuairim nach féidir feidhm a bheith ag an argóint sin ar feadh tréimhse gan teorainn agus maidir le méid caillteanas gan teorainn arna dhéanamh ag gnólacht, mar bheadh ina thoradh air sin go bhféadfadh infheisteoir infheistíocht tosaigh a dhéanamh i ngnólacht agus ansin glacadh le caillteanais nó íocaíochtaí breise a dhéanamh gan aon oibleagáid air measúnú a dhéanamh ar bhrabúsacht agus ar réasúntacht na hinfheistíochta leanúnaí riamh arís.

— Ar an gceathrú dul síos, sonraíonn an Coimisiún an réamh-mheastachán réasúnta dearfach ar staid airgeadais WestSpiel le haghaidh na tréimhse ó 2021 go 2023 nuair a bhí coinne le hathrú ó iarmhéid íocaíochta diúltach go dearfach (féach aithrisí (74) agus (121)). Mar sin féin, ní bheadh sé inghlactha d'infheisteoir príobháideach inchomparáide staonadh ó leachtú nó ó dhíol in 2015 (tráth a tharla an t-instealladh caipitil) agus fanacht go dtí go ndéanfaí feabhas ar staid airgeadais na cuideachta a réamh-mheas. Tá an tréimhse ama idir 2015 agus 2021 an-fhada i gcónaí agus ní bheadh sé réasúnta iarraidh ar scairshealbhóir cinneadh riachtanach práinneach a chur siar ar feadh 6 bliana eile. Go háirithe, ní mór na caillteanais bhreise ar dócha gur thabhaigh an scairshealbhóir iad le linn na mblianta sin a chur san áireamh chomh maith leis an éiginnteacht eacnamaíoch agus airgeadais, ós rud é go dtuartar i gcónaí sa réamh-mheastachán iarmhéid íocaíochta diúltach do WestSpiel go dtí an cor cinniúna críochnaitheach in 2021. I gcás ar bith, níorbh é an t-instealladh caipitil an rogha mhalartach réasúnta ar dhíol nó ar leachtú in 2015, ar na cúiseanna a chuirtear i láthair thuas, ach díreach an fhéidearthacht don scairshealbhóir gan gníomhú ar chor ar bith agus glacadh le cumhdach caillteanais bhliantúil breise faoin uathoibriú in HGB, mar a rinneadh cheana féin sna blianta roimhe sin.

— *Conclúid maidir leis an measúnú ar na cásanna frithfhíorasacha*

(169) Dá bhrí sin, ar bhonn na n-argóintí a chuirtear i láthair sa mheasúnú ar na cásanna frithfhíorasacha sonracha, cinneann an Coimisiún go roghnódh infheisteoir príobháideach inchomparáide an gnólacht a leachtú nó a dhíol nó gan gníomhú ar chor ar bith seachas infheistíocht bhreise a dhéanamh fiú trí chaipiteal a infheistiú i ngnóthas neamhbhrabúsach foriomlán agus an riosca ann go gcaillfí na méideanna nua arna n-instealladh anuas ar an gcaipiteal tosaigh a bhí fágtha.

— *'Tuairim fhadtéarmach' na Gearmáine*

(170) A mhéid a bhaineann le tuairim 'fhadtéarmach' na Gearmáine, mar a mhínítear in aithris (78), tá an Coimisiún den tuairim, i bhfianaise chásdlí EDF ([72]), nach mór idirdhealú a dhéanamh idir gníomhaíocht an Stáit ina cháil mar infheisteoir ar thaobh amháin (an ról faoina ndearna sé an t-instealladh caipitil) agus a ghníomhaíocht ina cháil mar údarás poiblí (an ról faoina bhfuair sé an scimeáil brabúis).

([72]) Breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 5 Meitheamh 2012, *An Coimisiún v EDF*, Cás C-124/10 P, ECLI:EU:C:2012:318.

(171) Mar a luaigh an Chúirt, chun measúnú a dhéanamh ar cibé acu a ghlacfadh nó nach nglacfadh oibreoir príobháideach an beart céanna faoi ghnáthdhálaí margaidh agus a staid chomh gar agus is féidir do staid an Stáit, ní chuirfear san áireamh ach na sochair agus na hoibleagáidí a bhaineann le staid an Stáit mar oibreoir príobháideach, agus na cinn sin a bhaineann lena staid mar údarás poiblí á n-eisiamh ([73]).

(172) A mhéid a bhaineann le hargóint na Gearmáine gur cheart cánacha breise ([74]) WestSpiel a chur san áireamh sna hioncaim agus measúnú á dhéanamh ar comhlíontacht an insteallta caipitil ó thaobh MEIP de, sonraíonn an Coimisiún nach bhfuil breithniú den sórt sin i measc na ngnéithe a gcuirfeadh infheisteoir sa gheilleagar margaidh san áireamh iad.

(173) Ní fhágann an cásdlí gur féidir a chinneadh gur féidir buntáiste i bhfoirm infheistíocht chaipitil i ngnóthas a neodrú trí chánacha ar bhrabús an ghnóthais a íoc. Ar an dóigh sin, fiú más rud é go raibh gá leis an insteallta caipitil chun an gnólacht a choimeád i mbun gnó agus chun nós imeachta dócmhainneachta a sheachaint, mar a mhínítear in aithrisí (152) go (159), níorbh ann d'fhianaise leordhóthanach *ex ante* go raibh coinne leis go ndéanfaí brabús nó go seachnófaí caillteanais bhreise mar thoradh ar an infheistíocht (i gcomparáid leis na cásanna frithfhíorasacha, mar atá leachtú nó díol WestSpiel).

— *Conclúid maidir le cur i bhfeidhm na tástála MEIP*

(174) I bhfianaise an mheasúnaithe ar na cásanna frithfhíorasacha ar bhonn na faisnéise a bhí ar fáil ag an gCoimisiún faoi staid airgeadais WestSpiel tráth an chinnidh maidir leis an insteallta caipitil in 2015 (féach aithris (167)) agus tráth chonclúid an Choimisiúin nach féidir buntáiste a neodrú le híoc cánacha (féach aithris (173)), tá an Coimisiún den tuairim nach bhfuil an beart i gcomhréir leis an tástáil MEIP.

(175) Glacann an Coimisiún leis, ós rud é gur ghnólacht neamhbhrabúsach é WestSpiel, nach gcinnfeadh infheisteoir príobháideach réasúnta caipiteal breise a insteallta ann gan aon mheastóireacht a dhéanamh, fiú meastóireachtaí ginearálta, ina léirítear gur ann do dhóchúlacht réasúnta go ndéanfaí brabús ina dhiaidh sin agus lena n-áirítear, más gá, díol nó leachtú féideartha na cuideachta ([75]).

6.1.2.2.3.2. Cúiteamh líomhnaithe as míbhuntáiste struchtúrach

(176) Áitíonn an Ghearmáin (féach aithris (79)) nach dtabharfaí buntáiste do WestSpiel leis an insteallta caipitil in 2015 agus dá bhrí sin nár státchabhair a bhí ann mar chúiteofaí leis WestSpiel as a mhíbhuntáiste struchtúrach mar thoradh ar chánacha is airde a bheith á ngearradh air ná a iomaitheoirí príobháideacha (i gcomhréir le cásdlí *Combus* ([76])). Le hAirteagal 14 SpielbG NRW (seanleagan) go háirithe, chuirfí cosc ar WestSpiel úsáid a bhaint as fáltais na sócmhainní a dhíol sé (i.e. a ioncam urghnách ó dhíol na saothar ealaíne).

(177) Ní aontaíonn an Coimisiún leis an nGearmáin, áfach. I mbreithiúnas *Orange* ([77]) atá níos úire, shoiléirigh an Chúirt Bhreithiúnais, bíodh is gur féidir leis an gcúiteamh as míbhuntáiste struchtúrach a bheith comhoiriúnach don mhargadh inmheánach, in imthosca áirithe, gur státchabhair atá ann i gcónaí. Go sonrach, shoiléirigh an Chúirt i mír 44 den bhreithiúnas, ach amháin i gcás seirbhísí lena mbaineann leas eacnamaíoch ginearálta a thagann faoi raon feidhme chritéir *Altmark* ([78]), maidir le buntáiste eacnamaíoch a thugtar trí acmhainní stáit go measfar é mar státchabhair má chomhlíontar gach coinníoll eile maidir le cabhair a bheith ann.

([73]) Breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 6 Márta 2018, *An Coimisiún v FIH Holding agus FIH Erhversbank*, Cás C-579/16 P, EU:C:2018:159, mír 55; breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 5 Meitheamh 2012, *An Coimisiún v EDF*, Cás C-124/10 P, ECLI:EU:C:2012:318, mír 79 agus an cásdlí a luaitear ann; breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 24 Deireadh Fómhair 2013, *Land Burgenland agus eile v an Coimisiún*, Cásanna Uamtha C-214/12 P, C-215/12 P agus C-223/12 P, EU:C:2013:682, mír 52.

([74]) Cánacha arna nginiúint ón insteallta caipitil ó bhuiséad Stát NRW.

([75]) Breithiúnas ón gCúirt Ghinearálta an 25 Meitheamh 2015, *SACE agus SACE BT v an Coimisiún*, Cás T-305/13, ECLI:EU:T:2015:435, míreanna 178 go 180.

([76]) Breithiúnas ón gCúirt Ghinearálta an 16 Márta 2004, *Danske Busvognmænd v an Coimisiún*, Cás T-157/01, ECLI:EU:T:2004:76, mír 57.

([77]) Breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 26 Deireadh Fómhair 2016, *Orange v an Coimisiún, Cás* C-211/15 P, ECLI:EU:C:2016:798, míreanna 22 go 34.

([78]) Breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 24 Iúil 2003, *Altmark Trans agus Regierungspräsidium Magdeburg*, Cás C-280/00, ECLI:EU:C:2003:415.

(178) Thairis sin, sonraíonn an Coimisiún gur thagair na breithiúnais in *Combus* agus *Orange* araon do bhearta cúitimh arb é is aidhm dóibh costais neamhghnácha i gcomparáid le costais iomaitheoirí príobháideacha a chumhdach. Mar sin féin, sa chás atá idir lámha, ní théitear i ngleic le míbhuntáiste leis an mbeart, agus is dífheistiú sócmhainní aonuaire é ina ionad sin, lena gcuirtear ar a chumas do ghnóthas leanúint d'fheidhmiú d'ainneoin samhail ghnó neamhbhrabúsach a bheith aige.

(179) I bhfianaise an mhéid thuas, cinneann an Coimisiún nach féidir a mheas nach raibh státchabhair ag baint leis an instealladh caipitil in 2015 ar an bhforas gur cúiteamh atá ann as míbhuntáiste struchtúrach WestSpiel.

6.1.2.2.3.3. Easpa buntáiste líomhnaithe mar d'fhéadfaí an toradh eacnamaíoch céanna a bhaint amach le leasuithe reachtacha

(180) Míníonn an Ghearmáin freisin (féach aithris (80)) go bhféadfaí an toradh eacnamaíoch céanna leis an instealladh caipitil a bhaint amach trí bhíthin leasuithe reachtacha, i.e. tríd an gcóras cánach is infheidhme maidir le WestSpiel a mhodhnú.

(181) Measann an Coimisiún nach ábhartha an argóint sin maidir leis an gceist cé acu a tugadh nó nár tugadh buntáiste do WestSpiel leis an instealladh caipitil ó NRW.Bank in 2015. Sonraíonn an Coimisiún gur argóint hipitéiseach amháin atá ann nár tháinig chun cinn sa chleachtas. Go deimhin, d'ainneoin na féidearthachta teoiriciúla, níor bhain an Stát úsáid *de facto* as an gcur chuige sin agus roghnaigh sé ina ionad an córas cánach is infheidhme maidir le WestSpiel a choinneáil ar bun agus chuaigh sé i muinín instealladh caipitil. Chuige sin, ní féidir leis an gCoimisiún measúnú breise a dhéanamh ar cé acu ba ann nó nárbh ann do bhuntáiste do WestSpiel i gcás teoiriciúil leasuithe reachtacha mar, go simplí, níor tharla na leasuithe reachtacha sa chleachtas iarbhír.

6.1.2.2.3.4. Aisíocaíocht chuimsitheach ar an státchabhair (líomhnaithe) a bheadh in aisíocaíocht líomhnaithe ar luach rannpháirtíocht dhíomhaoin NRW de réir na leabhar

(182) Áitíonn an Ghearmáin freisin (féach aithris (81)) go mbeadh aisíocaíocht luach rannpháirtíocht dhíomhaoin NRW de réir na leabhar ó WestSpiel le NRW ar aon dul le haisíocaíocht na státchabhrach (líomhnaithe), i gcás inarbh ann don chabhair sin. Ar an dóigh sin, de réir na Gearmáine, léireofaí leis an bpraghas (ní b'airde) a d'íocfadh an tairgeoir rathúil sa phróiseas tairisceana a bhí ar siúl (an tráth sin) an luach ní b'airde a bhí ar an gcuideachta, toisc go bhfuair sí státchabhair.

(183) Sonraíonn an Coimisiún nach leor an fhéidearthacht theoiriciúil (a scrúdaíodh roimh dhíol WestSpiel i mí Mheán Fómhair 2021) go bhfaighfí praghas ní b'airde i bpróiseas tairisceana chun a chur as an áireamh gur ann do bhuntáiste a díorthaíodh ón instealladh caipitil in 2015 nó chun cosc a chur ar an tairbhí leanúint de thairbhiú iarbhír den bhuntáiste a díorthaíodh as ([79]). Is amhlaidh atá mar ní mór an buntáiste a mheas tráth deonaithe na cabhrach, rud a fhágann go bhféadfadh an hipitéis theoiriciúil de luach méadaithe an ghnóthais sa todhchaí a bheith ábhartha, ach ní ábhartha an rud é gur aisíocadh an rannpháirtíocht dhíomhaoin níos déanaí.

(184) I gcás ar bith, cinneann an Coimisiún nach ndéileálann an argóint sin leis an státchabhair a bheith ann ach, ina ionad sin, déileáiltear leis an méid cabhrach a bhí le gnóthú tar éis díol WestSpiel a thabhairt i gcrích agus an praghas díola a íoc.

— *Conclúid maidir leis an mbuntáiste*

(185) Dá bhrí sin, cinneann an Coimisiún go dtugtar buntáiste de réir bhrí Airteagal 107(1) CFAE do WestSpiel leis an instealladh caipitil.

([79]) Breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 1 Deireadh Fómhair 2015, *Electrabel agus Dunamenti Erőmű* v *an Coimisiún*, Cás C-357/14 P, ECLI:EU:C:2015:642, mír 116.

6.1.2.2.4. Roghnaíocht

(186) A mhéid a bhaineann leis an gcritéar roghnaíochta, tá toimhde ann gur bearta roghnaitheacha iad na bearta a bhfuil measúnú á dhéanamh orthu, mar ba é WestSpiel an t-aon tairbhí amháin. Ós rud é, sa chás seo, nach ann d'aon ghné lenar féidir an toimhde sin a bhréagnú, cinneann an Coimisiún gur bearta roghnaitheacha iad na bearta a bhfuil measúnú á dhéanamh orthu. Níor chuir an Ghearmáin ina aghaidh sin ach an oiread.

6.1.2.2.5. Saobhadh iomaíochta agus éifeacht ar thrádáil

(187) Maidir le critéar an tsaofa iomaíochta, sonraíonn an Coimisiún go meastar go ndéanann beart a dheonaíonn an Stát an iomaíocht a shaobhadh nó bagairt go saobhfar iomaíocht léi i gcás ina bhfuil sé dóchúil go bhfeabhsóidh sé staid iomaíoch an fhaighteora i gcomparáid leis na gnóthais eile lena bhfuil sé in iomaíocht. Chun críoch praiticiúil, go ginearálta, suitear go bhfuil saobhadh iomaíochta ann de réir bhrí Airteagal 107(1) CFAE nuair a dheonaíonn Stát buntáiste airgeadais do ghnóthas in earnáil léirscaoilte i gcás ina bhfuil iomaíocht, nó ina bhféadfadh iomaíocht a bheith ann ([80]). A mhéid a bhaineann le critéar an difir don trádáil laistigh den Aontas, faoin mbonn coiteann ní gá a shuí go bhfuil éifeacht iarbhír ag an gcabhair ar an trádáil idir na Ballstáit agus is leor a shuí go bhféadfadh an chabhair difear a dhéanamh don trádáil sin. Go háirithe, chinn Cúirteanna an Aontais *'i gcás ina neartaítear le státchabhair airgeadais seasamh gnóthais i gcomparáid le gnóthais eile atá i mbun iomaíochta i dtrádáil [laistigh den Aontas], ní mór a mheas go bhfuil difear á dhéanamh ag an gcabhair sin do na gnóthais sa chás deireanach sin'* ([81]).

(188) Mar a mhínítear in aithris 57 den chinneadh tosaigh, ní aontaíonn an Coimisiún le tuairimí na Gearmáine nach bhféadfadh na bearta a bhfuil measúnú á dhéanamh orthu an iomaíocht a shaobhadh agus difear a dhéanamh don trádáil idir na Ballstáit i bhfianaise staid monaplachta dlíthiúla líomhnaithe WestSpiel in NRW. Cé go n-áitíonn an Ghearmáin go mbeadh margadh na gcasaíní dúnta don iomaíocht de bhun Airteagail 1 agus 3 SpielbG NRW (seanleagan) sa tréimhse ábhartha (2009 go 2015), dealraíonn sé go raibh WestSpiel in iomaíocht le hallaí cearrbhachais d'oibreoirí príobháideacha (go háirithe comhaltaí FSH), go háirithe maidir le gníomhaíochtaí cearrbhachais meaisínbhunaithe. Ina theannta sin, ní léirítear ar chor ar bith gurbh ann do mhonaplacht dhlíthiúil in NRW lenar eisiadh iomaíocht sa mhargadh agus le haghaidh an mhargaidh. Ar deireadh, d'ainneoin bharúil na Gearmáine a mhéid a bhaineann le gníomhaíocht neamhdhleathach líomhnaithe soláthróirí ar líne, agus mar a shonraítear freisin in aithris 57 den chinneadh tosaigh, ní raibh gníomhaíochtaí WestSpiel nár bhain leis an gcearrbhachais (amhail, mar shampla, oibriú beár agus bialann sna casaíní), i gcás ar bith, faoi réir monaplacht dhlíthiúil fhéideartha agus feidhmíodh iad in iomaíocht le cuideachtaí eile.

(189) Dá bhrí sin, cinneann an Coimisiún gur dócha go ndéanfadh instealladh caipitil 2015 difear don trádáil laistigh den Aontas agus gur dócha go saobhfaí an iomaíocht nó go mbagrófaí saobhadh ar an iomaíocht leis.

— *Conclúid maidir leis an instealladh caipitil*

(190) Dá bhrí sin, a mhéid a bhaineann leis an instealladh caipitil in WestSpiel, cinneann an Coimisiún ón measúnú roimhe seo go gcomhlíontar na critéir charnacha maidir le státchabhair a bheith ann de réir bhrí Airteagal 107(1) CFAE agus gur státchabhair atá sa bheart.

([80]) Breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 15 Meitheamh 2000, *Alzetta agus Eile v an Coimisiún*, Cásanna Uamtha T-298/97, T-312/97, T-313/97, T-315/97, T-600/97 go 607/97, T-1/98, T-3/98 go T-6/98 agus T-23/98 , ECLI:EU:T:2000:151, míreanna 141 go 147; breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 24 Iúil 2003, *Altmark Trans agus Regierungspräsidium Magdeburg*, Cás C-280/00, ECLI:EU:C:2003:415.

([81]) Breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 14 Eanáir 2015, *Eventech*, Cás C-518/13, ECLI:EU:C:2015:9, mír 66; breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 8 Bealtaine 2013, *Libert agus Eile*, Cásanna Uamtha C-197/11 agus C-203/11, ECLI:EU:C:2013:288, mír 77; breithiúnas ón gCúirt Ghinearálta an 4 Aibreán 2001, *Regione autonoma* Friuli-Venezia Giulia v an Coimisiún, Cás T-288/97, ECLI:EU:T:2001:115, mír 41.

6.1.3. *Conclúid maidir le cabhair a bheith ann*

(191) A mhéid a bhaineann leis an gcumhdach caillteanais bhliantúil, cinneann an Coimisiún nach státchabhair atá ann de réir bhrí Airteagal 107(1) CFAE, ós rud é nach ann do chritéir charnacha an Airteagail sin cheana féin ar na cúiseanna a shonraítear i roinn 6.1.1 (ní ann do bhuntáiste, ní ann d'acmhainní stáit agus níl sé inchurtha i leith an Stáit), rud a fhágann go mbeadh sé iomarcach anailís a dhéanamh ar chritéir eile Airteagal 107(1) CFAE.

(192) A mhéid a bhaineann leis an instealladh caipitil líomhnaithe in 2015, cinneann an Coimisiún gur státchabhair atá ann de réir bhrí Airteagal 107(1) CFAE, ós rud é go gcomhlíontar critéir charnacha an Airteagail sin ar na cúiseanna a shonraítear i roinn 6.1.2.

6.2. **Dleathacht na cabhrach**

(193) Is státchabhair atá in instealladh caipitil 2015 de réir bhrí Airteagal 107(1) CFAE agus, ós rud é gur eisíocadh é de shárú ar Airteagal 108(3) CFAE, is státchabhair neamhdhleathach atá ann.

6.3. **Comhoiriúnacht**

(194) Ós rud é gur státchabhair atá in instealladh caipitil 2015, is gá scrúdú a dhéanamh ar cé acu a d'fhéadfaí nó nach bhféadfaí a mheas go bhfuil an beart cabhrach sin comhoiriúnach don mhargadh inmheánach. Féadfar bearta státchabhrach a mheas mar a bheith comhoiriúnach don mhargadh inmheánach ar bhonn na n-eisceachtaí a liostaítear in Airteagail 107(2) agus 107(3) CFAE.

(195) Shonraigh an Ghearmáin dhá bhonn comhoiriúnachta fhéideartha, mar atá (a) Airteagal 107(3), pointe (c) CFAE – cabhair le haghaidh léirscaoileadh an mhargaidh (féach aithris (84)) agus (b) Treoirlínte R&R (féach aithris (85)).

(196) A mhéid a bhaineann le hAirteagal 107(3), pointe (c) CFAE, ní féidir leis an gCoimisiún glacadh leis an réasúnaíocht le cúiteamh le haghaidh léirscaoileadh an mhargaidh a shonraigh an Ghearmáin. Go deimhin, ar an gcéad dul síos, níor léiríodh ar chor ar bith don Choimisiún go raibh an oscailt margaidh (líomhnaithe) ar an gcúis leis an instealladh caipitil. Ar an dara dul síos, cinneann an Coimisiún nár léirscaoileadh an margadh i gcás ar bith – go deimhin, is mar an gcéanna i gcónaí an socrú dlíthiúil faoina bhfuil ceadúnas monaplachta ag aon oibreoir amháin (arbh oibreoir poiblí é roimhe sin ach arb oibreoir príobháideach anois é tar éis cheannach WestSpiel) le haghaidh casaíní ar thaobh amháin agus oibreoirí príobháideacha meaisíní sliotáin ar an taobh eile.

(197) A mhéid a bhaineann leis an gcomhoiriúnacht de bhun na rialacha maidir le státchabhair is infheidhme maidir le cúnamh tarrthála agus athstruchtúrúcháin, d'ainneoin líomhain na Gearmáine go mbeadh WestSpiel ina ghnóthas i gcruachás mar thoradh ar ghnóthú féideartha cabhrach, níor sholáthair an Ghearmáin aon fhaisnéis lena léiríodh gur cháiligh an chuideachta mar ghnóthas i gcruachás tráth deonaithe na mbeart agus gur comhlíonadh ceanglais Threoirlínte R&R. Na hábhair amhrais a chuir an Coimisiún in iúl in aithris 104 den chinneadh tosaigh gur comhlíonadh na ceanglais sin, níor díbríodh iad; go deimhin, ní bhfuair an Coimisiún aon fhaisnéis lenar léiríodh gur deonaíodh an t-instealladh caipitil ar bhonn neamhbhuan, ar bhonn plean athstruchtúrúcháin a formheasadh roimhe sin, agus le ranníocaíocht dhílis leordhóthanach le costais an athstruchtúraithe ó acmhainní dílse thairbhí na cabhrach.

(198) I bhfianaise an mhéid thuas, cinneann an Coimisiún maidir le státchabhair neamhdhleathach a dheonaigh an Ghearmáin i bhfoirm an insteallta caipitil in 2015 nach bhfuil sé comhoiriúnach don mhargadh inmheánach.

7. GNÓTHÚ

(199) I gcomhréir le CFAE agus le cásdlí bunaithe Chúirteanna an Aontais, tá an Coimisiún inniúil chun a chinneadh go ndéanfaidh an Ballstát lena mbaineann cabhair a athrú nó deireadh a chur léi i gcás ina gcinntear nach bhfuil an chabhair sin comhoiriúnach don mhargadh inmheánach ([82]). Dhearbhaigh Cúirteanna an Aontais go comhsheasmhach freisin maidir leis an oibleagáid atá ar Bhallstát deireadh a chur le cabhair a measann an Coimisiún gur cabhair í atá ar neamhréir leis an margadh inmheánach gurb é is aidhm don oibleagáid sin an staid a bhí ann roimhe sin a athbhunú ([83]).

(200) Sa chomhthéacs sin, shuigh Cúirteanna an Aontais go mbaintear amach an cuspóir sin a luaithe a aisíocann an faighteoir na méideanna a deonaíodh trí bhíthin cabhair neamhdhleathach, lena bhforghéilleann sé an buntáiste a bhí aige ar a iomaitheoirí ar an margadh inmheánach, agus a luaithe a athbhunaítear an staid a bhí ann sular íocadh an chabhair ([84]).

(201) I gcomhréir leis an gcásdlí, sonraítear in Airteagal 16(1), an chéad abairt, de Rialachán (AE) 2015/1589 ón gComhairle ([85]) 'i gcás ina ndéanfar cinntí diúltacha i gcásanna a bhaineann le cabhair neamhdhleathach, cinnfidh an Coimisiún go ndéanfaidh an Ballstát lena mbaineann na bearta uile is gá chun an chabhair a ghnóthú ón tairbhí'.

(202) Dá bhrí sin, ós rud é gur cuireadh chun feidhme instealladh caipitil 2015 atá i gceist de shárú ar Airteagal 108(3) CFAE, agus go measfar gur cabhair neamhdhleathach neamh-chomhoiriúnach atá ann, déanfar é a ghnóthú chun an staid a bhí ar an margadh inmheánach sular deonaíodh é a athbhunú.

(203) Comhfhreagraíonn an méid gnóthaithe ainmniúil do mhéid an insteallta caipitil (i.e. EUR 64,8 milliún). Na méideanna a d'aisíoc WestSpiel cheana féin in dhá thráthchuid tar éis dhíscaoileadh an chomhaontaithe comhpháirtíochta díomhaoine an 8 Eanáir 2021 (féach fonóta 36), is é sin (a) an chéad tráthchuid EUR 35 mhilliún (a aisíocadh an 19 Eanáir 2021, féach aithris (90)) agus (b) an dara tráthchuid EUR 11 516 909 (a aisíocadh an 26 Iúil 2021, féach aithris (81)), méid EUR 46 516 909 san iomlán, ní féidir na méideanna sin a cháiliú mar ghnóthú páirteach, contrártha lena n-áitíonn an Ghearmáin (féach aithris (83)). Is amhlaidh atá mar, fiú tríd an méid sin a aisíoc, níor fhorghéill WestSpiel an buntáiste iarbhír a fuair sé ar a iomaitheoirí mar thoradh ar an instealladh caipitil.

(204) Sonraíonn an Ghearmáin nach féidir díscaoileadh na comhpháirtíochta díomhaoine sa chás idir lámha a cháiliú mar ghnóthú agus ní dhéanann sé aon difear don mhéid cabhrach atá le gnóthú, ós rud é nach mbraitheann an méid sin, i bprionsabal, ar imeachtaí a tharlaíonn tar éis dheonú na cabhrach.

(205) Tá an buntáiste ina thoradh ar instealladh caipitil, rud nach dtarlódh faoi ghnáthdhálaí margaidh. Is é an t-instealladh caipitil ina iomláine méid an bhuntáiste. Má thagann sé chun solais ina dhiaidh sin, mar thoradh ar fhorbairtí breise, go raibh an infheistíocht brabúsach sa deireadh, ní modhnaítear leis sin an buntáiste a bheith ann, ná méid an bhuntáiste sin. Mar shampla, i gcás ina ndéanann Ballstát an infheistíocht sin trí scaireanna cuideachta a cheannach (nach gceannódh infheisteoir príobháideach iad) agus ina ndíolann sé na scaireanna sin ina dhiaidh sin (fiú más rud é gur tháinig méadú ar a bpraghas idir an dá linn), ní aisíoc na cabhrach atá sa díol sin. Ar an gcaoi chéanna, ní gnóthú ach an oiread atá i ndáileadh díbhinní. Bheadh an anailís chéanna bailí maidir le haisíoc rannpháirtíochta freisin.

(206) I dtéarmaí eile, na forbairtí breise coincréiteacha a tharlaíonn i ndáil leis an gcothromas nó leis an 'rannpháirtíocht', is feiniméin ar leith iad agus ní dhéanann siad aon difear do ghnóthú na cabhrach a deonaíodh go neamhdhleathach. Dá bhrí sin, cinneann an Coimisiún nár aisbhunaíodh (fiú go páirteach) leis an aisíocaíocht an staid a bhí sa mhargadh inmheánach sular íocadh an chabhair.

([82]) Breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 12 Iúil 1973, *An Coimisiún v an Ghearmáin*, Cás 70/72, ECLI:EU:C:1973:87, mír 13.
([83]) Breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 21 Márta 1990, *An Bheilg v an Coimisiún*, Cás C-142/87, ECLI:EU:C:1990:125, mír 66.
([84]) Breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 17 Meitheamh 1999, *An Bheilg v an Coimisiún*, Cás C-75/97, ECLI:EU:C:1999:311, míreanna 64 agus 65.
([85]) Rialachán (AE) 2015/1589 ón gComhairle an 13 Iúil 2015 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le hAirteagal 108 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a chur i bhfeidhm (IO L 248, 24.9.2015, lch. 9, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2015/1589/oj).

(207) Mar a luaitear in aithris (29), rinneadh WestSpiel a chumasc le WestSpiel GmbH mar thoradh ar atheagrú ghrúpa WestSpiel. Tar éis an díola le Gauselmann Group, athainmníodh WestSpiel agus tá sé ag feidhmiú anois faoi ainm 'Merkur Spielbanken GmbH' (féach aithris (30)). I gcás cumaisc nó cineál eile atheagraithe gnólachta, ní mór comharba dlíthiúil thairbhí bunaidh na cabhrach a shainaithint agus ní mór don Bhallstát an chabhair a ghnóthú ón eintiteas ar marthain ([86]). Is é WestSpiel GmbH comharba dlíthiúil WestSpiel, agus is é 'Merkur Spielbanken GmbH' an t-ainm atá anois air. Tagraíonn an téarma 'WestSpiel' don eintiteas sin a cumascadh agus a díoladh ina dhiaidh sin (féach fonóta 7), ónar gá an chabhair a ghnóthú.

(208) Cumhdófar leis an ngnóthú an tréimhse ama ón dáta a cuireadh an chabhair ar fáil don tairbhí, i.e. ón 15 Nollaig 2015 (féach aithris (130)) go dtí an gnóthú iarbhír. Gearrfar ús ar an méid atá le gnóthú go dtí an gnóthú iarbhír.

8. CLÁSAL SLÁNAÍOCHTA

(209) Tugann an Coimisiún faoi deara go bhfuil sa Chomhaontú um Dhíol agus um Cheannach WestSpiel forálacha arb ionann iad agus clásal slánaíochta in aghaidh éilimh ar ghnóthú státchabhrach a bhfuil teorainn uasta EUR 30 milliún leis (féach pointe (D) den bhrollach, Airteagail 7, 17.2, 19, 24, 28.3 go 28.5 agus 29 den Chomhaontú um Dhíol agus um Cheannach WestSpiel). Meabhraíonn an Coimisiún gur cásdlí socair é go bhféadfaí clásail den sórt sin a cháiliú mar bhearta státchabhrach ar leith *per se,* agus go bhféadfaí feidhmiú clásal den sórt sin a cháiliú mar theacht timpeall ar ghnóthú státchabhrach neamhdhleathaí agus neamh-chomhoiriúnaí. Cuireann an Coimisiún i dtábhacht gurb é tairbhí an chlásail tairbhí na cabhrach freisin.

(210) Dhearbhaigh an Chúirt Bhreithiúnais go comhsheasmhach maidir leis an aidhm ceangal a chur ar an mBallstát lena mbaineann deireadh a chur le cabhair a chinneann an Coimisiún gur cabhair í atá ar neamhréir leis an margadh inmheánach, gurb é atá san aidhm sin an staid a bhí ann roimhe sin a athbhunú. Baintear amach an cuspóir sin tráth a aisíocann an faighteoir an chabhair i gceist, arna méadú le hús mainneachtana i gcás inarb iomchuí. Tríd an gcabhair a aisíoc, forghéilleann faighteoir na cabhrach an buntáiste a bhí aige ar a iomaitheoirí ar an margadh, agus athbhunaítear an staid a bhí ann sular íocadh an chabhair. Dá gceadófaí do Bhallstát cabhair atá coibhéiseach leis an gcabhair neamhdhleathach a dheonú, lena mbeartófaí neodrú thionchar an ghnóthaithe a bhfuil oibleagáid ar na tairbhithe a dhéanamh, ba léir gur bhac a bheadh ann ar éifeachtacht cinntí a dhéanann an Coimisiún ([87]).

(211) Beidh ina thoradh ar an gclásal slánaíochta, má chuirtear i bhfeidhm é, go ndéanfar WestSpiel a chúiteamh as an gcabhair neamhdhleathach agus neamh-chomhoiriúnach a fuair sé. Go sonrach, beidh sé d'oibleagáid ar WestSpiel, de bhua an Chinnidh seo, an chabhair neamh-chomhoiriúnach a aisíoc leis an Stát. Tionscnófar leis an imeacht sin, nuair a dhéanfar cinneadh críochnaitheach den Chinneadh seo, an clásal slánaíochta faoina mbeidh sé d'oibleagáid ar an Stát a íoc le WestSpiel an méid céanna a ghnóthaigh sé agus teorainn uasta EUR 30 milliún leis. Dá gcuirfí chun feidhm an clásal sin, ba theacht timpeall a bheadh ann ar an ngnóthú státchabhrach neamhdhleathaí agus neamh-chomhoiriúnaí mar a chinntear sa Chinneadh seo mar ní bheadh ina thoradh air gnóthú iarbhír i bhfoirm aisbhunú na staide a bhí ar an margadh sular íocadh an chabhair, rud atá contrártha lena chuspóir ([88]).

9. CONCLÚID

(212) Cinneann an Coimisiún go ndearna an Ghearmáin an chabhair a chur chun feidhme go neamhdhleathach de shárú ar Airteagal 108(3) CFAE.

(213) Cinneann an Coimisiún go bhfuil an chabhair ar neamhréir leis an margadh inmheánach agus nach mór an chabhair a ghnóthú ó WestSpiel i dteannta ús gnóthaithe,

([86]) Chuige sin, féach Breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 7 Márta 2018, SNCF Mobilités v an Coimisiún, C-127/16 P, ECLI:EU:C:2018:165.

([87]) Breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 29 Meitheamh 2004, *An Coimisiún v an Chomhairle*, Cás C-110/02, ECLI:EU:C:2004:395, míreanna 42 agus 43 agus an cásdlí a luaitear.

([88]) Breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 11 Nollaig 2012, *An Coimisiún v an Spáinn*, Cás C-610/10, ECLI:EU:C:2012:781, mír 105.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

An beart líomhnaithe a bhaineann le cumhdach caillteanais bhliantúil, a chuir an Ghearmáin chun feidhme, ní cabhair atá ann de réir bhrí Airteagal 107(1) CFAE.

Airteagal 2

An t-instealladh caipitil EUR 64,8 milliún in 2015, a chuir an Ghearmáin in éifeacht go neamhdhleathach, de shárú ar Airteagal 108(3) CFAE, tá sé ar neamhréir leis an margadh inmheánach.

Airteagal 3

(1) Déanfaidh an Ghearmáin an chabhair neamh-chomhoiriúnach dá dtagraítear in Airteagal 2 a ghnóthú ó WestSpiel, a ndearnadh é a chumasc le WestSpiel GmbH agus a dtugtar 'Merkur Spielbanken NRW GmbH' anois air.

(2) Saothrófar ús ar na suimeanna atá le gnóthú ón dáta ar cuireadh ar fáil do WestSpiel iad go dtí a ngnóthú iarbhír.

(3) Áiritheoidh an Ghearmáin nach bhfaighidh WestSpiel aon chúiteamh as na méideanna faoi réir an Chinnidh seo. Go háirithe, ní bhfaighidh WestSpiel, go díreach nó go hindíreach, ón nGearmáin aon mhéid i ngeall ar chur i bhfeidhm an chlásail slánaíochta sa Chomhaontú um Dhíol agus um Cheannach WestSpiel.

(4) Ríomhfar an t-ús ar bhonn iolraithe i gcomhréir le Caibidil V de Rialachán (CE) Uimh. 794/2004 ón gCoimisiún ([89]).

Airteagal 4

(1) Gnóthú na cabhrach dá dtagraítear in Airteagal 2, beidh sé láithreach agus éifeachtach.

(2) Áiritheoidh an Ghearmáin go gcuirfear an Cinneadh seo chun feidhme laistigh de 4 mhí tar éis dháta fógartha an Chinnidh seo.

Airteagal 5

(1) Laistigh de 2 mhí tar éis fógra a fháil faoin gCinneadh seo, déanfaidh an Ghearmáin an fhaisnéis seo a leanas a chur faoi bhráid an Choimisiúin:

(a) an méid iomlán (an phríomhshuim agus an t-ús gnóthaithe) atá le gnóthú ó WestSpiel;

(b) tuairisc mhionsonraithe ar na bearta a rinneadh cheana féin agus orthu siúd atá beartaithe chun an Cinneadh seo a chomhlíonadh;

(c) doiciméid ina léirítear gur ordaíodh do WestSpiel an chabhair dá dtagraítear in Airteagal 2 a aisíoc.

(2) Coinneoidh an Ghearmáin an Coimisiún ar an eolas faoi dhul chun cinn na mbeart náisiúnta arna ndéanamh chun an Cinneadh seo a chur chun feidhme go dtí go dtabharfar chun críche gnóthú na cabhrach dá dtagraítear in Airteagal 2. Cuirfidh an Ghearmáin isteach láithreach, ar iarraidh shimplí ón gCoimisiún, faisnéis maidir leis na bearta a rinneadh cheana féin agus orthu siúd atá beartaithe chun an Cinneadh seo a chomhlíonadh. Soláthróidh sí faisnéis mhionsonraithe freisin maidir leis na méideanna cabhrach agus leis an ús gnóthaithe arna ngnóthú ó WestSpiel cheana féin. Tuairisceoidh an Ghearmáin don Choimisiún freisin maidir le cé acu a cuireadh nó nár cuireadh chun feidhme an clásal slánaíochta dá dtagraítear in aithris (209) agus maidir leis an gcaoi ar cuireadh chun feidhme é.

([89]) Rialachán (CE) Uimh. 794/2004 ón gCoimisiún an 21 Aibreán 2004 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) 2015/1589 ón gComhairle lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le hAirteagal 108 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a chur i bhfeidhm (IO L 140, 30.4.2004, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2004/794/oj).

Airteagal 6

Is chuig Poblacht Chónaidhme na Gearmáine a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 22 Samhain 2024.

Thar ceann an Choimisiúin
Margrethe VESTAGER
Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin